



---

*Uimhir 25 de 2010*

---

## **AN tACHT UM THRÁCHT AR BHÓITHRE 2010**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

### **RIAR NA nALT**

#### **CUID 1**

#### **RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

Alt

1. Gearrtheideal, tosach feidhme, comhlua agus forléiriú.
2. Mínithe.

#### **CUID 2**

#### **CIONTA A BHAINNEANN LE TIOMÁINT LE LINN A BHEITH AR MEISCE**

##### **CAIBIDIL 1**

##### *Ginearálta*

3. Léiriú —*Cuid 2.*

##### **CAIBIDIL 2**

##### *Cionta a bhaineann le tiomáint le linn a bheith ar meisce*

4. Toirmeasc ar dhuine feithicil inneallghluaiste a thiomáint agus é nó í faoi bhrí meiscigh nó má sháraíonn sé nó sí na teorainneacha alcóil.
5. Toirmeasc ar dhuine a bheith i bhfeighil feithicle inneallghluaiste agus é nó í faoi bhrí meiscigh nó má sháraíonn sé nó sí na teorainneacha alcóil.
6. Toirmeasc ar dhuine faoi bhrí meiscigh feithicil ainmhí-tharraingthe nó rothar cos a thiomáint.
7. Cumhacht chun dul isteach.

##### **CAIBIDIL 3**

##### *Tástáil anála agus mallachair ar thaobh an bhóthair*

8. An nós imeachta i ndáil le duine ar a gceanglaítear dul faoi thástáil anála agus nach féidir a cheadúnas tiomána nó a ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird.
9. Oibleagáid réamhshampla anála a chur ar fáil.

10. Tástáil alcóil shainordaitheach.

11. Réamhthástáil mallachair.

CAIBIDIL 4

*An nós imeachta i ndáil le sampla a chur ar fáil i stáisiún de chuid an Gharda Síochána, etc.*

12. Oibleagáid samplaí anála, fola nó fuail a chur ar fáil tar éis gabháil faoi *Chuid 2*.

13. An nós imeachta tar éis sampla anála a chur ar fáil faoi *alt 12*.

14. Oibleagáid sampla fola nó fuail a chur ar fáil le linn a bheith in ospidéal.

15. An nós imeachta maidir le samplaí fola a thógáil agus samplaí fuail a chur ar fáil.

16. Tiománaithe faoi bhrí meiscigh a choinneáil más contúirt iad dóibh féin nó do dhaoine eile.

17. An nós imeachta sa Bhiúró maidir le samplaí.

CAIBIDIL 5

*Nithe a bhaineann le fianaise, etc.*

18. Forálacha maidir le fianaise áirithe in ionchúisimh faoi *alt 4* nó *5*.

19. Ráiteas i scríbhinn ó chomhalta den Gharda Síochána i leith ceanglais faoi *alt 12(1)*.

20. Forálacha maidir le fianaise áirithe in imeachtaí faoi *Chuid 2*.

21. Costais ionchúiseamh faoi *Chuid 2*.

22. Cosaint ar dhiúltú cead a thabhairt sampla fola a thógáil nó 2 shampla anála a chur ar fáil.

23. Urchosc ar chosaint áirithe in aghaidh cúiseamh faoi *alt 4(1)*, *5(1)* nó *6(1)*.

CAIBIDIL 6

*Scrúdú liachta i stáisiún de chuid an Gharda Síochána nó in ospidéal*

24. Scrúdú liachta i stáisiún de chuid an Gharda Síochána nó in ospidéal.

25. Nithe a bhaineann le fianaise.

CAIBIDIL 7

*Feidhmeanna an Bhiúró*

26. Feidhmeanna an Bhiúró.

27. An Stiúrthóir, etc., a chosaint ar imeachtaí dlíthiúla.

28. Feidhmeanna an Stiúrthóra.

CAIBIDIL 8

*Fógra pionóis sheasta — tiomáint faoi thionchar dí*

29. Fógra pionóis sheasta — tiomáint faoi thionchar dí.

CAIBIDIL 9

*Bearta idirthréimhseacha*

30. Ráiteas i scríbhinn ó chomhalta den Gharda Síochána i leith ceanglais faoi alt 13(1) d'Acht 1994.
31. Leasú ar alt 39(2) d'Acht 1994 — cumhacht iontrála.
32. Leasú ar alt 5 d'Acht 2006 — fógra dícháiliúcháin sheasta.

CAIBIDIL 10

*Aisghairm (Cuid 2)*

33. Aisghairm — *Cuid 2*.

CUID 3

CIONTA MUIREAR SEASTA AGUS FÓGRA MUIRIR SHEASTA

34. Cionta muirear seasta.
35. Fógra muirir sheasta — seirbheáil.
36. Fógra muirir sheasta — foirm.
37. Muirear seasta a íoc.
38. Toimhdeana.
39. Rialacháin — faisnéis maidir le tiománaithe feithiclí inneallghluaiste.
40. Cionta i ndáil le fógraí muirir sheasta.
41. Rialacháin — méideanna muirear seasta.
42. Maoir thráichta.
43. Eisfhoinsiú.
44. Muirear seasta a íoc ar thoghairm a sheirbheáil.
45. Cion ag comhlacht corpraithe.
46. Fógra muirir sheasta — maoir thráichta.
47. Léiriú.
48. Beart idirthréimhseach — dualgas cruthúnais i leith tiománaí ainmnithe agus dualgais úinéara chláraithe a chomhall — alt 103(4) den Phríomh-Acht.
49. Aisghairm — *Cuid 3*.

CUID 4

ÉARLAIS I LEITH ÍOCAÍOCHTA

50. Éarlais i leith íocaíochta ó thiománaithe neamhchónaitheacha i leith cionta líomhnaithe áirithe.
51. Ionchúiseamh *in absentia*.
52. Rialacháin (*Cuid 4*).

CUID 5

POINTÍ PIONÓIS

53. Pointí pionóis — pointí a fhorhhuiniú.
54. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann le hAcht 2002 — pointí pionóis.
55. Níl feidhm ag an *Probation of Offenders Act 1907* maidir le cionta pointí pionóis.

CUID 6

CEADÚNAS TIOMÁNA

56. Mínithe — ceadúnas tiomána.
57. Nithe a bhaineann le ceadúnais tiomána Éireannacha agus ceadanna foghlaimora a eisiúint.
58. Toirmeasc ar iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána Éireannach nó ar chead foghlaimora le linn a bheith dícháilithe.
59. Ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird ar éileamh ó chomhalta den Gharda Síochána.
60. Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána ceadúnas a urghabháil in imthosca áirithe.
61. Ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird do chomhalta den Gharda Síochána tar éis cion tráchta bóthair a dhéanamh.
62. Oibleagáid seoladh reatha a thabhairt do chomhalta den Gharda Síochána.
63. Ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird don chúirt.

CUID 7

DÍCHÁILIÚ

64. Dícháiliú chun ceadúnas tiomána a shealbhú.
65. Orduithe dícháiliúcháin iarmhartacha.
66. Foráil idirthréimhseach — orduithe dícháiliúcháin iarmhartacha.

67. Leasú ar alt 29 den Phríomh-Acht — deireadh a chur le dícháiliúchán agus aisghairm.
68. Leasú ar alt 9 d'Acht 2002 — dícháiliú faoin gCoinbhinsiún Eorpach maidir le dícháiliú chun tiomána.

#### CUID 8

##### CIONTA TIOMÁNA ÁIRITHE

69. Tiomáint gan aird, tiomáint neamhaireach agus tiomáint chontúirteach, etc.
70. Aisghairm — *Cuid 8*.

#### CUID 9

##### ILGHNÉITHEACH

71. Mínithe — an Príomh-Acht.
72. Tiomáint nó bheith i bhfeighil feithicle inneallghluaiste atá éagumasaithe go substaintiúil.
73. Deimhniú árachais nó ráthaíochta a thabhairt ar aird.
74. Síniú iarratasóra — ceadúnas tiomána, etc.
75. Deimhniú tástála a thabhairt ar aird nuair a bheidh feithicil inneallghluaiste á ceadúnú faoi alt 1 den Acht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí) 1952.
76. Leasú ar alt 47 den Phríomh-Acht — cion an luasteorainn a shárú.
77. Árachóirí feithicle do sholáthar mionsonraí i dtaobh polasaithe árachais gluaisteán.
78. Síneacha rialaitheacha.
79. Dualgas faisnéis a thabhairt ar éileamh ó chomhalta den Gharda Síochána.
80. Ceart chun ainm agus seoladh, etc., rothaí cos a éileamh.
81. Fianaise i ndáil le tiomáint ar luas agus cionta áirithe eile.
82. Costas ionchúiseamh — cionta tráchta bóthair.
83. Feidhmeanna Choimisinéir an Gharda Síochána.
84. Leasú ar alt 15 d'Acht 1968 — pionóis áirithe a mhéadú.
85. Rialacháin — teagascóirí tiomána a rialú.
86. Luasteorainneacha speisialta.
87. Díolúintí d'fheithiclí éigeandála.
88. Pionós — feithicil inneallghluaiste a sholáthar do mhionaoiseach.

89. Ceadanna ó údaráis áitiúla a chur ar taispeánt.
90. Feithiclí a choinneáil.
91. Aisghairm.
92. Deimhnithe inniúlachta — diosca cánach agus deimhniú tástála a chur ar taispeánt.

---

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse 1956	1956, Uimh. 45
Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956	1956, Uimh. 46
An tAcht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001	2001, Uimh. 28
Acht na gCúirteanna (Uimh. 3) 1986	1986, Uimh. 33
An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) 2008	2008, Uimh. 7
An tAcht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008	2008, Uimh. 15
Acht na gComhphobal Eorpach 1972	1972, Uimh. 27
An tAcht Airgeadais 1976	1976, Uimh. 16
An tAcht Airgeadais 1992	1992, Uimh. 9
An tAcht Airgeadais 1993	1993, Uimh. 13
An tAcht Airgeadais 1994	1994, Uimh. 13
An tAcht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí) 1952	1952, Uimh. 24
An tAcht Seirbhísí Dóiteáin 1981	1981, Uimh. 30
An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997	1997, Uimh. 13
An tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003	2003, Uimh. 9
Acht an Gharda Síochána 2005	2005, Uimh. 20
<i>Licensing Act</i> 1872	1872, c. 94
An tAcht um Údaráis Áitiúla (Maoir Thrácht) 1975	1975, Uimh. 14
An tAcht Rialtais Áitiúil 2001	2001, Uimh. 37
Acht na Lia-Chleachtóirí 2007	2007, Uimh. 25
Acht na nAltraí 1985	1985, Uimh. 18
<i>Offences against the Person Act</i> 1861	1861, c. 100
<i>Petty Sessions (Ireland) Act</i> 1851	1851, c. 93
<i>Probation of Offenders Act</i> 1907	1907, c. 17
An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005	2005, Uimh. 31
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1961	1961, Uimh. 24
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1968	1968, Uimh. 25
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1994	1994, Uimh. 7
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1995	1995, Uimh. 7
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2002	2002, Uimh. 12
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2003	2003, Uimh. 37
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2004	2004, Uimh. 44
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2006	2006, Uimh. 23
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre agus Iompar 2006	2006, Uimh. 28
An tAcht um Iompar ar Bhóithre 1933	1933, Uimh. 8
An tAcht um Iompar ar Bhóithre 1986	1986, Uimh. 16
<i>Roads Act</i> 1920	1920, c. 72
Acht na mBóithre 2007	2007, Uimh. 34

[2010.] *An tAcht um Thrácht ar Bhóithre* [Uimh. 25.]  
2010.

An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005

2005, Uimh. 26

An tAcht um Rialáil Tacsaithe 2003

2003, Uimh. 25







---

*Uimhir 25 de 2010*

---

## **AN tAcht UM THRÁCHT AR BHÓITHRE 2010**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

ACHT DO LEASÚ AGUS DO LEATHNÚ NA nACHTANNA  
UM THRÁCHT AR BHÓITHRE 1961 GO 2007.

[20 Iúil, 2010]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

### CUID 1

#### RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2010 a ghairm den Acht seo.

Gearrtheideal,  
tosach feidhme,  
comhlua agus  
forléiriú.

(2) Tagann an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a shocrófar chuige sin, le hordú nó le horduithe ón Aire faoin alt seo, i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a shocrú amhlaidh chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla.

(3) Féadfar na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010 a ghairm de na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2007 agus den Acht seo agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.

2.—San Acht seo—

Mínithe.

ciallaíonn “Acht 1968” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1968;

ciallaíonn “Acht 1975” an tAcht um Údaráis Áitiúla (Maoir Thráchta) 1975;

ciallaíonn “Acht 1994” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1994;

ciallaíonn “Acht 2002” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2002;

ciallaíonn “Acht 2004” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2004;

ciallaíonn “Acht 2006” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2006;

ciallaíonn “Aire” an tAire Iompair;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire;

ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1961.

CUID 2

CIONTA A BHAINNEANN LE TIOMÁINT LE LINN A BHEITH AR MEISCE

CAIBIDIL 1

*Ginearálta*

Léiriú —Cuid 2.

3.—(1) Sa Chuid seo—

folaíonn “anailís” aon oibríocht a úsáidtear chun an cion alcóil i sampla anála, fola nó fuail a chinneadh, agus aon oibríocht a úsáidtear chun a chinneadh an bhfuil (nó nach bhfuil) drugaí nó drugaí i sampla fola nó fuail, agus forléireofar focail ghaolmhara dá réir sin;

tá le “Biúró” an bhrí a shanntar dó le halt 37(1) d’Acht 1968;

ciallaíonn “earnáil”, i ndáil le feithicil dá dtagraítear sa mhíniú ar “duine sonraithe”, earnáil feithicle dá dtagraítear i Rialachán 6 de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Tiománaithe a Cheadúnú) 2006 (I.R. Uimh. 537 de 2006);

ciallaíonn “ainmnithe” ainmnithe ag comhalta den Gharda Síochána;

ciallaíonn “dochtúir” duine atá cláraithe i gClár Ginearálta na Lia-Chleachtóirí a bunaíodh faoi alt 43(1) d’Acht na Lia-Chleachtóirí 2007;

ciallaíonn “céadcheadúnas tiomána” ceadúnas tiomána arna eisiúint ag údarás ceadúnúcháin chuig duine nár shealbhaigh ceadúnas tiomána roimhe sin;

ciallaíonn “rialacháin a bhaineann le tástálacha mallachair” rialacháin arna ndéanamh faoi *alt 11(3)*;

ciallaíonn “tástálacha mallachair” tástálacha atá forordaithe faoi rialacháin a bhaineann le tástálacha mallachair;

folaíonn “meisceach” alcól agus drugaí agus aon teaghlaim de dhrugaí nó de dhrugaí agus d’alcól;

ciallaíonn “altra” duine atá cláraithe i gclár na n-altraí a bunaíodh faoi alt 27 d’Acht na nAltraí 1985;

ciallaíonn “duine sonraithe” duine arb amhlaidh maidir leis nó léi, tráth ciona líomhnaithe faoi *alt 4* nó *5*—

- (a) gur sealbhóir ar chead foghlaiméora é nó í,
- (b) go sealbhaíonn sé nó sí a chéadcheadúnas tiomána nó a céadcheadúnas tiomána ar feadh tréimhse nach faide ná 2 bhliain ó dháta a eisiúna,
- (c) gur sealbhóir é nó í ar cheadúnas tiomána lena gceadúnaítear don sealbhóir feithicil atá in earnáil C, C1, D, D1, EB, EC, EC1, ED, ED1 agus W a thiomáint le linn dó nó di feithicil den sórt sin a thiomáint, iarracht a

thabhairt ar fheithicil den sórt sin a thiomáint nó a bheith i bhfeighil feithicle den sórt sin,

- (d) gur sealbhóir é nó í ar cheadúnas chun beagfheithicil seirbhíse poiblí a thiomáint a deonaíodh faoi alt 34 den Acht um Rialáil Tacsaithe 2003 nó faoi alt 82 den Phríomh-Acht, nó gur duine é nó í a airbheartaíonn gur sealbhóir den sórt sin é nó í, le linn dó nó di feithicil den sórt sin a thiomáint, iarracht a thabhairt ar fheithicil den sórt sin a thiomáint nó a bheith i bhfeighil feithicle den sórt sin nuair atá an fheithicil in úsáid i gcúrsa gnó,
- (e) nach sealbhaíonn sé nó sí, tráth an chiona líomhnaithe nó aon tráth laistigh den tréimhse 5 bliana roimh an gcion líomhnaithe a dhéanamh, ceadúnas tiomána a bhfuil éifeacht leis de thuras na huairé agus lena gceadúnaítear de thuras na huairé don duine feithicil den earnáil lena mbaineann a thiomáint, nó
- (f) go meastar faoi *alt 8* gur duine sonraithe é nó í.

(2) I gcás ina sealbhaíonn duine ceadúnas tiomána dá dtagraítear i *mír (c)* nó *(d)* den mhíniú ar “duine sonraithe” i *bhfo-alt (1)* toimhdítear, go dtí go suitear a mhalairt, go raibh an duine, tráth an chiona líomhnaithe, ag tiomáint feithicle den earnáil lena mbaineann nó ag tiomáint beagfheithicil seirbhíse poiblí a bhí in úsáid i gcúrsa gnó.

## CAIBIDIL 2

### *Cionta a bhaineann le tiomáint le linn a bheith ar meisce*

4.—(1) Ní dhéanfaidh duine feithicil inneallghluaiste a thiomáint, ná ní thabharfaidh sé nó sí iarracht ar fheithicil inneallghluaiste a thiomáint, in áit phoiblí agus é nó í an oiread sin faoi bhrí meiscigh nach féidir leis nó léi an fheithicil a rialú i gceart.

Toirmeasc ar dhuine feithicil inneallghluaiste a thiomáint agus é nó í faoi bhrí meiscigh nó má sháraíonn sé nó sí na teorainneacha alcóil.

(2) Ní dhéanfaidh duine feithicil inneallghluaiste a thiomáint, ná ní thabharfaidh sé nó sí iarracht ar fheithicil inneallghluaiste a thiomáint, in áit phoiblí fad atá ina cholainn nó ina colainn an oiread sin alcóil gur mó, laistigh de 3 huairé an chloig tar éis dó nó di tiomáint amhlaidh, nó iarracht a thabhairt amhlaidh ar thiomáint, an cion alcóil ina chuid fola nó ina cuid fola ná—

- (a) 50 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fola, nó
- (b) 20 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fola, i gcás gur duine sonraithe an duine.

(3) Ní dhéanfaidh duine feithicil inneallghluaiste a thiomáint, ná ní thabharfaidh sé nó sí iarracht ar fheithicil inneallghluaiste a thiomáint, in áit phoiblí fad atá ina cholainn nó ina colainn an oiread sin alcóil gur mó, laistigh de 3 huairé an chloig tar éis dó nó di tiomáint amhlaidh, nó iarracht a thabhairt amhlaidh ar thiomáint, an cion alcóil ina chuid fuail nó ina cuid fuail ná—

- (a) 67 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fuail, nó
- (b) 27 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fuail, i gcás gur duine sonraithe an duine.

(4) Ní dhéanfaidh duine feithicil inneallghluaiste a thiomáint, ná ní thabharfaidh sé nó sí iarracht ar fheithicil inneallghluaiste a thiomáint, in áit phoiblí fad atá ina cholainn nó ina colainn an oiread sin alcóil gur mó, laistigh de 3 huairé an chloig tar éis dó nó di tiomáint amhlaidh, nó iarracht a thabhairt amhlaidh ar thiomáint, an cion alcóil ina chuid anála nó ina cuid anála ná—

- (a) 22 mhicreagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear anála, nó
- (b) 9 micreagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear anála, i gcás gur duine sonraithe an duine.

(5) Aon duine a sháraíonn an t-alt seo, déanann sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(6) Aon duine a chúisítear i gcion faoin alt seo féadfar, in ionad é nó í a fháil ciontach sa chion sin, é nó í a fháil ciontach i gcion faoi alt 5.

(7) Níl feidhm ag alt 1(1) den *Probation of Offenders Act* 1907 maidir le cion faoin alt seo.

(8) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas arb é tuairim an chomhalta ina leith go bhfuil cion faoin alt seo á dhéanamh nó déanta aige nó aici.

Toirmeasc ar dhuine a bheith i bhfeighil feithicle inneallghluaiste agus é nó í faoi bhrí meiscigh nó má sháraíonn sé nó sí na teorainneacha alcóil.

5.—(1) Déanann duine cion más rud é, le linn dó nó di a bheith i bhfeighil feithicle inneallghluaiste in áit phoiblí le hintinn an fheithicil a thiomáint nó iarracht a thabhairt ar í a thiomáint (ach gan an fheithicil a thiomáint ná iarracht a thabhairt ar í a thiomáint), go bhfuil sé nó sí an oiread sin faoi bhrí meiscigh nach féidir leis nó léi an fheithicil a rialú i gceart.

(2) Déanann duine cion más rud é, le linn dó nó di a bheith i bhfeighil feithicle inneallghluaiste in áit phoiblí le hintinn an fheithicil a thiomáint nó iarracht a thabhairt ar í a thiomáint (ach gan an fheithicil a thiomáint ná iarracht a thabhairt ar í a thiomáint), go bhfuil ina cholainn nó ina colainn an oiread sin alcóil gur mó, laistigh de 3 huairé an chloig tar éis dó nó di bheith i bhfeighil na feithicle amhlaidh, an cion alcóil ina chuid fola nó ina cuid fola ná—

- (a) 50 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fola, nó
- (b) 20 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fola, i gcás gur duine sonraithe an duine.

(3) Déanann duine cion más rud é, le linn dó nó di a bheith i bhfeighil feithicle inneallghluaiste in áit phoiblí le hintinn an fheithicil a thiomáint nó iarracht a thabhairt ar í a thiomáint (ach gan an fheithicil a thiomáint ná iarracht a thabhairt ar í a thiomáint), go bhfuil ina cholainn nó ina colainn an oiread sin alcóil gur mó, laistigh de 3 huairé an chloig tar éis dó nó di bheith i bhfeighil na feithicle amhlaidh, an cion alcóil ina chuid fuail nó ina cuid fuail ná—

- (a) 67 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fuail, nó
- (b) 27 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fuail, i gcás gur duine sonraithe an duine.

(4) Déanann duine cion más rud é, le linn dó nó di a bheith i bhfeighil feithicle inneallghluaiste in áit phoiblí le hintinn an fheithicil a thiomáint nó iarracht a thabhairt ar í a thiomáint (ach gan an fheithicil a thiomáint ná iarracht a thabhairt ar í a thiomáint), go bhfuil ina cholainn nó ina colainn an oiread sin alcóil gur mó, laistigh de 3 huairé an chloig tar éis dó nó di bheith i bhfeighil na feithicle amhlaidh, an cion alcóil ina chuid anála nó ina cuid anála ná—

(a) 22 mhicreagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear anála, nó

(b) 9 micreagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear anála, i gcás gur duine sonraithe an duine.

(5) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(6) Aon duine a chúisítear i gcion faoin alt seo féadfar, in ionad é nó í a fháil ciontach sa chion sin, é nó í a fháil ciontach i gcion faoi alt 4.

(7) Níl feidhm ag alt 1(1) den *Probation of Offenders Act* 1907 maidir le cion faoin alt seo.

(8) In ionchúiseamh i leith ciona faoin alt seo toimhdeofar go raibh ar intinn ag an gcosantóir an fheithicil lena mbaineann a thiomáint nó iarracht a thabhairt ar í a thiomáint go dtí go suífidh sé nó sí a mhalairt.

(9) Aon duine a ndlífear é nó í a chúiseamh i gcion faoin alt seo ní dhlífear, faoi threoir an teagmhais chéanna, é nó í a chúiseamh faoi alt 12 den *Licensing Act* 1872 sa chion arb éard é a bheith ar meisce agus é nó í i bhfeighil carráiste ar bhóthar mór nó in áit phoiblí eile.

(10) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas arb é tuairim an chomhalta ina leith go bhfuil cion faoin alt seo á dhéanamh nó déanta aige nó aici.

6.—(1) Ní dhéanfaidh duine, in áit phoiblí—

(a) feithicil ainmhí-tharraingthe a thiomáint, ná iarracht a thabhairt ar í a thiomáint, ná ní bheidh sé nó sí i bhfeighil feithicle ainmhí-tharraingthe, nó

(b) rothar cos a thiomáint ná iarracht a thabhairt ar é a thiomáint,

Toirmeasc ar dhuine faoi bhrí meiscigh feithicil ainmhí-tharraingthe nó rothar cos a thiomáint.

agus é nó í an oiread sin faoi bhrí meiscigh nach féidir leis nó léi an fheithicil nó an rothar a rialú i gceart.

(2) Aon duine a sháraíonn *fo-alt* (1), déanann sé nó sí cion agus—

(a) má bhaineann an cion le feithicil ainmhí-tharraingthe dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair—

(i) i gcás gurb é an chéad chion é, fineáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 1 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus

(ii) i gcás gurb é an dara cion é nó gur aon chion dá éis sin é, fineáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi,

nó

(b) má bhaineann an cion le rothar cos dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €2,000 a chur air nó uirthi.

(3) Aon duine a ndlífeair é nó í a chúiseamh i gcion faoin alt seo ní dhlífeair, faoi threoir an teagmhais chéanna, é nó í a chúiseamh faoi alt 12 den *Licensing Act* 1872 sa chion arb éard é a bheith ar meisce agus é nó í i bhfeighil carráiste ar bhóthar mór nó in áit phoiblí eile.

(4) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas arb é tuairim an chomhalta ina leith go bhfuil cion faoin alt seo á dhéanamh nó déanta aige nó aici.

Cumhacht chun dul isteach.

#### 7.—Maidir le comhalta den Gharda Síochána—

(a) chun ceangal a chur ar dhuine faoi *alt 9(1)* nó *10(4)*, nó

(b) chun duine a ghabháil faoi *alt 4(8)*, *5(10)* nó *6(4)*,

féadfaidh sé nó sí dul isteach gan bharántas (trí fhorneart réasúnach a úsáid más gá) in aon áit (lena n-áirítear cúirtealáiste teaghaise ach gan an teaghais a áireamh) ina bhfuil an duine nó a bhfuil amhras ar an gcomhalta, agus cúis réasúnach aige nó aici, go bhfuil an duine ann.

### CAIBIDIL 3

#### *Tástáil anála agus mallachair ar thaobh an bhóthair*

An nós imeachta i ndáil le duine ar a gceanglaítear dul faoi thástáil anála agus nach féidir a cheadúnas tiomána nó a ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird.

8.—(1) I gcás go gceanglaíonn comhalta den Gharda Síochána faoi *alt 9* nó *10* ar dhuine atá i bhfeighil feithicle inneallghluaiste sampla dá chuid anála nó dá cuid anála a chur ar fáil agus nach féidir leis an duine ceadúnas tiomána a shealbhaíonn an duine a thabhairt ar aird agus a thíolacadh don chomhalta, ar éileamh ón gcomhalta faoi alt 40 den Phríomh-Acht, measfar gur duine sonraithe an duine chun críocha *alt 4* nó *5*, de réir mar a bheidh, más rud é, maidir le gaireas a thaispeánann an bhfuil alcól san anáil, go dtaispeánann sé go bhfuil níos mó ná 9 micream gram alcóil in aghaidh an 100 millilítear anála i gcolainn an duine.

(2) Déileálfar le duine dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* dá réir sin faoin gCuid seo, go dtí cibé tráth a dhéanfaidh an duine, laistigh de 10 lá ón gceanglas, ceadúnas tiomána a shealbhaíonn an duine a thabhairt ar aird agus a thíolacadh don chomhalta nó do chomhalta eile den Gharda Síochána, i stáisiún de chuid an Gharda Síochána a bheidh ainmnithe ag an duine, nó is féidir leis nó léi, laistigh den tréimhse sin, fianaise go sealbhaíonn sé nó sí ceadúnas a thabhairt ar aird agus a thíolacadh.

(3) Más rud é, ar scór ceanglais ó chomhalta den Gharda Síochána faoi fhoráil dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* sampla dá chuid anála nó dá cuid anála a chur ar fáil, go gceanglaítear ar dhuine faoi alt 40 den

Phríomh-Acht ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora, nó fianaise go sealbhaíonn sé nó sí an céanna, a thabhairt ar aird de réir *fho-alt* (2) agus go mainníonn an duine é nó í a thabhairt ar aird nó go dtugann sé nó sí ar aird é nó í ach go mainníonn sé nó sí a cheadú don chomhalta dá dtugtar é nó í ar aird é nó í a léamh agus go gcúisítear an duine i gcion a dhéanamh faoi alt 40 den Phríomh-Acht, níl feidhm ag alt 1(1) den *Probation of Offenders Act 1907* maidir leis an gcion.

(4) Más rud é go dtrialtear duine i leith cion a dhéanamh faoi *alt* 4 nó 5 toisc gur sháraigh sé nó sí, mar dhuine sonraithe, cion alcóil dá dtagraítear san alt lena mbaineann agus is infheidhme maidir le duine sonraithe agus go suítear don chúirt nár dhuine sonraithe an duine tráth an chiona líomhnaithe—

- (a) i gcás go ndearna an duine a cheadúnas tiomána nó a ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird agus a thíolacadh do chomhalta den Gharda Síochána faoi alt 40 den Phríomh-Acht ar éileamh ón gcomhalta faoin alt sin tráth an chiona líomhnaithe nó go ndearna an duine an ceadúnas, nó fianaise go sealbhaíonn sé nó sí an céanna, a thabhairt ar aird de réir *fho-alt* (2) nó nach raibh an fheithicil lena mbaineann ina feithicil dá dtagraítear i *mír* (c) nó (d) den mhíniú ar “duine sonraithe” in *alt* 3(1) agus gur sháraigh sé nó sí an cion alcóil comhréireach is airde dá dtagraítear san alt lena mbaineann agus is infheidhme maidir le duine nach duine sonraithe, déanfaidh an chúirt an duine a thriail dá réir sin i ndáil leis an dara cion alcóil sin a luaitear a shárú agus déanfaidh sí leasú ar an toghairm i ndáil leis an gcúiseamh, nó
- (b) i gcás nach ndearna an duine a cheadúnas tiomána nó a ceadúnas tiomána, nó fianaise go sealbhaíonn sé nó sí an céanna, a thabhairt ar aird agus a thíolacadh amhlaidh, déanfaidh an chúirt an duine a thriail dá réir sin mar dhuine sonraithe i ndáil leis an gcion alcóil a shonraítear sa toghairm a shárú.

(5) San alt seo, ciallaíonn “ceadúnas tiomána” ceadúnas tiomána (seachas ceadúnas tiomána dá dtagraítear i *mír* (c) nó (d) den mhíniú ar “duine sonraithe” in *alt* 3(1)) a bhfuil éifeacht leis agus lena gceadúnaítear don duine an fheithicil a úsáideadh ar an ócáid atá i gceist a thiomáint.

9.—(1) Más rud é, maidir le comhalta den Gharda Síochána—

Oibleagáid réamhshampla anála a chur ar fáil.

- (a) go bhfuil sé nó sí den tuairim, maidir le duine atá i bhfeighil feithicle in áit phoiblí—
  - (i) gur ól sé nó sí deoch mheisciúil, ceanglóidh an comhalta, nó
  - (ii) (I) go bhfuil nó go raibh baint aige nó aici le hiombhualadh, leis an bhfeithicil, nó
  - (II) go bhfuil cion faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010* á dhéanamh nó déanta aige nó aici,

féadfaidh an comhalta a cheangal,

nó

- (b) go bhfreastalaíonn sé nó sí ar láthair teagmhais a tharla in áit phoiblí agus inar cosúil nó ina n-éilítear go ndearnadh díobháil do dhuine de chineál gur gá cúnamh liachta a thabhairt don duine ag láthair an teagmhais nó gur gá an duine a thabhairt chuig ospidéal chun cúnamh liachta a thabhairt dó nó di agus go raibh baint ag feithicil leis an teagmhas, ceanglóidh an comhalta, faoi réir *fho-alt (2)*,

ar an duine atá i bhfeighil na feithicle—

- (i) sampla dá chuid anála nó dá cuid anála a chur ar fáil, ar an modh a chuireann an comhalta in iúl, trí easanálú isteach i ngaireas chun alcól san anáil a thaispeáint,
- (ii) dul in éineacht leis nó léi chuig áit (lena n-áirítear feithicil) atá gar do láthair an iombhuailte agus sampla dá chuid anála nó dá cuid anála a chur ar fáil san áit sin, ar an modh a chuireann an comhalta in iúl, trí easanálú isteach i ngaireas den sórt sin, nó
- (iii) i gcás nach bhfuil gaireas den sórt sin ag an gcomhalta, fanacht san áit sin ina láthair nó i láthair comhalta eile den Gharda Síochána go dtí go mbeidh gaireas den sórt sin ar fáil aige nó aici (ar feadh tréimhse nach faide ná aon uair an chloig amháin) agus sampla dá chuid anála nó dá cuid anála a chur ar fáil san áit sin, ar an modh a chuireann an comhalta in iúl, trí easanálú isteach sa ghaireas.

(2) Ní dhéanfaidh comhalta den Gharda Síochána ceanglas a chur ar dhuine faoi *fho-alt (1)(b)* más rud é, i dtuairim an chomhalta nó ar chomhairle dochtúra nó pearsanra liachta eile atá ag freastal ar láthair an teagmhais, go rachadh an ceanglas sin chun dochair do shláinte an duine mar gheall ar an mbaint a bhí ag an duine leis an teagmhas.

(3) Aon duine a dhiúltaíonn nó a mhainníonn ceanglas faoin alt seo a chomhlíonadh láithreach, déanann sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas arb é tuairim an chomhalta ina leith go bhfuil cion faoin alt seo á dhéanamh nó déanta aige nó aici.

(5) In ionchúiseamh i leith ciona faoi *alt 4, 5* nó *6* toimhdeofar, go dtí go suítear a mhalairt, gur gaireas chun alcól san anáil a thaispeáint é gaireas a chuir comhalta den Gharda Síochána ar fáil chun a chumasú do dhuine sampla anála a chur ar fáil faoin alt seo.

(6) Níl feidhm ag alt 1(1) den *Probation of Offenders Act 1907* maidir le cion faoin alt seo.

Tástáil alcóil  
shainordaitheach.

**10.—(1)** San alt seo—

ciallaíonn “údarú” údarú faoi *fho-alt (2)* chun seicphointe a bhunú;

ciallaíonn “seicphointe” seicphointe arna bhunú faoi údarú.



(2) Chun críocha *alt 4*, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, nach ísle céim ná cigire, a údarú seicphointe nó seicphointí a bhunú in áit phoiblí nó in áiteanna poiblí ag a bhféadfaidh comhaltaí den Gharda Síochána na cumhachtaí faoi *fho-alt (4)* a fheidhmiú.

(3) Is i scríbhinn a bheidh údarú agus sonrú ann na nithe seo a leanas—

(a) an dáta a bheidh, agus an áit phoiblí ina mbeidh, an seicphointe le bunú, agus

(b) na huaireanta a bhféadfar é a oibriú aon tráth lena linn.

(4) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, atá ar dualgas ag seicphointe, aon fheithicil a stopadh ag an seicphointe agus, gan dochar d'aon chumhachtaí eile (lena n-áirítear na cumhachtaí faoi *alt 9*) a thugtar dó nó di le reacht nó faoin dlí coiteann, a cheangal ar dhuine atá i bhfeighil na feithicle—

(a) na nithe seo a leanas a dhéanamh—

(i) sampla dá chuid anála nó dá cuid anála a chur ar fáil (trí easanálú isteach i ngaireas chun alcól san anáil a thaispeáint), nó

(ii) dul in éineacht leis nó léi nó le comhalta eile den Gharda Síochána go dtí áit (lena n-áirítear feithicil) ag an seicphointe nó i gcomharsanacht an tseicphointe agus sampla dá chuid anála nó dá cuid anála a chur ar fáil san áit sin trí easanálú isteach i ngaireas den sórt sin,

nó

(b) na nithe seo a leanas a dhéanamh—

(i) an fheithicil a fhágáil san áit inar stopadh í, nó

(ii) í a bhogadh go dtí áit i gcomharsanacht an tseicphointe, agus

í a choinneáil nó a fhágáil san áit sin go dtí go gcomhlíonann an duine ceanglas a cuireadh air nó uirthi faoi *mhír (a)*.

(5) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, d'fhonn ceanglas a chur ar dhuine faoi *fho-alt (4)*, an modh ar a bhfuil an ceanglas le comhlíonadh ag an duine a chur in iúl.

(6) Maidir le duine—

(a) a dhiúltaíonn nó a mhainníonn ceanglas faoi *fho-alt (4)(a)* nó *(b)(i)* a chomhlíonadh láithreach nó ceanglas den sórt sin a chomhlíonadh láithreach ar mhodh a chuireann comhalta den Gharda Síochána in iúl faoi *fho-alt (5)*, nó

(b) a dhiúltaíonn nó a mhainníonn, gan leithscéal réasúnach, ceanglas faoi *fho-alt (4)(b)(ii)* a chomhlíonadh láithreach nó ceanglas den sórt sin a chomhlíonadh láithreach ar mhodh a chuireann comhalta den Gharda Síochána in iúl faoi *fho-alt (5)*,

déanann sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(7) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas arb é tuairim an chomhalta ina leith go bhfuil cion faoin alt seo á dhéanamh nó déanta aige nó aici.

(8) In ionchúiseamh i leith ciona faoi *alt 4* toimhdeofar, go dtí go suítear a mhalairt, gur gaireas chun alcól san anáil a thaispeáint é gaireas a chuir comhalta den Gharda Síochána ar fáil chun a chumasú do dhuine sampla anála a chur ar fáil faoin alt seo.

(9) Beidh údarú, nó cóip a deir ina taobh féin gurb é atá inti an t-údarú sin, ina fhianaise leordhóthanach, go dtí go suítear a mhalairt, in aon imeachtaí faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010*, ar na fóraís a luaitear ann, gan cruthúnas ar aon síniú atá air ná gur duine é nó í an sínitheoir a raibh teideal aige nó aici faoi *fho-alt (2)* é a shíniú.

Réamhthástáil  
mallachair.

**11.—(1)** Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, d'fhonn teacht ar an tuairim go bhfuil duine atá i bhfeighil feithicle in áit phoiblí an oiread sin faoi bhrí meiscigh nach féidir leis nó léi an fheithicil a rialú i gceart, má mheasann sé nó sí gur chabhair dó nó di é chun teacht ar an tuairim sin, a cheangal ar an duine cibé tástálacha mallachair a dhéanamh i láthair an chomhalta nó i láthair comhalta eile, ar an modh a chuireann an comhalta nó an comhalta eile a bhfuil an tástáil le déanamh ina láthair in iúl, de réir rialachán a bhaineann le tástáil mallachair.

(2) Le linn teacht ar thuairim faoi *fho-alt (1)*, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, i gcás ina ndéantar tástáil faoi *fho-alt (1)* i láthair comhalta eile, aon chomhairle nó tuairim a thugann an comhalta eile dó nó di a chur i gcuntas.

(3) Chun críocha *fho-alt (1)*, féadfaidh an tAire foirm tástálacha a fhorordú agus modh agus cineál na dtástálacha a chur in iúl.

(4) Aon duine a mhainníonn, gan leithscéal réasúnach, ceanglas faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, déanann sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas arb é tuairim an chomhalta ina leith go bhfuil cion faoin alt seo á dhéanamh nó déanta aige nó aici.

(6) Níl feidhm ag alt 1(1) den *Probation of Offenders Act 1907* maidir le cion faoin alt seo.

#### CAIBIDIL 4

*An nós imeachta i ndáil le sampla a chur ar fáil i stáisiún de chuid an Gharda Síochána, etc.*

Oibleagáid samplaí anála, fola nó fuail a chur ar fáil tar éis gabháil faoi *Chuid 2*.

**12.—(1)** I gcás ina ndéantar duine a ghabháil faoi *alt 4(8), 5(10), 6(4), 9(4), 10(7)* nó *11(5)* den Acht seo nó faoi *alt 52(3), 53(5), 106(3A)* nó *112(6)* den Phríomh-Acht, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, i stáisiún de chuid an Gharda Síochána, ceachtar de na nithe seo a leanas nó iad araon a dhéanamh—

(a) a cheangal ar an duine 2 shampla dá chuid anála nó dá cuid anála a chur ar fáil trí easanálú isteach i ngaireas

chun an cion alcóil san anáil a chinneadh agus féadfaidh an comhalta an modh ar a bhfuil an ceanglas le comhlíonadh aige nó aici a chur in iúl,

(b) a cheangal ar an duine—

- (i) a cheadú do dhochtúir ainmnithe nó d'altra ainmnithe sampla dá chuid fola nó dá cuid fola a thógáil ón duine, nó
- (ii) de rogha an duine, sampla dá chuid fuail nó dá cuid fuail a chur ar fáil don dochtúir ainmnithe nó don altra ainmnithe,

agus má dhéanann an dochtúir nó an altra ráiteas i scríbhinn—

- (I) nach bhfuil sé nó sí toilteanach, ar fhorais liachta, an sampla lenar bhain an ceanglas i gceachtar de na fomhíreanna sin roimhe seo a thógáil ón duine nó go gcuirfidh an duine ar fáil dó nó di é, nó
- (II) nach féidir leis an duine nó nach dóigh gur féidir leis an duine an ceanglas a chomhlíonadh laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear in *alt 4* nó *5*, de réir mar a bheidh,

féadfaidh an comhalta ceanglas a chur ar an duine faoin mír seo i ndáil leis an sampla seachas an ceann lenar bhain an ceanglas céadluaite.

(2) Faoi réir *alt 22*, aon duine a dhiúltaíonn nó a mhainníonn ceanglas faoi *fho-alt (1)(a)* a chomhlíonadh láithreach, déanann sé nó sí cion.

(3) Faoi réir *alt 22*, aon duine ar cuireadh ceanglas air nó uirthi faoi *fho-alt (1)(b)* agus—

- (a) a dhiúltaíonn nó a mhainníonn an ceanglas a chomhlíonadh, nó
- (b) a dhiúltaíonn nó a mhainníonn ceanglas ó dhochtúir ainmnithe nó ó altra ainmnithe a chomhlíonadh i ndáil le sampla fola a thógáil faoin bhfo-alt sin nó sampla fuail a chur ar fáil faoin bhfo-alt sin,

déanann sé nó sí cion.

(4) Aon duine a dhéanann cion faoin alt seo dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) In ionchúiseamh i leith ciona faoin gCuid seo toimhdeofar, go dtí go suífeair a mhalairt, gur gaireas chun an cion alcóil san anáil a chinneadh é gaireas a chuir comhalta den Gharda Síochána ar fáil d'fhonn a chumasú do dhuine 2 shampla anála a chur ar fáil faoin alt seo.

(6) Níl feidhm ag alt 1(1) den *Probation of Offenders Act 1907* maidir le cion faoin alt seo.

Nós imeachta tar éis sampla anála a chur ar fáil faoi *alt 12*.

**13.**—(1) Más rud é, de dhroim ceanglas faoi *alt 12(1)(a)* a chur air nó uirthi, go ndéanann duine 2 shampla dá chuid anála nó dá cuid anála a chur ar fáil agus go gcinntear leis an ngaireas dá dtagraítear san alt sin an cion alcóil i ngach sampla acu—

- (a) i gcás ina gcinntear leis an ngaireas go bhfuil an cion céanna alcóil i ngach sampla díobh, déanfar ceachtar sampla, agus
- (b) i gcás ina gcinntear leis an ngaireas go bhfuil cion éagsúil alcóil i ngach sampla díobh, déanfar an sampla ina bhfuil an cion alcóil is ísle,

a chur i gcuntas chun críocha *ailt 4(4)* agus *5(4)* agus déanfar neamhshuim den sampla eile.

(2) I gcás ina gcinntear leis an ngaireas dá dtagraítear in *alt 12(1)*, maidir leis an sampla anála atá le cur i gcuntas mar a dúradh, go bhféadfadh sé gur sháraigh an duine *alt 4(4)* nó *alt 5(4)*, tabharfaidh comhalta den Gharda Síochána 2 ráiteas chomhionanna dó nó di láithreach, ar ráitis iad arna dtáirgeadh go huathoibríoch leis an ngaireas sin san fhoirm fhorordaithe agus iad comhlánaithe go cuí ag an gcomhalta ar an modh forordaithe agus ina luafar an cion alcóil sa sampla sin arna chinneadh leis an ngaireas sin.

(3) Ar na ráitis sin a fháil, déanfaidh an duine, ar iarraidh ón gcomhalta air nó uirthi déanamh amhlaidh—

- (a) a admháil láithreach go bhfuair sé nó sí iad trína shíniú nó trína síniú a chur le gach ráiteas díobh, agus
- (b) ceachtar de na ráitis a thabhairt ar ais air sin don chomhalta.

(4) Aon duine a dhiúltaíonn nó a mhainníonn *fo-alt (3)* a chomhlíonadh, déanann sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Tá feidhm ag *alt 20(1)* maidir le ráiteas faoin alt seo ar ráiteas é ar mainníodh *fo-alt (3)(a)* a chomhlíonadh ina leith mar atá feidhm aige maidir le ráiteas arna chomhlánú go cuí faoin alt seo.

Oibleagáid sampla fola nó fuail a chur ar fáil le linn a bheith in ospidéal.

**14.**—(1) Más rud é go dtarlaíonn teagmhas i ndáil le feithicil inneallghluaiste in áit phoiblí ar dá dhroim a dhéantar díobháil do dhuine, nó a éilíonn duine go ndearnadh, nó a dhealraíonn sé go ndearnadh, díobháil dó nó di, agus a ghactar isteach in ospidéal é nó í, nó a fheastalaíonn sé nó sí ar ospidéal, agus gur dóigh le comhalta den Gharda Síochána go raibh an duine, tráth an teagmhais, ag tiomáint na feithicle inneallghluaiste, nó ag tabhairt iarracht ar í a thiomáint, nó i bhfeighil na feithicle inneallghluaiste le hintinn í a thiomáint nó iarracht a thabhairt ar í a thiomáint (ach gan an fheithicil a thiomáint ná iarracht a thabhairt ar í a thiomáint), ansin déanfaidh an comhalta sin, san ospidéal, mura rud é go rachadh ceanglas den sórt sin chun dochair do shláinte an duine mar gheall ar an mbaint a bhí ag an duine leis an teagmhas, a cheangal ar an duine—

- (a) a cheadú do dhochtúir ainmnithe nó d'altra ainmnithe sampla dá chuid fola nó dá cuid fola a thógáil ón duine, nó

- (b) de rogha an duine, sampla dá chuid fuail nó dá cuid fuail a chur ar fáil don dochtúir ainmnithe nó don altra ainmnithe,

agus má dhéanann an dochtúir nó an altra ráiteas i scríbhinn—

- (i) nach bhfuil sé nó sí toilteanach, ar fhorais liachta, an sampla lenar bhain an ceanglas i gceachtar de na fomhíreanna sin roimhe seo a thógáil ón duine nó go gcuirfidh an duine ar fáil dó nó di é, nó
- (ii) nach féidir leis an duine nó nach dóigh gur féidir leis an duine an ceanglas a chomhlíonadh laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear in *alt 4* nó *5*, de réir mar a bheidh,

féadfaidh an comhalta ceanglas a chur ar an duine faoin bhfo-alt seo i ndáil leis an sampla seachas an ceann lenar bhain an ceanglas céadluaite.

(2) Faoi réir *alt 22*, aon duine ar cuireadh ceanglas air nó uirthi faoi *fho-alt (1)* agus—

- (a) a dhiúltaíonn nó a mhainníonn an ceanglas a chomhlíonadh, nó
- (b) a dhiúltaíonn nó a mhainníonn ceanglas ó dhochtúir ainmnithe nó ó altra ainmnithe a chomhlíonadh i ndáil le sampla fola a thógáil faoin bhfo-alt sin nó i ndáil le sampla fuail a chur ar fáil faoin bhfo-alt sin,

déanann sé nó sí cion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) D'ainneoin *fho-alt (2)*, ní cion é do dhuine diúltú nó mainneachtain ceanglas faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh más rud é, tar éis é nó í a ghlacadh isteach in ospidéal, nó tar éis dó nó di freastal ar ospidéal, go dtagann an duine faoi chúram dochtúra nó altra agus go ndiúltaíonn an dochtúir nó an altra, ar fhorais liachta, a cheadú an sampla lena mbaineann a thógáil nó a chur ar fáil.

(4) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, chun ceanglas a chur ar dhuine faoi *fho-alt (1)*, dul isteach gan bharántas in aon ospidéal ina bhfuil an duine nó a bhfuil amhras ar an gcomhalta, agus cúis réasúnach aige nó aici, go bhfuil an duine ann.

(5) Féadfaidh dochtúir ainmnithe nó altra ainmnithe, chun sampla dá chuid fola nó dá cuid fola a thógáil ó dhuine nó chun go gcuirfidh duine sampla dá chuid fuail nó dá cuid fuail ar fáil dó nó di faoi *fho-alt (1)*, dul isteach in aon ospidéal ina bhfuil an duine nó a gcuireann comhalta den Gharda Síochána in iúl don dochtúir nó don altra go bhfuil an duine ann.

(6) Níl feidhm ag *alt 1(1)* den *Probation of Offenders Act 1907* maidir le cion faoin alt seo.

An nós imeachta maidir le samplaí fola a thógáil agus samplaí fuail a chur ar fáil.

**15.**—(1) Más rud é, faoin gCaibidil seo, gur thóg dochtúir ainmnithe nó altra ainmnithe sampla fola ó dhuine nó gur chuir an duine sampla dá chuid fuail nó dá cuid fuail ar fáil dó nó di, déanfaidh an dochtúir nó an altra, de réir mar a bheidh, 2 chuid den sampla, cuirfidh sé nó sí gach cuid ar leith i gcoimeádán agus séalóidh sé nó sí láithreach é agus comhlánóidh sé nó sí an fhoirm atá forordaithe chun críocha an ailt seo.

(2) I gcás go ndearnadh 2 chuid de shampla fola nó fuail duine faoi *fho-alt (1)*, tairgidh comhalta den Gharda Síochána ceann de na coimeádáin shéalaithe don duine agus cuirfidh sé nó sí in iúl don duine go bhféadfaidh sé nó sí ceachtar de na coimeádáin a choimeád.

(3) A luaithe is indéanta tar éis *fo-alt (2)* a chomhlíonadh, cuirfidh comhalta den Gharda Síochána faoi deara an fhoirm chomhlánaithe dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a chur ar aghaidh chuig an mBiúró, mar aon leis an gcoimeádán séalaithe iomchuí nó, i gcás inar dhiúltaigh an duine ceann de na coimeádáin shéalaithe a choimeád, an dá choimeádán shéalaithe iomchuí.

(4) In ionchúiseamh i leith ciona faoin gCaibidil seo nó faoi *alt 4* nó *5* toimhdeofar, go dtí go suítear a mhalairt, gur comhlíonadh *fo-alt (1)* go (3).

Tiománaithe faoi bhrí meiscigh a choinneáil más contúirt iad dóibh féin nó do dhaoine eile.

**16.**—(1) I gcás duine a bheith i stáisiún de chuid an Gharda Síochána tar éis é nó í a ghabháil faoi *alt 4(8)*, *5(10)*, *6(4)*, *9(4)*, *10(7)* nó *11(5)* den Acht seo nó faoi *alt 52(3)*, *53(5)*, *106(3A)* nó *112(6)* den Phríomh-Acht, féadfar, i stáisiún an Gharda Síochána má tá an comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin de thuras na huairte den tuairim go bhfuil an duine an oiread sin faoi bhrí meiscigh gur baol é nó í dá shábháilteacht nó dá sábháilteacht féin nó do shábháilteacht daoine eile, é nó í a choinneáil i gcoimeád ar feadh cibé tréimhse (nach faide ná 6 huairte an chloig ón am a gabhadh é nó í nó, de réir mar a bheidh, ón am a ceanglaíodh air nó uirthi dul in éineacht le comhalta go dtí an stáisiún) a mheasann an comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas an stáisiúin a bheith riachtanach.

(2) Más rud é go gcoinnítear duine faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh an comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas stáisiún an Gharda Síochána de thuras na huairte—

- (a) i gcás an duine a choinnítear a bheith, nó i gcás ina bhfuil an comhalta sin den tuairim go bhfuil sé nó sí, 18 mbliana d'aois nó os a chionn, an choinneáil a chur in iúl a luaithe is indéanta, más féidir le réasún déanamh amhlaidh, do ghaol de chuid an duine nó do cibé duine eile a shonróidh an duine atá á choinneáil nó á coinneáil amhlaidh, mura rud é nach mian leis an duine atá á choinneáil nó á coinneáil amhlaidh an méid sin a chur in iúl d'aon duine, agus
- (b) i gcás an duine a choinnítear a bheith, nó i gcás ina bhfuil an comhalta sin den tuairim go bhfuil sé nó sí, faoi bhun 18 mbliana d'aois, an choinneáil a chur in iúl, a luaithe is indéanta, más féidir le réasún déanamh amhlaidh, do ghaol de chuid an duine nó do cibé duine eile a shonróidh an duine atá á choinneáil nó á coinneáil amhlaidh.

(3) Maidir le duine a choinnítear faoi *fho-alt (1)*—

- (a) i gcás é nó í a bheith, nó i gcás ina bhfuil an comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas stáisiún an Gharda Síochána de thuras na huaire den tuairim go bhfuil sé nó sí, 18 mbliana d'aois nó os a chionn, déanfaidh an comhalta sin, ar dhuine is gaol de chuid an duine atá á choinneáil nó á coinneáil amhlaidh, nó is duine a bheidh sonraithe faoi *fo-alt (2)* ag an duine atá á choinneáil nó á coinneáil amhlaidh, teacht chuig an stáisiún, é nó í a scaoileadh saor i gcoimeád an duine sin, mura rud é—
- (i) go bhfuil an duine is déanaí a luaitear, nó gur dóigh leis an gcomhalta go bhfuil sé nó sí, faoi bhun 18 mbliana d'aois,
- (ii) nach mian leis an duine atá á choinneáil nó á coinneáil amhlaidh go scaoilfear saor é nó í i gcoimeád an duine is déanaí a luaitear, nó
- (iii) gur dóigh leis an gcomhalta go leanann an duine atá choinneáil nó á coinneáil amhlaidh de bheith an oiread sin faoi bhrí meiscigh go leanfaidh sé nó sí, má scaoiltear saor ansin é nó í i gcoimeád an duine is déanaí a luaitear, de bheith ina bhaol nó ina baol dá shábháilteacht nó dá sábháilteacht féin nó do shábháilteacht daoine eile,

agus, mura scaoilfear saor amhlaidh é nó í, scaoilfear saor é nó í ag deireadh na tréimhse coinneála a údaraítear le *fo-alt (1)*, agus

- (b) i gcás é nó í a bheith, nó i gcás ina bhfuil an comhalta den Gharda Síochána atá i gceannas stáisiún an Gharda Síochána de thuras na huaire den tuairim go bhfuil sé nó sí, faoi bhun 18 mbliana d'aois, déanfaidh an comhalta sin, ar dhuine is gaol de chuid an duine atá á choinneáil nó á coinneáil amhlaidh, nó is duine a bheidh sonraithe faoi *fo-alt (2)* ag an duine atá á choinneáil nó á coinneáil amhlaidh, teacht chuig an stáisiún, é nó í a scaoileadh saor i gcoimeád an duine sin, mura rud é go bhfuil an duine is déanaí a luaitear, nó go bhfuil an comhalta sin den tuairim go bhfuil sé nó sí, faoi bhun 18 mbliana d'aois, agus, mura scaoilfear saor amhlaidh é nó í, scaoilfear saor é nó í ag deireadh na tréimhse coinneála a údaraítear le *fo-alt (1)*.

17.—(1) A luaithe is indéanta tar éis don Bhiúró sampla a cuireadh ar aghaidh chuige faoi *alt 15* a fháil, déanfaidh an Biúró anailís ar an sampla agus cinnfidh sé an cion alcóil sa sampla nó (de réir mar is cuí) cinnfidh sé an bhfuil druga nó drugaí sa sampla.

An nós imeachta sa Bhiúró maidir le samplaí.

(2) I gcás ina bhfaigheann an Biúró 2 shampla fola a cuireadh ar aghaidh le chéile amhlaidh i ndáil leis an duine céanna nó 2 shampla fuail a cuireadh ar aghaidh le chéile amhlaidh i ndáil leis an duine céanna, is leorchoimhlíonadh é ar *fo-alt (1)* an Biúró do dhéanamh anailíse ar cheann amháin den 2 shampla fola nó (de réir mar is cuí) ar cheann amháin den 2 shampla fuail, agus do dhéanamh cinneadh i ndáil leis.

(3) A luaithe is indéanta tar éis *fo-alt (1)* a chomhlíonadh, déanfaidh an Biúró deimhniú comhlánaithe, san fhoirm a bheidh forordaithe chun críche an ailt seo, a chur ar aghaidh chuig an

stáisiún de chuid an Gharda Síochána ónar cuireadh ar aghaidh an sampla a ndearnadh anailís air agus cóip den deimhniú comhlánaithe a chur ar aghaidh chuig an duine a mbeidh sé ainmnithe ar an bhfoirm iomchuí faoi *alt 15* gurb é nó í an duine é nó í ónar tógadh an sampla nó a chuir an sampla ar fáil.

(4) In ionchúiseamh i leith ciona faoin gCaibidil seo nó faoi *alt 4* nó *5* toimhdeofar, go dtí go suítear a mhalairt, gur comhlíonadh *fo-alt (1)* go *(3)*.

## CAIBIDIL 5

*Nithe a bhaineann le fianaise, etc.*

Forálacha maidir le fianaise áirithe in ionchúisimh faoi *alt 4* nó *5*.

**18.**—(1) Nuair a bheidh cúiseamh i leith ciona faoi *alt 4* nó *5* á éisteacht, ní gá a shuíomh nár ól an cosantóir deoch mheisciúil tar éis an ama a líomhnaítear a rinneadh an cion ach roimh shampla a thógáil nó a chur ar fáil faoi *alt 12* nó *14*.

(2) Más rud é, nuair a bheidh cúiseamh i leith ciona faoi *alt 4* nó *5* á éisteacht, go dtugann an cosantóir, nó go dtugtar thar a cheann nó thar a ceann, fianaise gur ól sé nó sí deoch mheisciúil tar éis an ama a líomhnaítear a rinneadh an cion ach roimh shampla a thógáil nó a chur ar fáil faoi *alt 12* nó *14*, déanfaidh an chúirt neamhshuim den fhianaise mura ndeimhniú an cosantóir di, nó mura ndeimhnítear di thar a cheann nó thar a ceann—

(a) nár mhó, mura mbeadh an t-ól sin, an cion alcóil i bhfuil an chosantóra (arna shonrú i ndeimhniú faoi *alt 17*) ná an cion alcóil atá sonraithe de thuras na huairé i *bhfo-alt (2) d'alt 4* nó *5*, de réir mar is cuí, cibé acu i gcoitinne nó i leith na haicme duine ar comhalta di an cosantóir,

(b) nár mhó, mura mbeadh an t-ól sin, an cion alcóil i bhfual an chosantóra (arna shonrú i ndeimhniú faoi *alt 17*) ná an cion alcóil atá sonraithe de thuras na huairé i *bhfo-alt (3) d'alt 4* nó *5*, de réir mar is cuí, cibé acu i gcoitinne nó i leith na haicme duine ar comhalta di an cosantóir, nó

(c) nár mhó, mura mbeadh an t-ól sin, an cion alcóil in anáil an chosantóra (arna shonrú i ráiteas faoi *alt 13*) ná an cion alcóil atá sonraithe de thuras na huairé i *bhfo-alt (4) d'alt 4* nó *5*, de réir mar is cuí, cibé acu i gcoitinne nó i leith na haicme duine ar comhalta di an cosantóir.

(3) (a) Ní dhéanfaidh duine aon ghníomh ná ní thabharfaidh sé nó sí iarracht ar aon ghníomh a dhéanamh (lena n-áirítear alcól a ól ach gan áireamh a dhéanamh ar dhiúltú nó mainneachtain sampla dá chuid anála nó dá cuid anála nó dá chuid fuail nó dá cuid fuail a chur ar fáil nó cead a thabhairt sampla dá chuid fola nó dá cuid fola a thógáil) le hintinn ionchúiseamh faoi *alt 4* nó *5* a bhac.

(b) Aon duine a sháraíonn an fo-alt seo, déanann sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) Más rud é, nuair a bheidh cúiseamh i leith ciona faoi *alt 4* nó *5* á éisteacht, gur deimhin leis an gcúirt, maidir le haon ghníomh a rinne an cosantóir (lena n-áirítear alcól a ól ach gan áireamh a



dhéanamh ar dhiúltú nó mainneachtain sampla dá chuid anála nó dá cuid anála nó dá chuid fuail nó dá cuid fuail a chur ar fáil nó cead a thabhairt sampla dá chuid fola nó dá cuid fola a thógáil), gur gníomh é a rinneadh amhlaidh le hintinn ionchúiseamh faoi aon cheann de na hailt sin a bhac, féadfaidh an chúirt a chinneadh go ndearna sé nó sí cion faoi *fho-alt* (3).

**19.**—(1) In aon imeachtaí in aghaidh duine i leith ciona faoi *alt* 4 nó 5, maidir le ráiteas i scríbhinn ó chomhalta den Gharda Síochána i leith ceanglas a chur ar dhuine faoi *alt* 12(1) nó 14(1), nó i leith beart a chur i gcrích faoi na fo-ailt sin, nó ina leith araon, beidh sé, má chomhlíontar na coinníollacha a luaitear i *bhfo-alt* (2), ina fhianaise leordhóthanach, go dtí go suífear a mhalairt, ar na fíorais a luaitear ann gan cruthúnas ar aon síniú atá air ná gurbh é nó í an duine a shínigh é an duine cuí lena shíniú agus, go dtí go suífear a mhalairt, is fianaise leordhóthanach é ar an gcomhalta do chomhlíonadh na gceanglas a fhorchuirtear air nó uirthi faoi *alt* 12(1) nó 14(1), de réir mar a bheidh.

Ráiteas i scríbhinn ó chomhalta den Gharda Síochána i leith ceanglais faoi *alt* 12(1).

(2) Is iad na coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1)—

- (a) go n-airbheartaíonn an ráiteas a bheith sínithe ag an gcomhalta den Gharda Síochána a rinne é,
- (b) go bhfuil sa ráiteas dearbhú ón gcomhalta sin den Gharda Síochána sa chéill gur fíor é de réir mar is fearr is eol dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí agus go ndearna sé nó sí an ráiteas, agus
- (c) go seirbheáiltear cóip den ráiteas ar an gcúisí.

(3) Maidir le cóip de ráiteas a cheanglaítear leis an alt seo a sheirbheáil ar dhuine, féadfar í a sheirbheáil—

- (a) trína seachadadh air nó uirthi,
- (b) trína díriú chuige nó chuici agus trína fágáil ag a ghnátháit nó a gnátháit chónaithe nó ghnó nó ag an áit chónaithe nó ghnó is deireanaí is eol a bheith aige nó aici, nó
- (c) trína cur chuige nó chuici leis an bpost cláráithe ag a ghnátháit nó a gnátháit chónaithe nó ghnó nó ag an áit chónaithe nó ghnó is deireanaí is eol a bheith aige nó aici.

**20.**—(1) Beidh ráiteas arna chomhlánú go cuí a airbheartaítear a cuireadh ar fáil faoi *alt* 13 ina fhianaise leordhóthanach, go dtí go suífear a mhalairt, in aon imeachtaí faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010* ar na fíorais a luaitear ann, gan cruthúnas ar aon síniú atá air ná gurbh é nó í an duine a shínigh é an duine cuí lena shíniú agus, go dtí go suífear a mhalairt, is fianaise leordhóthanach é gur chomhlíon an comhalta den Gharda Síochána lena mbaineann na ceanglais a fhorchuirtear air nó uirthi le *Caibidil 4* nó faoi *Chaibidil 4* sula ndearna sé nó sí an ráiteas sin a chur ar fáil faoi *alt* 13 agus i dtaca leis an ráiteas sin a chur ar fáil aige nó aici.

Forálacha maidir le fianaise áirithe in imeachtaí faoi *Chuid 2*.

(2) Beidh foirm arna comhlánú go cuí faoi *alt* 15 ina fhianaise leordhóthanach, go dtí go suífear a mhalairt, in aon imeachtaí faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010* ar na fíorais a luaitear inti, gan cruthúnas ar aon síniú atá uirthi ná gurbh é nó í an duine a shínigh í an duine cuí lena síniú agus, go dtí go suífear a mhalairt, is fianaise leordhóthanach í gur chomhlíon an dochtúir

ainmnithe nó an altra ainmnithe lena mbaineann na ceanglais a fhorchuirtear air nó uirthi le *Caibidil 4* nó faoi *Chaibidil 4*.

(3) Maidir le deimhniú ina ndeirtear gur eisíodh é faoi *alt 17* beidh sé, go dtí go suítear a mhalairt, ina fhianaise leordhóthanach in aon imeachtaí faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010* ar na fíorais a luaitear ann, gan cruthúnas ar aon síniú atá air ná gurbh é nó í an duine a shínigh é an duine cuí lena shíniú agus, go dtí go suítear a mhalairt, is fianaise leordhóthanach é gur chomhlíon an Biúró na ceanglais a fhorchuirtear air le *Caibidil 4* nó faoi *Chaibidil 4*.

(4) In ionchúiseamh i leith ciona faoi *alt 4, 5, 12* nó *14* toimhdeofar, go dtí go suítear a mhalairt, gur dochtúir ainmnithe nó altra ainmnithe gach duine de na daoine seo a leanas—

- (a) duine a rinne, de bhua cumhachtaí a thugtar dó nó di le *Caibidil 4*, sampla d'fhuil duine eile a thógáil ón duine eile sin nó ar chuir duine eile sampla d'fhuil an duine eile sin ar fáil dó nó di,
- (b) duine a raibh diúltú nó mainneachtain ann ina leith, tar éis ceanglas a chur faoi *alt 12(1)* nó *14(1)* cead a thabhairt dó nó di sampla fola a thógáil, an cead sin a thabhairt nó ceanglas uaidh nó uaithi a chomhlíonadh i ndáil sampla den sórt sin a thógáil,
- (c) duine a raibh diúltú nó mainneachtain ann ina leith, tar éis ceanglas a chur faoi *alt 12(1)* nó *14(1)* sampla fuail a chur ar fáil dó nó di, sampla den sórt sin a chur ar fáil nó ceanglas uaidh nó uaithi a chomhlíonadh i ndáil le sampla den sórt sin a chur ar fáil.

(5) Más rud é, faoi *alt 12* nó *14*, go ndéanann dochtúir ainmnithe nó altra ainmnithe ráiteas i scríbhinn nach bhfuil sé nó sí toilteanach, ar fhorais liachta, sampla d'fhuil duine a thógáil uaidh nó uaithi nó go gcuirfidh duine sampla dá chuid fuail nó dá cuid fuail ar fáil dó nó di, beidh an ráiteas arna shíniú ag an dochtúir, in aon imeachtaí faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010*, ina fhianaise leordhóthanach, go dtí go suítear a mhalairt, ar na fíorais a luaitear ann, gan cruthúnas ar aon síniú atá air ná gurbh é nó í an duine a shínigh é an duine cuí lena shíniú.

Costais  
ionchúiseamh faoi  
*Chuid 2*.

**21.—(1)** Más rud é go gciontaítear duine i gcion faoi *alt 4, 5, 12* nó *14*, ar cion é a rinneadh tar éis thosach feidhme an ailt seo, déanfaidh an chúirt, mura deimhin léi go bhfuil cúiseanna speisialta substaintiúla ann gan déanamh amhlaidh, a ordú don duine ranníocaíocht a íoc leis an gcúirt faoi chomhair na gcostas agus na gcaiteachas a thabhaigh an Biúró le linn a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh, ar ranníocaíocht í nach mó ná cibé méid a bheidh forordaithe de thuras na huair.

(2) Déanfar íocaíochtaí faoi *fho-alt (1)* a dhiúscairt ar cibé modh a fhorordófar.

Cosaint ar dhiúltú  
cead a thabhairt  
sampla fola a  
thógáil nó 2  
shampla anála a  
chur ar fáil.

**22.—(1)** In ionchúiseamh duine i leith ciona faoi *alt 12* mar gheall ar dhiúltú nó mainneachtain ceanglas a chomhlíonadh 2 shampla dá chuid anála nó dá cuid anála a chur ar fáil, is cosaint é don chosantóir a dheimhniú don chúirt go raibh cúis speisialta shubstaintiúil ann leis an diúltú nó leis an mainneachtain a rinne sé nó sí agus go ndearna sé nó sí, a luaithe ab indéanta tar éis an diúltaithe nó na

mainneachtana lena mbaineann, ceanglas faoin alt lena mbaineann a chomhlíonadh (nó gur thairg sé nó sí, ach nár iarradh air nó uirthi, an ceanglas sin a chomhlíonadh) i ndáil le sampla fola a thógáil nó sampla fuail a chur ar fáil.

(2) In ionchúiseamh duine i leith ciona faoi *alt 12* nó *14* mar gheall ar dhiúltú nó mainneachtain ceanglas a chomhlíonadh cead a thabhairt do dhochtúir ainmnithe nó d'altra ainmnithe sampla fola a thógáil nó mar gheall ar dhiúltú nó mainneachtain ceanglas ó dhochtúir ainmnithe nó ó altra ainmnithe a chomhlíonadh i ndáil le sampla fola a thógáil, is cosaint é don chosantóir a dheimhniú don chúirt go raibh cúis speisialta shubstaintiúil ann leis an diúltú nó leis an mainneachtain a rinne sé nó sí agus go ndearna sé nó sí, a luaithe ab indéanta tar éis an diúltaithe nó na mainneachtana lena mbaineann, ceanglas faoin alt lena mbaineann a chomhlíonadh (nó gur thairg sé nó sí, ach nár iarradh air nó uirthi, an ceanglas sin a chomhlíonadh) i ndáil le sampla fuail a chur ar fáil.

(3) D'ainneoin *fho-alt (1)* agus (2), féadfar fianaise a thabhairt nuair a bheidh cúiseamh i leith ciona faoi *alt 4* nó *5* á éisteacht gur dhiúltaigh nó gur mhainnigh an cosantóir ceanglas a chomhlíonadh 2 shampla dá chuid anála nó dá cuid anála a chur ar fáil, nó gur dhiúltaigh nó gur mhainnigh an cosantóir ceanglas a chomhlíonadh cead a thabhairt sampla dá chuid fola nó dá cuid fola a thógáil nó ceanglas ó dhochtúir ainmnithe a chomhlíonadh i ndáil le sampla fola a thógáil, de réir mar a bheidh.

(4) In ionchúiseamh i leith ciona faoi *alt 11(4)* mar gheall ar dhiúltú nó mainneachtain tástáil a dhéanamh, is cosaint é don chosantóir a dheimhniú don chúirt go raibh cúis speisialta shubstaintiúil ann leis an diúltú nó leis an mainneachtain a rinne sé nó sí agus go ndearna sé nó sí, a luaithe ab indéanta tar éis an diúltaithe nó na mainneachtana lena mbaineann, ceanglas faoin bhforáil lena mbaineann a chomhlíonadh (nó gur thairg sé nó sí, ach nár iarradh air nó uirthi, an ceanglas sin a chomhlíonadh) i ndáil le tástáil a dhéanamh.

(5) D'ainneoin *fho-alt (4)*, féadfar fianaise a thabhairt nuair a bheidh cúiseamh i leith ciona faoi *alt 4, 5* nó *6* den *Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010* á éisteacht gur mhainnigh an cosantóir ceanglas a chomhlíonadh tástáil a dhéanamh.

**23.**—Ní cosaint é do dhuine a chúisítear i gcion faoi *alt 4(1), 5(1)* nó *6(1)* a shuíomh, i ndáil leis na fíorais a líomhnaítear gurb iad an cion iad, nach ndearnadh anailís nó cinneadh faoin gCuid seo nó nár ceanglaíodh air nó uirthi faoi *alt 9* nó *10* sampla dá chuid anála nó dá cuid anála a chur ar fáil.

Urchos ar chosaint áirithe in aghaidh cúiseamh faoi *alt 4(1), 5(1)* nó *6(1)*.

## CAIBIDIL 6

### *Scrúdú liachta i stáisiún de chuid an Gharda Síochána nó in ospidéal*

**24.**—(1) I gcás ina ndéantar duine a ghabháil faoi fhoráil dá dtagraítear in *alt 13(1)* (a cuireadh isteach le *halt 2* den *Acht um Thrácht ar Bhóithre agus Iompar 2006*) d'Acht 1994 nó in *alt 12(1)* den *Chuid seo* nó ina nglactar é nó í isteach in ospidéal sna himthosca dá dtagraítear in *alt 15(1)* d'Acht 1994 nó in *alt 14(1)* den *Chuid seo*, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána, i stáisiún de chuid an Gharda Síochána nó san ospidéal, de réir mar a bheidh, a

Scrúdú liachta i stáisiún de chuid an Gharda Síochána nó in ospidéal.

cheangal ar an duine dul faoi scrúdú liachta arna dhéanamh ag dochtúir ainmnithe nó ag altra ainmnithe chun fianaise a fháil go raibh an duine, an tráth a gabhadh é nó í nó tráth an teagmhais, de réir mar a bheidh, an oiread sin faoi bhrí meiscigh nárbh fhéidir leis nó léir feithicil a rialú i gceart.

(2) Aon duine a dhiúltaíonn nó a mhainníonn ceanglas faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, déanann sé nó sí cion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) I gcás ina ndéanann dochtúir ainmnithe nó altra ainmnithe scrúdú liachta ar dhuine chun críocha *fho-alt (1)*, déanfaidh sé nó sí ráiteas i scríbhinn maidir le torthaí an scrúdaithe.

(4) Ní chuirfear ceanglas faoi *fho-alt (1)* ar dhuine a ghlactar isteach in ospidéal sna himthosca dá dtagraítear san *fho-alt* sin mura ndeachthas i gcomhairle le dochtúir atá ag cur cóireáil ar an duine agus nach rachadh sé chun dochair do shláinte an duine an ceanglas a chur.

Nithe a bhaineann le fianaise.

**25.—(1)** In aon imeachtaí i gcoinne duine i leith ciona faoi *alt 24(2)*, maidir le ráiteas i scríbhinn ó chomhalta den Gharda Síochána i leith ceanglas a chur faoi *alt 24(1)* nó i leith scrúdú a dhéanamh faoin bhfo-alt sin, nó ina leith araon, beidh sé, má chomhlíontar na coinníollacha a luaitear i *bhfo-alt (2)*, ina fhianaise leordhóthanach, go dtí go suífeair a mhalairt, ar na nithe a luaitear ann, gan cruthúnas ar aon síniú atá air ná gurbh é nó í an duine a shínigh é an duine cuí lena síniú agus beidh sé, go dtí go suífeair a mhalairt, ina fhianaise leordhóthanach gur chomhlíon an comhalta na ceanglais a fhorchuirtear air nó uirthi faoi *alt 24(1)*.

(2) Is iad na coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—

- (a) go n-airbheartaíonn an ráiteas a bheith sínithe ag an gcomhalta den Gharda Síochána a rinne é,
- (b) go bhfuil sa ráiteas dearbhú ón gcomhalta sin den Gharda Síochána sa chéill gur fíor é de réir mar is fearr is eol dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí agus go ndearna sé nó sí an ráiteas, agus
- (c) go seirbheáiltear cóip den ráiteas ar an gcúisí.

(3) Maidir le cóip de ráiteas a cheanglaítear leis an alt seo a sheirbheáil ar dhuine, féadfar í a sheirbheáil—

- (a) trína seachadadh air nó uirthi,
- (b) trína díriú chuige nó chuici agus trína fágáil ag a ghnátháit nó a gnátháit chónaithe nó ghnó nó ag an áit chónaithe nó ghnó is deireanaí is eol a bheith aige nó aici, nó
- (c) trína cur chuige nó chuici leis an bpost cláraithe ag a ghnátháit nó a gnátháit chónaithe nó ghnó nó ag an áit chónaithe nó ghnó is deireanaí is eol a bheith aige nó aici.

(4) Beidh ráiteas arna chomhlánú go cuí a airbheartaítear a rinneadh faoi *alt 24(3)* ina fhianaise leordhóthanach faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010*, go dtí go suífeair a

mhalairt, ar na fíorais a luaitear ann, gan cruthúnas ar aon síniú atá air ná gurbh é nó í an duine a shínigh é an duine cuí lena shíniú agus beidh sé, go dtí go suítear a mhalairt, ina fhianaise leordhóthanach gur chomhlíon an dochtúir ainmnithe nó an altra ainmnithe lena mbaineann na ceanglais a fhorchuirtear air nó uirthi faoi *alt 24(1)*.

(5) In ionchúiseamh i leith ciona faoi *alt 24(2)* toimhdeofar, go dtí go suítear a mhalairt—

- (a) maidir leis an duine a rinne scrúdú liachta ar dhuine faoi *alt 24(1)*, nó
- (b) maidir leis an duine a raibh diúltú nó mainneachtain ann ina leith, tar éis ceanglais faoi *alt 24(1)*, dul faoi scrúdú liachta,

gur dochtúir ainmnithe nó altra ainmnithe é nó í.

(6) Níl feidhm ag *alt 1(1)* den *Probation of Offenders Act 1907* maidir le cion faoin *alt* seo.

#### CAIBIDIL 7

##### *Feidhmeanna an Bhiúró*

**26.**—(1) Comhlíonfaidh an Biúró na feidhmeanna a shanntar dó leis an gCuid seo nó faoin gCuid seo. Feidhmeanna an Bhiúró.

(2) Go háirithe, agus gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, déanfaidh an Biúró socrú le haghaidh na nithe seo a leanas—

- (a) samplaí fola agus fuail a chuirtear ar aghaidh chuig an mBiúró faoi *alt 15* a fháil agus anailís a dhéanamh orthu agus tuarascálacha ar anailísí den sórt sin a eisiúint,
- (b) maidir leis na samplaí sin, an cion alcóil san fhuil nó san fhual a chinneadh agus a chinneadh an bhfuil (nó nach bhfuil) drugaí nó drugaí san fhuil nó san fhual,
- (c) deimhnithe a eisiúint a cheanglaítear faoi *Chaibidil 4* go n-eiseoidh an Biúró iad,
- (d) trealamh a sholáthar chun na samplaí sin a thógáil,
- (e) na nithe seo a leanas a cheadú—
  - (i) gaireas chun alcól san anáil a thaispeáint, agus
  - (ii) gaireas chun an cion alcóil san anáil a chinneadh.

(3) Féadfaidh an Biúró, ó am go ham, socrú a dhéanamh le haghaidh taighde ar na nithe seo a leanas—

- (a) infheidhmeacht coirp agus meabhrach tiománaithe feithiclí,
- (b) sábháilteacht ar bhóithre ó thaobh cúrsaí liachta,
- (c) na héifeachtaí a bhíonn le hól dí meisciúla nó le glacadh drugaí ar thiománaithe feithiclí agus na modhanna chun na héifeachtaí sin a thomhas, agus

(d) na modhanna chun an méid alcóil nó an méid drugaí atá i gcolainn duine a chinneadh.

(4) Féadfaidh an Biúró—

(a) socrú a dhéanamh maidir le gaireas a sholáthar agus a thástáil ar gaireas é—

(i) chun alcól san anáil a thaispeáint, agus

(ii) chun an cion alcóil san anáil a chinneadh,

agus

(b) cibé cúnaimh is cuí leis, cibé acu cúnaimh airgid nó cúnaimh eile, a thabhairt do dhaoine a bhfuil taighde dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* á dhéanamh acu nó a bheartaíonn taighde den sórt sin a dhéanamh.

(5) Leasaítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 in alt 46(1) (arna leasú le halt 29 den Acht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) 2003) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (ba) (a cuireadh isteach le halt 112 den Acht um Fhorfheidhmiú Dlí Cuideachtaí 2001):

“(bb) maidir le taifead a shealbhaíonn nó a chruthaigh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010* (seachas taifead a bhaineann le riarachán ginearálta an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre),”.

An Stiúrthóir, etc.,  
a chosaint ar  
imeachtaí dlíthiúla.

**27.**—Ní bheidh aon ábhar caingne nó imeachtaí dlíthiúla eile ann (ach amháin i gcás faillí nó mainneachtana toiliúla) i gcoinne an Stiúrthóra nó i gcoinne aon chomhalta, oifigigh nó fostaí de chuid an Bhiúró de bhíthin nó de dhroim aon anailís nó cinneadh a dhéanamh faoi *alt 13* nó *17* nó faoin gCaibidil seo.

Feidhmeanna an  
Stiúrthóra.

**28.**—Cuirtear an méid seo a leanas in ionad alt 39(2) (a cuireadh isteach le halt 7 d’Acht 1994) d’Acht 1968:

“(2) Déanfaidh an Stiúrthóir, faoi réir na Coda seo agus an ordaithe bunaithe, bainistiú ó lá go lá ar ghnó an Bhiúró agus feidhmeoidh sé maoirseacht ghinearálta i ndáil leis an mBiúró do chomhlíonadh na bhfeidhmeanna a shanntar dó leis an Acht seo nó faoin Acht seo nó le *Cuid 2* den *Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010* nó faoin gCuid sin.”.

#### CAIBIDIL 8

##### *Fógra pionóis sheasta — tiomáint faoi thionchar dí*

Fógra pionóis  
sheasta — tiomáint  
faoi thionchar dí.

**29.**—(1) Más rud é go líomhnaítear go ndearna duine, nach duine sonraithe, cion faoi *alt 4(2)*, *(3)* nó *(4)* nó faoi *alt 5(2)*, *(3)* nó *(4)*, agus, maidir leis an gcion alcóil a airbheartaítear a bhí ina cholainn nó ina colainn mar a bheidh ráite de réir *alt 13* nó mar a bheidh deimhnithe de réir *alt 17*—

(a) nár mhó é ná—

- (i) 80 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fola,
  - (ii) 107 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fuail,
  - (iii) 35 mhicreagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear anála,
- nó
- (b) gur mhó é ná —
    - (i) 80 milleagram ach nár mhó é ná 100 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fola,
    - (ii) 107 milleagram ach nár mhó é ná 135 mhilleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fuail, nó
    - (iii) 35 mhicreagram ach nár mhó é ná 44 mhicreagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear anála,

déanfar, faoi réir *fho-ailt* (4) agus (5), fógra (“fógra pionóis sheasta”) a sheirbheáil air nó uirthi de réir *fho-alt* (10) á rá nach ndéanfar, i gcás go n-íoctar an muirear a shonraítear i *bhfo-alt* (7) (“muirear seasta”) de réir an ailt seo agus gurb infheidhme dá dhroim sin na pointí pionóis a shonraítear i *bhfo-alt* (8)(a)(i) nó an dícháiliúchán a shonraítear i *bhfo-alt* (8)(a)(ii) i leith an duine a shealbhaíonn ceadúnas tiomána, ionchúiseamh i leith aon chiona den sórt sin a thionscnamh ina choinne nó ina coinne.

(2) I gcás go líomhnaítear go ndearna duine sonraithe cion faoi *alt* 4(2), (3) nó (4) nó faoi *alt* 5(2), (3) nó (4) agus nár mhó an cion alcóil a airbheartaítear a bhí ina cholainn nó ina colainn mar a bheidh ráite de réir *alt* 13 nó mar a bheidh deimhnithe de réir *alt* 17 ná—

- (a) 80 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fola,
- (b) 107 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fuail, nó
- (c) 35 mhicreagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear anála,

déanfar, faoi réir *fho-ailt* (4) agus (5), fógra (“fógra pionóis sheasta”) a sheirbheáil air nó uirthi de réir *fho-alt* (10) á rá nach ndéanfar, i gcás go n-íoctar an muirear a shonraítear i *bhfo-alt* (7) (“muirear seasta”) de réir an ailt seo agus gurb infheidhme dá dhroim sin dícháiliúchán a shonraítear i *bhfo-alt* (8)(b) i leith an duine shonraithe a shealbhaíonn ceadúnas tiomána, ionchúiseamh i leith aon chiona den sórt sin a thionscnamh ina choinne nó ina coinne.

(3) I gcás ina bhfuil fógra pionóis sheasta á sheirbheáil ar dhuine faoin alt seo, féadfar é a sheirbheáil—

- (a) i gcás é a sheirbheáil go pearsanta—
  - (i) trína sheachadadh ar an duine, nó
  - (ii) trína fhágáil ag an seoladh—
    - (I) ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine,

(II) a thug an duine do chomhalta den Gharda Síochána tráth an chiona líomhnaithe, nó

(III) ag a bhfuil an fheithicil cláraithe, i gcás gurb é nó í úinéir cláraithe na feithicle an duine tráth an chiona líomhnaithe,

nó

(b) i gcás é a sheirbheáil leis an bpost, trína chur leis an bpost chuig an seoladh—

(i) ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine,

(ii) a thug an duine do chomhalta den Gharda Síochána tráth an chiona líomhnaithe, nó

(iii) ag a bhfuil an fheithicil cláraithe, i gcás gurb é nó í úinéir cláraithe na feithicle an duine tráth an chiona líomhnaithe.

(4) Ní dhlitear fógra pionóis sheasta a sheirbheáil ar dhuine más rud é nach sealbhaíonn sé nó sí ceadúnas tiomána atá i bhfeidhm de thuras na huaire nó go bhfuil sé nó sí dícháilithe chun ceadúnas tiomána a shealbhú tráth déanta an chiona líomhnaithe.

(5) Aon duine ar seirbheáladh fógra pionóis sheasta air nó uirthi agus a d'íoc an muirear seasta, ní dhlitear fógra pionóis sheasta eile a sheirbheáil air nó uirthi laistigh den tréimhse 3 bliana ón dáta cuí i ndáil le pointí pionóis a fhorghuiniú ar an iontráil a bhaineann leis an duine nó ó dháta thosach feidhme an dícháiliúcháin, cibé acu is infheidhme, tar éis an muirear seasta a íoc de réir an fhógra.

(6) Maidir le pointí pionóis arna bhformhuiniú amhlaidh ar an iontráil a bhaineann le duine (nach duine sonraithe) fanfaidh siad, de réir alt 4 d'Acht 2002, ar an iontráil go ceann tréimhse 3 bliana dar tosach an dáta cuí.

(7) Is é atá sa mhuirear seasta—

(a) i gcás cion alcóil dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* nó i *bhfo-alt (2)* — €200, nó

(b) i gcás cion alcóil dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)* — €400,

nó cibé méid eile a bheidh forordaithe, de thuras na huaire, in ionad ceachtar de na méideanna sin.

(8) Más rud é—

(a) go ndéanann duine, a ndlítear faoi *fho-alt (1)* fógra pionóis sheasta a sheirbheáil air nó uirthi, an muirear seasta a íoc agus go ndéantar an íocaíocht de réir an ailt seo agus, maidir leis an gcion alcóil a airbheartaítear a bhí ina cholainn nó ina colainn, mar a bheidh ráite nó mar a bheidh deimhnithe de réir *Chuid 2*—

(i) nár mhó é ná 80 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fola, déanfar 3 phointe pionóis a fhorghuiniú ar an iontráil a bhaineann leis an duine, nó



- (ii) nár mhó é ná 100 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fola, beidh an duine dícháilithe chun ceadúnas tiomána a shealbhú go ceann tréimhse 6 mhí dar tosach an dáta dá dtagraítear i *bhfo-alt (14)*,

nó

- (b) go ndéanann duine sonraithe, a ndlitear faoi *fho-alt (2)* fógra pionóis sheasta a sheirbheáil air nó uirthi, an muirear seasta a íoc agus go ndéantar an íocaíocht de réir an ailt seo, beidh sé nó sí dícháilithe chun ceadúnas tiomána a shealbhú go ceann tréimhse 3 mhí dar tosach an dáta dá dtagraítear i *bhfo-alt (14)*.

(9) Más rud é go líomhnaíonn comhalta den Gharda Síochána go ndearna duine cion dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó (2) agus go ndlitear faoin alt seo fógra pionóis sheasta a sheirbheáil ar an duine, déanfaidh an comhalta fógra pionóis sheasta a sheirbheáil, nó cuirfidh sé nó sí faoi deara é a sheirbheáil, ar an modh dá dtagraítear in *alt 35*, ar an duine sin go pearsanta nó leis an bpost.

(10) Maidir le fógra pionóis sheasta—

- (a) beidh sé san fhoirm fhorordaithe,
- (b) beidh ann mionsonraí i dtaobh an mhodha chun muirear seasta a íoc, agus
- (c) féadfar a shonrú ann an duine lena bhfuil, agus an áit ina bhfuil, an íocaíocht le déanamh agus an bhfuil an fógra arna chomhlánú go cuí le bheith i dteannta na híocaíochta.

(11) Beidh ráiteas i bhfógra pionóis sheasta sa chéill—

- (a) go líomhnaítear go ndearna an duine ar a seirbheáiltear é an cion a shonraítear san fhógra,
- (b) go bhfuil an cion alcóil a airbheartaítear a bhí ina cholainn nó ina colainn amhail mar a bheidh ráite nó mar a bheidh deimhnithe de réir *Chaibidil 2*,
- (c) nach ndlitear den duine an muirear seasta a íoc más rud é nach ndlitear faoin alt seo fógra pionóis sheasta a sheirbheáil air nó uirthi,
- (d) go bhféadfaidh an duine, má dhlitear faoin alt seo fógra pionóis sheasta a sheirbheáil air nó uirthi, le linn tréimhse 28 lá dar tosach an lá a luaitear san fhógra, an muirear seasta a íoc le comhalta den Gharda Síochána i stáisiún sonraithe de chuid an Gharda Síochána nó in áit shonraithe eile agus an fógra arna chomhlánú go cuí ina theannta,
- (e) i gcás go ndéantar íocaíocht i leith an mhuirir sheasta laistigh den tréimhse a shonraítear i *mír (d)*, go ndéanfar 3 phointe pionóis a fhorhuiniú ar an iontráil a bhaineann leis an duine (nach duine sonraithe) sna himthosca dá dtagraítear i *bhfo-alt 8(a)(i)* nó, de réir mar a bheidh, go mbeidh sé nó sí dícháilithe chun ceadúnas tiomána a shealbhú don tréimhse chuí sna himthosca dá dtagraítear i *bhfo-alt 8(a)(ii)* nó *8(b)*, agus

(f) mura rud é nach ndlitear den duine an muirear seasta a íoc faoin alt seo, nach dtionscnófar ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe le linn na tréimhse a shonraítear i *mír (d)* nó, má dhéantar íocaíocht i leith an mhuirir sheasta le linn na tréimhse sin, agus an fógra arna chomhlánú go cuí ina teannta, nach dtionscnófar ionchúiseamh den sórt sin in aon chor.

(12) Aon duine nach ndlitear de nó di faoi *fho-alt (4)* nó *(5)* an muirear seasta a íoc agus arb eol dó nó di, nó ar chóir sna himthosca gurbh eol dó nó di le réasún, nach ndlitear de nó di an muirear seasta a íoc, agus a íocann an muirear nó a fhéachann lena íoc, déanann sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 1 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(13) (a) I gcás go n-íoctar an muirear seasta de réir an ailt seo, déanfaidh an Garda Síochána admháil a eisiúint ina leith chuig an duine a d'íoc an muirear.

(b) Faoi réir *mhír (c)*, déanfar an íocaíocht i leith an mhuirir sheasta a fhaigheann an Garda Síochána de réir an ailt seo a íoc isteach sa Státhchiste nó a chur chun tairbhe don Státhchiste ar cibé slí a ordóidh an tAire Airgeadais agus ní bheidh sí inghnóthaithe ag an duine a rinne í.

(c) Más rud é, maidir le duine nach ndlitear de nó di faoi *fho-alt (4)* nó *(5)* an muirear seasta a íoc, go ndéanann sé nó sí an muirear a íoc, féadfaidh an Garda Síochána an íocaíocht a thabhairt ar ais don duine.

(14) I gcás go bhfaightear íocaíocht faoi *fho-alt (13)*, cuirfidh an Coimisinéir faoi deara, a luaithe is féidir tar éis na híocaíochta, fógra i dtaobh na híocaíochta a thabhairt don Aire agus, air sin, cuirfidh an tAire faoi deara an líon pointí pionóis nó, de réir mar a bheidh, tréimhse an dícháiliúcháin dá dtagraítear i *bhfo-alt (8)*, a fhorhhuiniú ar an iontráil sa taifead ceadúnais a bhaineann leis an duine.

(15) I gcás go ndéantar formhuiniú faoi *fho-alt (14)* ar dícháiliúchán é, cuirfidh an tAire faoi deara fógra a eisiúint chuig an duine lena mbaineann á chur in iúl dó nó di gurb é an dáta le haghaidh thosach thréimhse an dícháiliúcháin 14 lá tar éis dháta an fhógra sin nó, i gcás ina bhfuil pointí pionóis le formhuiniú, go ndearnadh 3 phointe a fhorhhuiniú ar an iontráil a bhaineann leis an duine agus go bhfanfaidh siad, faoi réir alt 3(2) d'Acht 2002, ar an iontráil go ceann tréimhse 3 bliana dar tosach an dáta cuí.

(16) Ordófar don duine lena mbaineann, le fógra arna eisiúint faoi *fho-alt (15)* i ndáil le dícháiliúchán, an ceadúnas tiomána a shealbhaíonn sé nó sí—

(a) a chur faoi bhráid an údaráis ceadúnúcháin a dheonaigh an ceadúnas, i gcás ceadúnais tiomána Éireannaigh, nó

(b) a chur chuig cibé áit a shonraítear san fhógra, i gcás ceadúnais tiomána coigríche,

laistigh de 14 lá ó dháta an fhógra.

(17) Aon duine nach gcomhlíonann ordachán faoi *fho-alt (16)*, déanann sé nó sí cion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €2,000 a chur air nó uirthi.

(18) In ionchúiseamh i leith ciona dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* nó (2) toimhdeofar, go dtí go suífear a mhalairt—

- (a) gur seirbheáladh an fógra pionóis sheasta iomchuí nó gur cuireadh faoi deara é a sheirbheáil, agus
- (b) nach ndearnadh íocaíocht faoin bhfógra pionóis sheasta iomchuí agus an fógra arna chomhlánú go cuí ina teannta.

(19) (a) Féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, le comhaontú i scríbhinn arna dhéanamh le haon duine, ar cibé téarmaí agus coinníollacha a shonrófar sa chomhaontú, foráil a dhéanamh chun go gcomhlíonfaidh an duine sin aon cheann d'fheidhmeanna comhalta den Gharda Síochána a bhaineann le fógra pionóis sheasta a eisiúint, le fógra den sórt sin a fháil, le híocaíocht a ghlacadh nó le hadmháil i leith na híocaíochta sin a eisiúint, mar a leagtar amach san alt seo nó go gcomhlíonfaidh an duine sin feidhm an Choimisinéara i leith fógra a eisiúint faoi *fho-alt (9)*.

(b) Féadfaidh feidhm a bheith ag comhaontú dá dtagraítear i *mír (a)* maidir le gach ceann nó le haon cheann de na feidhmeanna dá dtagraítear sa mhír sin a chomhlíonadh i leith gach ciona nó i leith cionta roghnaithe lena mbaineann an t-alt seo.

(c) Tá feidhm ag alt 14(2), (3) agus (4) d'Acht 2002 maidir le haon chomhaontú a dhéanann an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí faoi *mhír (a)*.

(20) San alt seo, aon tagairt d'fhógra pionóis sheasta, arna chomhlánú go cuí, is tagairt í d'fhógra den sórt sin ar ar chuir an duine lena mbaineann an fógra isteach uimhir, dáta deonaithe agus tréimhse bailíochta cheadúnas tiomána an duine, nó ar ar cuireadh an céanna isteach thar ceann an duine sin, de réir mar a cheanglaítear san fhógra.

(21) San alt seo, foláionn “ceadúnas tiomána” cead foghlaimeora.

#### CAIBIDIL 9

##### *Bearta idirthréimhseacha*

**30.**—(1) In aon imeachtaí i gcoinne duine i leith ciona faoi alt 49 nó 50 den Phríomh-Acht, maidir le ráiteas i scríbhinn ó chomhalta den Gharda Síochána i leith ceanglas a chur ar dhuine faoi alt 13(1) (a cuireadh isteach le halt 1 den Acht um Thrácht ar Bhóithre agus Iompar 2006) d'Acht 1994 nó i leith beart a chur i gcrích faoin bhfo-alt sin, nó ina leith araon, beidh sé, má chomhlíontar na coinníollacha a luaitear i *bhfo-alt (2)*, inghlactha i bhfianaise, go dtí go suífear a mhalairt, ar na fíorais a luaitear ann, gan cruthúnas ar aon síniú atá air ná gurbh é nó í an duine a shínigh é an duine cuí lena shíniú, agus, go dtí go suífear a mhalairt, is fianaise leordhóthanach é gur chomhlíon an comhalta na ceanglais a fhorchuirtear air nó uirthi faoi alt 13(1) d'Acht 1994.

Ráiteas i scríbhinn ó chomhalta den Gharda Síochána i leith ceanglais faoi alt 13(1) d'Acht 1994.

(2) Is iad seo a leanas na coinníollacha dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—

- (a) go n-airbheartaíonn an ráiteas a bheith sínithe ag an gcomhalta den Gharda Síochána a rinne é,
- (b) go bhfuil sa ráiteas dearbhú ón gcomhalta sin den Gharda Síochána sa chéill gur fíor é de réir mar is fearr is eol dó nó di agus mar a chreideann sé nó sí agus go ndearna sé nó sí an ráiteas, agus
- (c) go seirbheáiltear cóip den ráiteas ar an gcúisí.

(3) Maidir le cóip de ráiteas a cheanglaítear leis an alt seo a sheirbheáil ar dhuine, féadfar í a sheirbheáil—

- (a) trína seachadadh air nó uirthi,
- (b) trína díriú chuige nó chuici agus trína fágáil ag a ghnátháit nó a gnátháit chónaithe nó ghnó nó ag an áit chónaithe nó ghnó is deireanaí is eol a bheith aige nó aici, nó
- (c) trína cur chuige nó chuici leis an bpost cláraithe ag a ghnátháit nó a gnátháit chónaithe nó ghnó nó ag an áit chónaithe nó ghnó is deireanaí is eol a bheith aige nó aici.

Leasú ar alt 39(2)  
d'Acht 1994 —  
cumhacht iontrála.

**31.**—Leasaítear alt 39(2) d'Acht 1994 trí “chun ceanglas a chur ar an duine faoi alt 12(2) (a cuireadh isteach leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre 2003) den Phríomh-Acht nó faoi alt 4(4) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2006 nó” a chur isteach i ndiaidh “comhalta den Gharda Síochána,”.

Leasú ar alt 5  
d'Acht 2006 —  
fógra dícháiliúcháin  
sheasta.

**32.**—(1) Leasaítear alt 5 d'Acht 2006—

- (a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (2) agus (3):

“(2) Ní dhlítear fógra pionóis sheasta a sheirbheáil ar dhuine más rud é nach sealbhaíonn sé nó sí ceadúnas tiomána atá i bhfeidhm de thuras na huaire nó go bhfuil sé nó sí dícháilithe chun ceadúnas tiomána a shealbhu tráth déanta an chiona líomhnaithe.

(3) Aon duine ar seirbheáladh fógra dícháiliúcháin sheasta air nó uirthi agus a d'íoc an muirear seasta, ní dhlítear fógra eile den sórt sin a sheirbheáil air nó uirthi laistigh den tréimhse 3 bliana ó dháta thosach feidhme an dícháiliúcháin tar éis íocaíocht a dhéanamh i leith an mhuirir sheasta de réir an fhógra.”,

agus

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

“(7) Maidir le fógra dícháiliúcháin sheasta—

- (a) beidh sé san fhoirm fhorordaithe,
- (b) beidh ann mionsonraí i dtaobh an mhodha chun muirear seasta a íoc, agus

- (c) féadfar a shonrú ann an duine lena bhfuil, agus an áit ina bhfuil, an íocaíocht le déanamh agus an bhfuil an fógra arna chomhlánú go cuí le bheith i dteannta na híocaíochta.

(7A) Beidh ráiteas i bhfógra dícháiliúcháin sheasta sa chéill—

- (a) go líomhnaítear go ndearna an duine ar a seirbheáiltear é an cion a shonraítear san fhógra,
- (b) go bhfuil an cion alcóil a airbheartaítear a bhí ina cholainn nó ina colainn amhail mar a bheidh ráite nó deimhnithe de réir Chuid 3 d’Acht 1994,
- (c) nach ndlitear den duine an muirear seasta a íoc más rud é nach ndlitear faoin alt seo fógra dícháiliúcháin sheasta a sheirbheáil air nó uirthi,
- (d) go bhféadfaidh an duine, má dhlitear faoin alt seo fógra dícháiliúcháin sheasta a sheirbheáil air nó uirthi, an muirear seasta a íoc le comhalta den Gharda Síochána i stáisiún sonraithe de chuid an Gharda Síochána nó in áit shonraithe eile le linn tréimhse 28 lá dar tosach an lá a luaitear san fhógra, agus an fógra arna chomhlánú go cuí ina theannta,
- (e) i gcás go ndéantar íocaíocht i leith an mhuirir sheasta laistigh den tréimhse a shonraítear i mír (d), go mbeidh an duine dícháilithe chun ceadúnas tiomána a shealbhú don tréimhse dá dtagraítear i bhfo-alt (5), agus
- (f) mura rud é nach ndlitear den duine faoin alt seo an muirear seasta a íoc, nach dtionscnófar ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe le linn na tréimhse a shonraítear i mír (d) nó, má dhéantar íocaíocht i leith an mhuirir sheasta le linn na tréimhse sin, agus an fógra arna chomhlánú go cuí ina teannta, nach dtionscnófar ionchúiseamh den sórt sin in aon chor.”.

(2) Beidh alt 5 d’Acht 2006 agus an t-alt seo arna n-aisghairm ar thosach feidhme *alt 29*.

(3) Ní dhéanann aisghairm alt 5 d’Acht 2006 le *fo-alt (2)* difear d’fhógra dícháiliúcháin sheasta a sheirbheáil faoin alt sin ar dhuine tar éis é a aisghairm.

#### CAIBIDIL 10

##### *Aisghairm (Cuid 2)*

**33.**—Aisghairtear iad seo a leanas:

- (a) ailt 49, 50 agus 51 den Phríomh-Acht,

Aisghairm — *Cuid 2*.

- (b) ailt 38, 42 agus 48 d'Acht 1968,
- (c) Codanna II (ailt 5 go 8) agus III (ailt 9 go 24) d'Acht 1994,
- (d) fo-ailt (2), (3) agus (4) d'alt 39 d'Acht 1994,
- (e) an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 2003,
- (f) alt 4 d'Acht 2006,
- (g) alt 1 den Acht um Thrácht ar Bhóithre agus Iompar 2006, agus
- (h) an ní ag uimhreacha tagartha 9 agus 10 de Chuid 1 den Tábla a ghabhann le hAcht 2006.

### CUID 3

#### CIONTA MUIREAR SEASTA AGUS FÓGRA MUIRIR SHEASTA

Cionta muirear seasta.

**34.**—Tá feidhm ag an gCuid seo maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) cibé cionta achoimre faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010* agus faoi Achtanna na mBóithre 1993 go 2007 ar ina leith a dhearbhóidh an tAire le rialacháin, arna ndéanamh tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, gur cionta muirear seasta iad,
- (b) cibé cionta—
  - (i) faoin Acht um Iompar ar Bhóithre 1933 (lena n-áirítear aon Acht a fhorléirítear mar aon ní amháin leis) nach bhféadfar a thriail ar díotáil, nó
  - (ii) faoi aon rialachán arna dhéanamh faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972 ar rialachán é lena ndéantar foráil maidir le hiompar earraí de bhóthar nó maidir le hiompar paisinéirí de bhóthar nó maidir le comhchuibhiú reachtaíochta áirithe a bhaineann le hiompar ar bhóithre,
- (c) cion faoi alt 34 nó 39 den Acht um Rialáil Tacsaithe 2003 i leith cibé sáruithe ar rialacháin arna ndéanamh faoi na hailt sin ar ina leith a dhearbhóidh an tAire le rialacháin gur cionta muirear seasta iad,
- (d) cion faoi Rialachán 4 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feistí Teorannaithe Luais a Shuiteáil agus a Úsáid i Mótarfheithiclí) 2005 (I.R. Uimh. 831 de 2005),
- (e) cion faoi Rialachán 5, 6, 7, 8 nó 9 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Úsáid Éigeantach Criosanna Sábhála agus Córais Feistí Srianacha do Leanáil i Mótarfheithiclí) 2006 (I.R. Uimh. 240 de 2006), agus
- (f) cion—

- (i) faoi alt 73 den Acht Airgeadais 1976, agus
- (ii) faoi alt 139 den Acht Airgeadais 1992,

agus gairtear cion muirear seasta sa Chuid seo d'aon chion a bheidh arna dhearbhu amhlaidh faoi *mhír* (a) nó (b) agus de gach cion de na cionta dá dtagraítear i *míreanna* (c), (d), (e) agus (f).

**35.**—(1) I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag comhalta den Gharda Síochána chun a chreidiúint go bhfuil cion muirear seasta á dhéanamh nó déanta ag duine—

Fógra muirir sheasta — seirbheáil.

- (a) má dhéanann an comhalta an duine a chéannú, féadfaidh an comhalta, nó féadfaidh sé nó sí a chur faoi deara go ndéanfar, fógra muirir sheasta a sheirbheáil ar an duine go pearsanta nó leis an bpost, nó
- (b) mura ndéanann an comhalta an duine a chéannú agus má tá baint ag an gcion le feithicil inneallghluaiste, féadfaidh an comhalta, nó féadfaidh sé nó sí a chur faoi deara go ndéanfar, fógra muirir sheasta a sheirbheáil ar úinéir cláraithe na feithicle go pearsanta nó leis an bpost.

(2) Ní thionscnófar ionchúiseamh i leith ciona muirear seasta mura rud é gur seirbheáladh fógra muirir sheasta maidir leis an gcion líomhnaithe ar an duine lena mbaineann faoin alt seo agus go mainníonn an duine an muirear seasta a íoc de réir an fhógra.

(3) I gcás ina bhfuil fógra muirir sheasta á sheirbheáil ar dhuine arna chéannú nó arna céannú faoi *fho-alt (1)(a)* nó ar úinéir cláraithe i gcás nach ndéantar an duine a chéannú faoi *fho-alt (1)(b)*, féadfar é a sheirbheáil—

- (a) i gcás é a sheirbheáil go pearsanta—
  - (i) i gcás ina ndéantar an duine a chéannú—
    - (I) trína sheachadadh ar an duine, nó
    - (II) trína fhágáil ag an seoladh—
      - (A) ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine,
      - (B) a thug an duine don chomhalta dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* tráth an chiona líomhnaithe, nó
      - (C) ag a bhfuil an fheithicil cláraithe, i gcás gurb é nó í úinéir cláraithe na feithicle an duine tráth an chiona líomhnaithe,
  - nó
  - (ii) i gcás nach ndéantar an duine a chéannú, trína sheachadadh ar an seoladh, nó trína fhágáil ag an seoladh, ag a bhfuil an fheithicil cláraithe tráth an chiona líomhnaithe,

nó

- (b) i gcás é a sheirbheáil leis an bpost—

(i) i gcás ina ndéantar an duine a chéannú, trína chur chuig an seoladh (laistigh nó lasmuigh den Stát)—

(I) ag a bhfuil gnáthchónaí ar an duine,

(II) a thug an duine don chomhalta dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* tráth an chiona líomhnaithe, nó

(III) ag a bhfuil an fheithicil cláraithe, i gcás gurb é nó í úinéir cláraithe na feithicle an duine tráth an chiona líomhnaithe,

nó

(ii) i gcás nach ndéantar an duine a chéannú, trína sheachadadh ar an seoladh, nó trína fhágáil ag an seoladh, ag a bhfuil an fheithicil cláraithe tráth an chiona líomhnaithe.

(4) I gcás dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, más rud é nach cion pointí pionóis an cion lena mbaineann—

(a) déanfar na tagairtí san fho-alt sin do chomhalta den Gharda Síochána a fhorléiriú mar thagairtí a fholáíonn tagairtí do mhaor tráchta, agus

(b) léifear *mír (b)* den fho-alt sin amhail is dá ndéanfaí “nó greamóidh sé nó sí fógra den sórt sin den fheithicil” a chur isteach i ndiaidh “go pearsanta nó leis an bpost”.

(5) I gcás dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, más cion dá dtagraítear in *alt 34(b)* an cion, tá na tagairtí i *bhfo-alt (1)* (seachas *mír (b)*) do chomhalta den Gharda Síochána le léamh mar thagairtí a fholáíonn tagairtí, de réir mar a bheidh—

(a) d'oifigeach iompair (de réir bhrí alt 15 den Acht um Iompar ar Bhóithre 1986), nó

(b) do dhuine údaraithe arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 49 den Acht um Rialáil Tacsaithe 2003.

(6) Más rud é—

(a) go ndéantar fógra muirir sheasta a sheirbheáil ar úinéir cláraithe feithicle inneallghluaiste nó a ghreamú d'fheithicil den sórt sin, agus

(b) nach raibh úinéir cláraithe na feithicle ag tiomáint na feithicle nó ag baint úsáid aisti ar shlí eile tráth déanta an chiona líomhnaithe lena mbaineann an fógra,

déanfaidh an t-úinéir cláraithe—

(i) tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis dháta an fhógra, doiciméad san fhoirm fhorordaithe a thabhairt do chomhalta den Gharda Síochána nó do mhaor tráchta, nó a chur chuige nó chuici, ag stáisiún an Gharda Síochána nó ag an áit eile a shonraítear san fhógra, ar doiciméad é arna shíniú ag an úinéir cláraithe agus ina luaitear ainm agus seoladh an duine a bhí ag tiomáint na feithicle nó ag baint úsáid aisti ar shlí eile tráth déanta an chiona sin, agus



- (ii) cibé faisnéis eile atá ar eolas nó ar fáil aige nó aici a thabhairt do chomhalta den Gharda Síochána nó do mhaor tráchta, nó a chur chuige nó chuici, laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an comhalta nó an maor, ag stáisiún an Gharda Síochána nó ag an áit eile a shonraítear san fhógra, ar faisnéis í a iarrfaidh an comhalta nó an maor le réasún chun an duine dá dtagraítear i *bhfómhír (i)* a chéannú agus chun a fháil amach cá bhfuil sé nó sí.

(7) I gcás go ndéanann úinéir cláraithe ainm agus seoladh an duine a bhí ag tiomáint na feithicle lena mbaineann nó ag baint úsáid aisti ar shlí eile a thabhairt nó a chur de réir *fho-alt (6)(b)(i)*, is ar an úinéir cláraithe atá an dualgas cruthúnas a thaispeáint gur thug nó gur chuir sé nó sí an t-ainm agus an seoladh. In ionchúiseamh i leith ciona faoi *alt 40(2)* toimhdeofar, cheal cruthúnais den sórt sin, nár tugadh ná nár cuireadh an t-ainm nó an seoladh sin amhlaidh go dtí go suífear a mhalairt.

(8) Chun críocha *fho-alt (6)(b)*, i gcás nach pearsa aonair úinéir cláraithe na feithicle lena mbaineann, déanfaidh duine atá ag gníomhú thar ceann an úinéara nó atá ar fostú ag an úinéir an oibleágáid faoin bhforáil sin a chomhall.

(9) Tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis doiciméad dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)* agus ina bhfuil ainm agus seoladh an duine a bhí ag tiomáint na feithicle lena mbaineann nó ag baint úsáid aisti ar shlí eile tráth déanta an chiona líomhnaithe lena mbaineann a thabhairt do chomhalta den Gharda Síochána nó do mhaor tráchta nó a chur chuige nó chuici, cuirfidh an Coimisinéir faoi deara go ndéanfar fógra faoin alt seo a sheirbheáil ar an duine go pearsanta nó leis an bpost.

**36.—(1)** Maidir le fógra muirir sheasta—

Fógra muirir  
sheasta — foirm.

- (a) beidh sé san fhoirm fhorordaithe,
- (b) beidh ann mionsonraí i dtaobh an mhodha chun muirear seasta a íoc,
- (c) féadfar a shonrú ann an duine lena bhfuil, agus an áit ina bhfuil, an íocaíocht le déanamh agus an bhfuil an fógra arna chomhlánú go cuí le bheith i dteannta na híocaíochta,
- (d) má bhaineann sé le cion pointí pionóis, ceanglófar leis cibé mionsonraí, maidir leis an gceadúnas tiomána nó leis an gcead foghlaimora a shealbhaíonn an duine ar a seirbheáiltear é, a shonraítear san fhógra, agus
- (e) má bhaineann sé le cion pointí pionóis, beidh ann ráiteas sa chéill go ndéanfar, má dhéanann an duine ar a seirbheáiltear é íocaíocht a shonraítear i *mír (b)* nó (*c*) *d'fho-alt (2)* nó, de réir mar a bheidh, i *bhfo-alt (3)* de réir na bhforálacha sin nó má chiontaítear sa chion sin é nó í, líonta sonraithe éagsúla pointí pionóis (de réir na brí sin) a fhormhuiniú ar an iontráil (de réir na brí sin) a bhaineann leis an duine.

(2) Má sheirbheáiltear fógra faoi *alt 35(1)(a)* nó (*9*), beidh ann, gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, ráiteas sa chéill—

- (a) go líomhnaítear go ndearna an duine ar a seirbheáiltear é cion a shonraítear san fhógra,
- (b) go bhféadfaidh an duine, le linn na tréimhse 28 lá dar tosach dáta an fhógra, íocaíocht a dhéanamh i leith muirir sheasta de mhéid forordaithe mar a shonraítear san fhógra,
- (c) mura ndéanann an duine an íocaíocht a shonraítear i *mír (b)* den fho-alt seo, le linn na tréimhse 28 lá dar tosach deireadh na tréimhse sin, go bhféadfaidh an duine íocaíocht a dhéanamh i leith muirir sheasta mar a shonraítear san fhógra de mhéid atá 50 faoin gcéad níos mó ná an méid forordaithe dá dtagraítear i *mír (b)*, agus
- (d) nach dtionscnófar ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe le linn na tréimhse a shonraítear san fhógra nó, má dhéantar íocaíocht a shonraítear amhlaidh de réir an fhógra le linn na tréimhse cuí a shonraítear amhlaidh i ndáil leis an íocaíocht, nach dtionscnófar ionchúiseamh ina leith ar chor ar bith.

(3) Má dhéantar fógra a sheirbheáil nó a ghreamú d'fheithicil inneallghluaiste faoi *alt 35(1)(b)*, beidh ann, gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, ráiteas sa chéill—

- (a) go líomhnaítear go ndearnadh cion a shonraítear san fhógra,
- (b) go bhféadfaidh duine a dhlífear a ionchúiseamh i leith an chiona, le linn na tréimhse 28 lá dar tosach dáta an fhógra, íocaíocht a dhéanamh i leith muirir sheasta de mhéid forordaithe,
- (c) mura ndéanann an duine an íocaíocht a shonraítear i *mír (b)* le linn na tréimhse a shonraítear amhlaidh, go bhféadfaidh an duine, le linn na tréimhse 28 lá dar tosach deireadh na tréimhse a shonraítear sa mhír sin, íocaíocht a dhéanamh i leith muirir sheasta de mhéid atá 50 faoin gcéad níos mó ná an méid forordaithe dá dtagraítear i *mír (b)*,
- (d) mura raibh úinéir cláraithe na feithicle lena mbaineann ag tiomáint na feithicle nó ag baint úsáid aisti ar shlí eile tráth déanta an chiona líomhnaithe lena mbaineann, go gceanglaítear air nó uirthi le *halt 35(6)*—
  - (i) tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis dháta an fhógra, doiciméad san fhoirm fhorordaithe a thabhairt do chomhalta den Gharda Síochána nó do mhaor tráchta, nó a chur chuige nó chuici, ag stáisiún sonraithe de chuid an Gharda Síochána nó ag áit shonraithe eile, ar doiciméad é arna shíniú ag an úinéir cláraithe agus ina luaitear ainm agus seoladh an duine a bhí ag tiomáint na feithicle nó a bhí ag baint úsáid aisti ar shlí eile tráth déanta an chiona sin, agus
  - (ii) cibé faisnéis eile atá ar eolas nó ar fáil aige nó aici a thabhairt do chomhalta den Gharda Síochána nó do mhaor tráchta, nó a chur chuige nó chuici, laistigh de cibé tréimhse a shonróidh an comhalta nó an

maor, ag stáisiún sonraithe de chuid an Gharda Síochána nó ag áit shonraithe eile, ar faisnéis í a iarrfaidh an comhalta nó an maor le réasún chun an duine dá dtagraítear i *bhfómhír (i)* a chéannú agus chun a fháil amach cá bhfuil sé nó sí,

- (e) nach dtionscnófar ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe le linn na dtréimhsí a shonraítear san fhógra faoi *mhíreanna (b)* agus (c) nó, má dhéantar íocaíocht a shonraítear san fhógra de réir an fhógra, le linn na tréimhse cuí a shonraítear amhlaidh i ndáil leis an íocaíocht, nach dtionscnófar ionchúiseamh ina leith ar chor ar bith,
- (f) má dhéantar íocaíocht mar a dúradh, agus an fógra arna chomhlánú go cuí ina teannta, le linn na tréimhse cuí a dúradh, nach gá don úinéir cláraithe *alt 35(6)* a chomhlíonadh,
- (g) má chomhlíonann an t-úinéir cláraithe *alt 35(6)*, nach gá don úinéir cláraithe íocaíocht a dhéanamh mar a dúradh agus nach dtionscnófar ionchúiseamh ina choinne nó ina coinne i leith an chiona líomhnaithe, agus
- (h) faoi réir *mhír (f)*, gur cion é mainneachtain *alt 35(6)* a chomhlíonadh agus go ndlífear fineáil nach mó ná €1,000 a chur ar an úinéir cláraithe ar é nó í a chiontú go hachomair ina leith.

(4) Má sheirbheáiltear fógra faoi *alt 44(1)* beidh ann, gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, ráiteas sa chéill—

- (a) go líomhnaítear go ndearna an duine ar a seirbheáiltear é cion a shonraítear sa toghairm a sheirbheáiltear i dteannta an fhógra,
- (b) go bhféadfaidh an duine, tráth nach déanaí ná 7 lá roimh an dáta a shonraítear sa toghairm agus ar a bhfuil an cúiseamh le héisteacht ag an gcúirt, íocaíocht i leith muirir sheasta de mhéid a luaitear san fhógra a sheirbheáiltear i dteannta na toghairme a dhéanamh ar an tslí a shonraítear san fhógra,
- (c) má íocann an duine an muirear seasta, nach leanfar d'aon imeachtaí i leith an chiona líomhnaithe agus nach gá don duine freastal ar an gcúirt an lá a shonraítear sa toghairm.

**37.—(1)** I gcás ina ndéantar fógra a sheirbheáil nó a ghreamú faoi *alt 35(1)* nó a sheirbheáil faoi *alt 35(9)*—

Muirear seasta a íoc.

- (a) féadfaidh duine nó an duine lena mbaineann an fógra, le linn na tréimhse a shonraítear san fhógra agus de réir an fhógra, íocaíocht a shonraítear san fhógra a dhéanamh,
- (b) maidir leis an íocaíocht—
  - (i) féadfar í a fháil de réir an fhógra agus féadfaidh an duine a fhaigheann an íocaíocht admháil a eisiúint ina leith, agus

(ii) déanfar í a íoc isteach sa Stáitchiste nó a chur chun tairbhe don Stáitchiste de réir mar a ordóidh an tAire Airgeadais,

agus ní bheidh sí inghnóthaithe ag an duine a rinne í,

(c) ní thionscnófar ionchúiseamh i leith an chiona líomhnaithe lena mbaineann an fógra le linn na tréimhse a shonraítear san fhógra nó, má dhéantar íocaíocht a shonraítear amhlaidh le linn na tréimhse a shonraítear amhlaidh de réir an fhógra i ndáil leis an íocaíocht, ní thionscnófar ionchúiseamh ina leith ar chor ar bith,

(d) i gcás ina ndéantar an fógra a sheirbheáil nó a ghreamú faoi *alt 35(1)(b)* agus ina ndéantar íocaíocht amhlaidh mar a dúradh de réir an fhógra, ní gá don úinéir cláraithe *alt 35(6)* a chomhlíonadh, agus

(e) má chomhlíonann an t-úinéir cláraithe *alt 35(6)*, ní gá don úinéir cláraithe an íocaíocht a dhéanamh mar a dúradh agus ní thionscnófar ionchúiseamh i gcoinne an úinéara chláraithe i leith an chiona líomhnaithe sin.

(2) Ní ghlacfar le híocaíocht i leith muirir sheasta tar éis dheireadh na tréimhse i leith an muirear seasta a íoc de réir mar a shonraítear san fhógra muirir sheasta ar tréimhse í a thosaíonn an dáta a seirbheáladh nó a greamaíodh an fógra faoi *alt 35(1)* nó a seirbheáladh é faoi *alt 35(9)*, de réir mar a bheidh.

Toimhdeana.

**38.—(1)** In ionchúiseamh i leith ciona muirear seasta toimhdeofar, go dtí go suítear a mhalairt—

(a) maidir leis an bhfógra muirir sheasta iomchuí—

(i) má tá sé á sheirbheáil go pearsanta nó á ghreamú d'fheithicil, go ndearnadh é a sheirbheáil nó a ghreamú amhlaidh, nó

(ii) má tá sé á sheirbheáil leis an bpost, go ndearnadh é a sheirbheáil amhlaidh i gcás ina bhfuil cruthúnas ann ar an bhfógra a chur leis an bpost nó a sheachadadh,

agus

(b) nach ndearnadh íocaíocht faoin bhfógra muirir sheasta iomchuí agus an fógra arna chomhlánú go cuí ina teannta (mura rud é go bhfuil foráil san fhógra maidir le híocaíocht a dhéanamh gan an fógra a bheith i dteannta na híocaíochta).

(2) In aon imeachtaí i leith ciona muirear seasta, maidir le doiciméad a airbheartaíonn gur deimhniú nó admháil é maidir le cur leis an bpost nó maidir le seachadadh arna eisiúint nó arna heisiúint ag an bPost nó ag seirbhís poist eile, beidh sé inghlactha i bhfianaise mar chruthúnas ar fhógra muirir sheasta a chur leis an bpost nó a sheachadadh, de réir mar a bheidh, go dtí go suítear a mhalairt.

(3) Más rud é, i gcás lena mbaineann *alt 35(1)(b)*, nach dtugann nó nach gcuireann úinéir cláraithe na feithicle inneallghluaiste lena mbaineann, de réir *alt 35(6)*, an fhaisnéis a shonraítear i *mír (b)* den fho-alt sin, ansin—

- (a) in ionchúiseamh i gcoinne an úinéara sin i leith an chiona líomhnaithe, nach cion pointí pionóis, lena mbaineann an fógra faoi *alt 35(1)(b)* toimhdeofar, go dtí go suítear a mhalairt, go raibh sé nó sí ag tiomáint na feithicle nó ag baint úsáid aisti ar shlí eile tráth déanta an chiona líomhnaithe, nó
- (b) in ionchúiseamh i gcoinne an úinéara sin nó i gcoinne duine eile i leith an chiona líomhnaithe, ar cion pointí pionóis é, lena mbaineann an fógra faoi *alt 35(1)(b)* toimhdeofar, go dtí go suítear a mhalairt—
- (i) i gcás gur pearsa aonair an t-úinéir cláraithe, go raibh sé nó sí ag tiomáint na feithicle nó ag baint úsáid aisti ar shlí eile, nó
- (ii) i gcás gur comhlacht corpraithe nó comhlacht neamhchorpraithe daoine an t-úinéir cláraithe nó go ndearna an t-úinéir cláraithe an fheithicil a fhrúiliú faoi chomhaontú fruiliomána nó a léasú—
- (I) go raibh an duine a gceadaítear dó nó di faoi pholasáí árachais ceadaithe nó faoi chomhaontú, de réir mar a bheidh, an fheithicil a thiomáint ag tiomáint na feithicle nó ag baint úsáid aisti ar shlí eile, nó
- (II) i gcás nach féidir céannacht an duine sin a fháil amach, go measfar go raibh an t-úinéir cláraithe ag tiomáint na feithicle nó ag baint úsáid aisti ar shlí eile,

tráth déanta an chiona líomhnaithe.

(4) Chun críocha *fho-alt (3)(b)*, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a iarraidh, nó a chur faoi deara go n-iarrfar, le fógra a sheirbheáiltear nó a chuirtear faoi deara a sheirbheáil ar an tslí a shonraítear in *alt 35(3)*, ar úinéir cláraithe na feithicle lena mbaineann faisnéis (lena n-áirítear polasaí árachais ceadaithe nó comhaontú chun an fheithicil a thiomáint, a bhaineann leis an bhfeithicil lena mbaineann, a thabhairt ar aird don chomhalta lena iniúchadh) a thabhairt dó nó di agus má mhainníonn an t-úinéir cláraithe, tráth nach déanaí ná 28 lá tar éis dháta an fhógra, an fhaisnéis a thabhairt nó má thugann sé nó sí faisnéis atá bréagach nó míthreorach, déanann an t-úinéir cláraithe cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi.

**39.**—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena gceanglófar faisnéis a thabhairt don Aire, d'údarás ceadúnúcháin nó do chomhalta den Gharda Síochána chun críocha *alt 38(3)* agus lena bhfaighfear amach i gcoitinne ainmneacha agus seoltaí daoine a gceadaítear dóibh faoi pholasaithe árachais ceadaithe nó faoi chomhaontuithe nó ar shlí eile feithicilí inneallghluaiste a thiomáint.

Rialacháin —  
faisnéis maidir le  
tiománaithe feithicilí  
inneallghluaiste.

(2) Aon duine a mhainníonn faisnéis a thabhairt de réir rialachán arna ndéanamh faoi *fho-alt (1)* nuair a iarrtar air nó uirthi déanamh amhlaidh, déanann sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi.

Cionta i ndáil le fógraí muirir sheasta.

**40.**—(1) Aon fhógra a ghreamaítear d’fheithicil inneallghluaiste faoi *alt 35(1)*, ní bhainfidh aon duine é ná ní bhainfidh aon duine leis ach amháin duine lena mbaineann an fógra.

(2) Aon duine a sháraíonn *alt 35(6)* (faoi réir *alt 37(1)(e)*) nó *fo-alt (1)*, déanann sé nó sí cion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €1,000 a chur air nó uirthi.

(3) Is cosaint é do dhuine a chúisítear i gcion faoi *fho-alt (2)*, arb é atá ann sárú ar *alt 35(6)*, a shuíomh nach raibh an fhaisnéis lena mbaineann ar eolas nó ar fáil aige nó aici agus go ndearna sé nó sí gach beart réasúnach chun an fhaisnéis a fháil.

(4) In ionchúiseamh i leith ciona faoi *fho-alt (2)*, arb é atá ann sárú ar *alt 35(6)*, toimhdeofar, go dtí go suífeair a mhalairt, gur seirbheáladh an fógra muirir sheasta lena mbaineann an cion ar an duine cúisithe de réir *alt 35(1)(b)*.

(5) In ionchúiseamh i gcoinne duine—

(a) i leith an chiona líomhnaithe lena mbaineann fógra muirir sheasta arna sheirbheáil ar úinéir cláraithe feithicle inneallghluaiste, nó

(b) i leith ciona faoi *fho-alt (6)*,

aon doiciméad a airbheartaíonn gur doiciméad faoi *alt 35(6)* é, ina luaitear ainm agus seoladh an duine a bhí ag tiomáint na feithicle nó a bhí ag baint úsáid aisti ar shlí eile tráth déanta an chiona líomhnaithe dá dtagraítear i *mír (a)*, agus a airbheartaíonn a bheith sínithe ag an úinéir cláraithe sin, ar doiciméad é a thug an t-úinéir cláraithe do chomhalta den Gharda Síochána nó do mhaor tráchta nó a chuir an t-úinéir cláraithe chuige nó chuici faoi *mhír (b)* den *fho-alt* sin, measfar, go dtí go suífeair a mhalairt, gur doiciméad den sórt sin é agus measfar é a bheith sínithe amhlaidh agus, i gcás gur ionchúiseamh é i leith an chiona dá dtagraítear i *mír (a)*, beidh an doiciméad sin inghlactha mar fhianaise ar na fíorais a luaitear ann go dtí go suífeair a mhalairt.

(6) Aon duine a dhéanann, faoi *alt 35(6)*, faisnéis (cibé acu i ndoiciméad nó nach ea) is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach a thabhairt do chomhalta den Gharda Síochána nó do mhaor tráchta, nó a chur chuige nó chuici, déanann sé nó sí cion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €2,000 a chur air nó uirthi.

(7) D’ainneoin *alt 10(4)* den *Petty Sessions (Ireland) Act 1851*, féadfar imeachtaí achoimre i leith ciona faoi *fho-alt (2)*, arb éard atá ann sárú ar *alt 35(6)*, nó i leith ciona faoi *alt 38(4)* a thionscnamh aon tráth laistigh de 2 bhliain ón dáta a rinneadh an cion.

Rialacháin — méideanna muirear seasta.

**41.**—Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar méid muirir sheasta agus féadfar méideanna éagsúla a fhorordú leo—

(a) i ndáil le cionta muirear seasta éagsúla,

(b) i ndáil le cionta muirear seasta a mbíonn baint acu le haicmí éagsúla feithiclí, nó

- (c) i ndáil le cionta muirear seasta arna ndéanamh i limistéir éagsúla.

42.—(1) (a) Féadfaidh an tAire cibé daoine agus cibé líon daoine a Maoir thráhta.

chinnfidh sé nó sí a údarú i scríbhinn chun na feidhmeanna a thugtar do mhaoir thráhta leis an gCuid seo a chomhlíonadh. Aon duine a údarófar amhlaidh, déanfaidh sé nó sí, le linn dó nó di aon fheidhm den sórt sin a chomhlíonadh, má iarrtar air nó uirthi déanamh amhlaidh, údarú an Aire faoin alt seo, nó cóip de, a thabhairt ar aird don duine a d'iarr é.

- (b) Is de réir mar a chinnfidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a bheidh an líon daoine a bheidh údaraithe faoin bhfo-alt seo mar aon lena luach saothair agus lena gcoinníollacha eile seirbhíse.

- (c) Níl feidhm ag Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse 1956 ná ag Acht Rialuithe na Stát-Sheirbhíse 1956 maidir le post mar mhaor thráhta.

- (d) San fho-alt seo, ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí.

(2) I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag maor thráhta lena chreidiúint go bhfuil cion muirear seasta á dhéanamh nó déanta ag duine, féadfaidh an maor thráhta ainm agus seoladh an duine a iarraidh air nó uirthi agus, mura ndéanann an duine de réir na hiarrata nó má thugann sé nó sí ainm nó seoladh atá bréagach nó míthreorach, déanann sé nó sí cion.

43.—(1) Féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, Eisfhoinsíú.  
trí chomhaontú i scríbhinn arna dhéanamh le duine, ar cibé téarmaí agus coinníollacha a shonrófar sa chomhaontú, foráil a dhéanamh maidir leis an duine sin—

- (a) do chomhlíonadh fheidhm an Choimisinéara i leith doiciméad a sheirbheáil faoi *alt 35(9)*, nó

- (b) do chomhlíonadh aon cheann d'fheidhmeanna comhalta den Gharda Síochána nó maoir thráhta faoin gCuid seo seachas na feidhmeanna a shonraítear in *alt 35(1)*.

(2) Féadfaidh feidhm a bheith ag comhaontú dá dtagraítear i *mír (a) d'fho-alt (1)* maidir le comhlíonadh gach ceann nó aon cheann de na feidhmeanna dá dtagraítear sa mhír sin i leith na gcionta go léir nó i leith cionta roghnaithe lena mbaineann an t-alt seo.

(3) Tá feidhm ag alt 14(2), (3) agus (4) den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2002 maidir le haon chomhaontú a dhéanann an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí faoi *fho-alt (1)(a)*.

44.—(1) Aon duine ar a seirbheáiltear toghairm i leith ciona Muirear seasta a fóc ar thoghairm a sheirbheáil.  
muirear seasta, féadfaidh sé nó sí muirear seasta de mhéid a luaitear san fhógra muirir sheasta a sheirbheáiltear i dteannta na toghairme ar an duine i leith an chiona muirear seasta a fóc ar an modh a shonraítear san fhógra tráth nach déanaí ná 7 lá roimh an dáta a shonraítear sa toghairm ar a bhfuil an cúiseamh le héisteacht ag an gcúirt. Má íocann an duine an muirear seasta ar an modh a

shonraítear san fhógra laistigh den tréimhse sin, scoirfear d'imeachtaí i leith an chiona líomhnaithe agus ní gá don duine freastal ar an gcúirt ar an lá a shonraítear sa toghairm.

(2) Féadfaidh an tSeirbhís Chúirteanna fógra muirir sheasta arna sheirbheáil faoi *fho-alt (1)* a sheirbheáil.

(3) Is é a bheidh i méid an mhuirir sheasta a luafar san fhógra a sheirbheálfar i dteannta toghairme ar an duine faoi *fho-alt (1)* méid atá 100 faoin gcéad níos mó ná an méid forordaithe a luafar san fhógra muirir sheasta a sheirbheálfar ar an duine de réir *alt 35* i leith an chiona muirear seasta.

(4) Maidir le híocaíocht faoi *fho-alt (1)*—

(a) ní fhéadfar í a fháil ach amháin laistigh den tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* agus de réir an fhógra muirir sheasta, agus

(b) níl sí inghnóthaithe ag na daoine a íocann í.

(5) Féadfaidh an duine a fhaigheann íocaíocht faoi *fho-alt (1)* admháil a eisiúint ina leith.

(6) Déanfar aon suimeanna a fhaightear faoi *fho-alt (1)* a íoc isteach sa Státchiste nó a chur chun tairbhe don Státchiste ar cibé slí a ordóidh an tAire Airgeadais.

(7) I gcás ina seirbheáiltear toghairm ar dhuine i leith ciona muirear seasta, ní cosaint é ar an gcion líomhnaithe fianaise a thugann an duine nár seirbheáladh fógra muirir sheasta air nó uirthi de réir *alt 35* i leith an chiona líomhnaithe.

(8) San alt seo, ciallaíonn “toghairm” toghairm arna heisiúint—

(a) faoi alt 10 den *Petty Sessions (Ireland) Act 1851*, nó

(b) faoi Acht na gCúirteanna (Uimh. 3) 1986.

Cion ag comhlacht corpraithe.

**45.**—I gcás go ndéanann comhlacht corpraithe, nó duine a airbheartaíonn gníomhú thar ceann comhlachta chorpraithe nó thar ceann comhlachta neamhchorpraithe daoine, cion faoi *alt 38, 39* nó *40(2)* (i leith sárú ar *alt 37(1)(e)* den Acht seo) nó faoi alt *3(7)(h)* (a cuireadh isteach le halt *23(c)* d’Acht 2004) d’Acht 1975 agus go gcruthaítear go ndearnadh amhlaidh é le toiliú nó le cúlchadú, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí toiliúla ar thaobh, aon duine eile ar stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile (lena n-áirítear comhalta d’aon choiste bainistíochta nó d’aon údarás rialaithe eile) de chuid an chomhlachta sin é nó í nuair a rinneadh an cion, nó a d’airbheartaigh gníomhú in aon cháil den sórt sin an tráth sin, déanann an duine eile sin, chomh maith leis an gcomhlacht, nó an duine a airbheartaíonn amhlaidh gníomhú thar ceann an chomhlachta, cion agus dlífeair imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá ndéanfadh sé nó sí an cion céadluaite.

Fógra muirir sheasta — maoir thráchta.

**46.**—Leasaítear alt 3 (arna leasú le halt 12 d’Acht 2000) den Acht um Údarás Áitiúla (Maoir Thráchta) 1975 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad *fho-alt (2)* (a cuireadh isteach le halt 12 d’Acht 2002):



“(2) I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag maor tráchta lena chreidiúint go bhfuil cion muirear seasta á dhéanamh nó déanta ag duine—

- (a) má dhéanann an maor an duine a chéannú, féadfaidh an maor, nó féadfaidh sé nó sí a chur faoi deara, fógra faoin alt seo a sheirbheáil ar an duine go pearsanta nó leis an bpost, nó
- (b) más rud é nach ndéanann an maor an duine a chéannú agus go bhfuil baint ag an gcion le feithicil inneallghluaiste a úsáid, féadfaidh an maor—
  - (i) fógra faoin alt seo a sheirbheáil, nó a chur faoi deara fógra faoin alt seo a sheirbheáil, ar úinéir cláraithe na feithicle go pearsanta nó leis an bpost, nó
  - (ii) fógra den sórt sin a ghreamú den fheithicil.

(2A) Ní thionscnófar ionchúiseamh i leith ciona muirear seasta mura rud é gur seirbheáladh fógra faoin alt seo maidir leis an gcion líomhnaithe ar an duine lena mbaineann faoin alt seo agus go mainníonn an duine an muirear seasta a íoc de réir an fhógra.”.

47.—(1) Sa Chuid seo—

Léiriú.

ciallaíonn “muirear seasta” méid muirir sheasta arna fhorordú faoi *alt 41*;

ciallaíonn “cion muirear seasta” cion arna dhearbhu faoi *alt 34* nó dá dtagraítear in *alt 34*;

ciallaíonn “fógra muirir sheasta” fógra arna sheirbheáil faoi *alt 35* nó *44(1)*;

tá le “cion pointí pionóis” an bhrí a shanntar dó le halt 1(1) d’Acht 2002;

ciallaíonn “maor tráchta” duine arna údarú nó arna húdarú faoi *alt 42(1)*.

(2) Sa Chuid seo, aon tagairtí d’fhógra muirir sheasta faoin alt seo, arna chomhlánú go cuí, is tagairtí iad d’fhógra den sórt sin ar ar chuir an duine lena mbaineann an fógra isteach uimhir, dáta deonaithe agus tréimhse bailíochta cheadúnas tiomána an duine sin, nó ar ar cuireadh an céanna isteach thar ceann an duine sin.

(3) Tá tagairt d’fhógra faoi alt 103 (a cuireadh isteach le halt 11 d’Acht 2002) den Phríomh-Acht arna sheirbheáil ar dhuine tar éis thosach feidhme *alt 35* le léamh mar thagairt d’fhógra faoin gCuid seo.

Beart idirthréimhseach — dualgas cruthúnais i leith tiománaí ainmnithe agus dualgais úinéara chláráithe a chomhall — alt 103(4) den Phríomh-Acht.

**48.**—(1) I gcás ina ndéanann úinéir cláráithe ainm agus seoladh an duine a bhí ag tiomáint na feithicle lena mbaineann nó ag baint úsáid aisti ar shlí eile a thabhairt nó a chur de réir fho-alt (4)(i) d’alt 103 (a cuireadh isteach le halt 11 d’Acht 2002) den Phríomh-Acht, is ar an úinéir cláráithe atá an dualgas cruthúnas a thaispeáint gur thug nó gur chuir sé nó sí an t-ainm agus an seoladh. In ionchúiseamh i leith ciona faoi fho-alt (13) den alt sin toimhdeofar, cheal an chruthúnais sin, nár tugadh nó nár cuireadh aon ainm ná seoladh den sórt sin amhlaidh go dtí go suítear a mhalairt.

(2) Chun críocha fho-alt (5)(b) d’alt 103 den Phríomh-Acht, i gcás nach pearsa aonair úinéir cláráithe na feithicle lena mbaineann, déanfaidh duine atá ag gníomhú thar ceann an úinéara nó atá ar fóstú ag an úinéir an oibleagáid faoin bhforáil sin a chomhall.

(3) Leasaítear fo-alt (4) d’alt 103 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b) (a cuireadh isteach le halt 18(b) d’Acht 2004):

“(b) nach raibh úinéir cláráithe na feithicle ag tiomáint na feithicle nó ag baint úsáid aisti ar shlí eile tráth déanta an chiona líomhnaithe lena mbaineann an fógra.”

(4) Tá an t-alt seo arna aisghairm ar thosach feidhme *alt 35*.

Aisghairm — *Cuid 3*.

**49.**—Aisghairtear iad seo a leanas:

- (a) alt 103 den Phríomh-Acht,
- (b) alt 11 d’Acht 2002,
- (c) ailt 18, 19 agus 20 d’Acht 2004, agus
- (d) alt 14 d’Acht 2006.

#### CUID 4

##### ÉARLAIS I LEITH ÍOCAÍOCHTA

Éarlais i leith fócaíochta ó thiománaithe neamhchónaitheacha i leith cionta líomhnaithe áirithe.

**50.**—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le cionta—

- (a) faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010*,
- (b) faoin Acht um Iompar ar Bhóithre 1933 (lena n-áirítear aon Acht a fhorléirítear mar aon ní amháin leis),
- (c) faoi aon rialachán arna dhéanamh faoi Acht na gComhphobal Eorpach 1972 ar rialachán é lena ndéantar foráil maidir le hiompar earraí de bhóthar nó maidir le hiompar paisinéirí de bhóthar nó maidir le comhchuíbhíú reachtaíochta áirithe a bhaineann le hiompar ar bhóithre, nó
- (d) faoi aon achtachán nó ionstraim arna déanamh faoi aon achtachán a bhaineann le hiompar earraí nó paisinéirí de bhóthar nó le haon fheithicil nó aicme feithicilí a bhíonn ag gabháil d’iompar den sórt sin,

de réir mar a fhorordófar.

(2) Más rud é—

- (a) go bhfuil forais réasúnacha ag comhalta den Gharda Síochána nó ag oifigeach iompair chun a chreidiúint go bhfuil cion lena mbaineann an t-alt seo á dhéanamh nó déanta ag duine, agus
- (b) nach dtugann an duine seoladh sa Stát don chomhalta nó don oifigeach ar deimhin leis an gcomhalta nó leis an oifigeach ina leith gur dóigh go mbeadh sé indéanta an duine a aimsiú aon uair is gá sin a dhéanamh i dtaca le haon imeachtaí i leith an chiona líomhnaithe,

ansin féadfaidh an comhalta nó an t-oifigeach, faoi réir *fho-alt (3)*, fógra (dá ngairtear “fógra um éarlais i leith íocaíochta” san alt seo) a sheirbheáil go pearsanta ar an duine de réir an ailt seo.

(3) I gcás go seirbheáiltear fógra um éarlais i leith íocaíochta ar dhuine—

- (a) déanfaidh an comhalta den Gharda Síochána nó an t-oifigeach iompair a sheirbheálann an fógra a chur in iúl don duine gur dóigh go dtionscnófar imeachtaí i gcoinne an duine i leith an chiona líomhnaithe, nó
- (b) más cion muirear seasta an cion, seirbheálfaidh an comhalta nó an t-oifigeach fógra muirir sheasta ar an duine nó cuirfidh an comhalta nó an t-oifigeach in iúl don duine go mbeartaítear fógra muirir sheasta a sheirbheáil ar an duine.

(4) Maidir le duine ar seirbheáladh fógra um éarlais i leith íocaíochta air nó uirthi faoi *fho-alt (2)* agus—

- (a) a bhfuil cónaí air nó uirthi lasmuigh den Stát, déanfaidh sé nó sí an seoladh lasmuigh den Stát ag a bhfuil cónaí air nó uirthi nó arb é an áit chónaithe is gnáthaí aige nó aici a thabhairt don chomhalta nó don oifigeach a sheirbheálann an fógra, nó
- (b) i gcás go mbaineann an cion leis an duine d’úsáid feithicil inneallghluaiste i gcúrsa a fhostaíochta nó a fostaíochta, nach bhfuil aon ghnátháit chónaithe aige nó aici lasmuigh den Stát, déanfaidh sé nó sí seoladh a fhostóra nó a fostóra a thabhairt don chomhalta nó don oifigeach a sheirbheálann an fógra.

(5) Beidh fógra um éarlais i leith íocaíochta san fhoirm fhorordaithe.

(6) Maidir le fógra um éarlais i leith íocaíochta—

- (a) ceanglófar leis ar an duine méid a íoc (dá ngairtear “éarlais i leith íocaíochta” san alt seo) de réir ceanglas rialachán faoi *fho-alt (7)*, agus
- (b) beidh ann mionsonraí i dtaobh na gceanglas sin.

(7) Féadfaidh an tAire le rialacháin foráil a dhéanamh i ndáil le héarlais i leith íocaíochta le haghaidh gach ceann nó aon cheann díobh seo a leanas:

- (a) an méid atá le híoc agus féadfar méideanna éagsúla a fhorordú i ndáil le cionta éagsúla, arna ríomh i leith ciona mar chionmhaireacht den fhíneáil uasta a fhéadfar a ghearradh i ndáil leis an gcion nó, más cion muirear seasta an cion, méid an mhuirir sheasta nó cionmhaireacht shonraithe de;
  - (b) uainiú, modh nó slí na híocaíochta nó socruithe cuí chun íocaíocht a dhéanamh nó nithe a bhaineann leis an méid sin;
  - (c) an bhfuil an fógra le bheith i dteannta na híocaíochta agus, má tá, na mionsonraí is gá a chomhlánú ar an bhfógra;
  - (d) roghanna maidir le híocaíocht a dhéanamh (lena n-áirítear go bhféadfaí íocaíocht airgid a dhéanamh más rud é, sna himthosca agus an tráth ábhartha, nach féidir íocaíocht a dhéanamh ar shlí eile) ionas nach gcuirfear moill mhíchuí ar dhuine, atá toilteanach an éarlais i leith íocaíochta a íoc, ar a thuras nó ar a turas;
  - (e) admháil a eisiúint i leith íocaíochta;
  - (f) iarratais ar aisíocaíochtaí ar éarlaisí i leith íocaíochta, lena n-áirítear teorainneacha ama le haghaidh iarratas den sórt sin;
  - (g) éarlaisí i leith íocaíochta a aisíoc, go hiomlán nó go páirteach;
  - (h) ordacháin a fhéadfaidh comhalta den Gharda Síochána nó oifigeach iompair a thabhairt i dtaca le nithe a bhaineann le híocaíocht, leis na socruithe chun íocaíochtaí a dhéanamh nó leis an bhfeithicil lena mbaineann nó aon ualach atá uirthi;
  - (i) aon cheanglais eile a bhaineann leis an éarlais i leith íocaíochta a íoc, de réir mar is cuí leis an Aire.
- (8) Aon duine a dhiúltaíonn nó a mhainníonn—
- (a) éarlais i leith íocaíochta a íoc de réir ceanglas rialachán faoi *fho-alt* (7), nó
  - (b) seoladh a thabhairt chun críocha *fho-alt* (4),

dlífear—

- (i) go ndéanfaidh comhalta den Gharda Síochána nó oifigeach iompair, de réir mar is cuí, nó duine ainmnithe ar iarraidh an chomhalta nó an oifigh, fógra (dá ngairtear “fógra toirmisc” san alt seo) a sheirbheáil go pearsanta air nó uirthi á thoirmeasc an fheithicil lena mbaineann a ghluaiseacht seachas de réir ordachán ó aon chomhalta nó oifigeach den sórt sin, agus
- (ii) de réir rialachán faoi *fho-alt* (10)—

(I) go ndéanfar feiste doghluaiseachta a ghreamú den fheithicil mar aon le fógra (dá ngairtear “fógra doghluaiseachta” san alt seo) á rá go ndearnadh an fheithicil a chur ó ghluaiseacht agus nach ndéanfar í a ghluaiseacht, agus

(II) go ndéanfar an fheithicil a choinneáil nó a ghaibhniú,

go dtí go ndéantar íocaíocht nó go dtí go ndéantar socrú sásúil chun íocaíocht a dhéanamh de réir ordachán ó chomhalta den Gharda Síochána nó ó oifigeach iompair nó go dtí go dtugtar an seoladh, de réir mar a bheidh.

(9) (a) Beidh fógra toirmisc agus fógra doghluaiseachta san fhoirm fhorordaithe.

(b) Féadfaidh an tAire cibé daoine nó aicme daoine a fhorordú a fhéadfaidh a bheith ina ndaoine ainmnithe chun críocha *fho-alt* (8).

(10) Chun críocha an ailt seo, féadfaidh an tAire foráil a dhéanamh le rialacháin maidir le gach ceann nó le haon cheann de na nithe seo a leanas:

(a) nithe a bhaineann le feithicil a chur ó ghluaiseacht, a choinneáil agus a ghaibhniú, lena n-áirítear an fheithicil a scaoileadh ar an éarlais i leith íocaíochta lena mbaineann a íoc mar aon le haon táille chun í a scaoileadh agus a stóráil agus, i gcás an éarlais i leith íocaíochta a bheith gan íoc, nithe a bhaineann leis an bhfeithicil agus aon ualach uirthi a dhiúscairt agus aon táillí a bhaineann leis an méid sin;

(b) socruithe sásúla chun an méid a fhaightear as diúscairt na feithicle nó a hualaigh a íoc leis an duine cuí, tar éis aon asbhaint i leith táillí dá dtagraítear i *mír* (a), más cuí;

(c) an difríocht a ghnóthú ón duine cuí, más lú an méid a fhaightear tar éis na diúscartha sin ná an méid atá dlite i leith táillí dá dtagraítear i *mír* (a).

(11) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána nó oifigeach iompair, chun críocha an ailt seo agus aon rialachán arna ndéanamh faoi, ordacháin a thabhairt do thiománaí feithicle nó don duine atá i bhfeighil feithicle agus a seirbheáiltear fógra um éarlais i leith íocaíochta nó fógra toirmisc air nó uirthi (lena n-áirítear ordacháin lena gceanglaítear nó lena gceadaítear an fheithicil a ghluaiseacht chuig cibé áit a ordóidh an comhalta nó an t-oifigeach).

(12) Aon duine a mhainníonn ordachán faoin alt seo a chomhlíonadh, déanann sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €2,000 a chur air nó uirthi.

(13) Maidir le duine a dhéanann, gan cead ó chomhalta den Gharda Síochána nó ó oifigeach iompair—

(a) feithicil a thiomáint nó iarracht a thabhairt ar fheithicil a thiomáint—

(i) ar seirbheáladh fógra toirmisc ina leith, nó

(ii) ar greamaíodh fógra doghluaiseachta di nó a rinneadh a chur ó ghluaiseacht, a choinneáil nó a ghaibhniú,

faoi *fho-alt (8)*, nó

(b) i gcás ina ndearnadh an fheithicil a chur ó ghluaiseacht, a choinneáil nó a ghaibhniú faoi *fho-alt (8)*, cur isteach ar aon fheiste doghluaiseachta atá greamaithe den fheithicil, nó aon fheiste den sórt sin a thabhairt chun siúil, nó an fheithicil a thabhairt chun siúil nó iarracht a thabhairt ar an bhfeithicil a thabhairt chun siúil,

déanann sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(14) Feadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas arb é tuairim an chomhalta ina leith go bhfuil cion faoin alt seo á dhéanamh nó déanta aige nó aici.

(15) Más rud é, maidir le duine a d'íoc éarlais i leith íocaíochta agus ar seirbheáladh fógra muirir sheasta a bhaineann leis an gcion líomhnaithe céanna air nó uirthi freisin, go gcomhaontaíonn sé nó sí íocaíocht a dhéanamh i leith an mhuirir sheasta a shonraítear san fhógra muirir sheasta, measfar gur íocaíocht nó páirtíocaíocht, de réir mar a bheidh, arna déanamh i leith an mhuirir sheasta aon mhéid a d'íoc an duine maidir leis an éarlais i leith íocaíochta. Tabharfar an fuilleach (más ann) ar ais don duine.

(16) I gcás go gciontaítear duine in imeachtaí i leith ciona lena mbaineann an t-alt seo, déanfar aon éarlais i leith íocaíochta a d'íoc sé nó sí a úsáid chun aon fhineáil a ghearrtar a íoc. Déanfar an fuilleach (más ann) a thabhairt ar ais don duine de réir rialachán faoi *fho-alt (7)*.

(17) Mura gciontaítear an duine in imeachtaí i leith ciona lena mbaineann an t-alt seo, déanfar aon éarlais i leith íocaíochta a d'íoc sé nó sí a thabhairt ar ais don duine de réir rialachán faoi *fho-alt (7)*.

(18) I gcás nach dtionscnaítear imeachtaí i leith ciona lena mbaineann an t-alt seo nó, má thionscnaítear iad, go dtarraingítear siar iad nó go scoirítear díobh ar shlí eile, déanfar aon éarlais i leith íocaíochta a d'íoc an duine lena mbaineann a thabhairt ar ais don duine de réir rialachán faoi *fho-alt (7)*.

(19) Le linn aon chumhacht a thugtar dó nó di faoin alt seo a fheidhmiú, déanfaidh oifigeach iompair barántas a cheaptha nó a ceaptha mar oifigeach den sórt sin faoi alt 15(1) (a cuireadh isteach le halt 117 den Acht um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008) den Acht um Iompar ar Bhóithre 1986 a thabhairt ar aird.

(20) San alt seo—

tá le “muirear seasta”, “fógra muirir sheasta” agus “cion muirear seasta” na bríonna céanna a thugtar dóibh, faoi seach, in *alt 47*;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacháin;

ciallaíonn “rialacháin” rialacháin arna ndéanamh ag an Aire;

ciallaíonn “oifigeach iompair” duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 15(1) (a cuireadh isteach le halt 117 den Acht um Údarás

Iompair Bhaile Átha Cliath 2008) den Acht um Iompar ar Bhóithre 1986 chun bheith ina oifigeach iompair nó ina hoifigeach iompair.

**51.**—(1) Más rud é, aon tráth le linn imeachtaí lena mbaineann an t-alt seo, go mainníonn duine, gan leithscéal réasúnach, láithriú os comhair na cúirte a bhfuil na himeachtaí ar siúl os a comhair de thuras na huaire, féadfaidh an chúirt aon ní a dhéanamh nó aon ordú a dhéanamh a mbeadh teideal aici a dhéanamh dá mba rud é gur láithrigh an duine amhlaidh. Ionchúiseamh *in absentia*.

(2) Más rud é, de bhua duine do mhainneachtain láithriú in imeachtaí lena mbaineann an t-alt seo, nach ndéanann an duine pléadáil a thaifeadadh (cibé acu os comhair na Cúirte Dúiche nó bhreitheamh na trialach), féadfar dul ar aghaidh le triail an duine amhail is dá mba rud é go ndearna sé nó sí pléadáil neamhchiontach a thaifeadadh.

(3) Tá feidhm ag an alt seo maidir le himeachtaí i leith ciona lena mbaineann *alt 50* arna dtionscnamh i gcoinne duine—

- (a) ar seirbheáladh fógra um éarlais i leith fócaíochta air nó uirthi faoin alt sin, agus
- (b) ar seirbheáladh doiciméad i leith na n-imeachtaí sin air nó uirthi—
  - (i) de réir fho-alt (1) d’alt 81 d’Acht 2008,
  - (ii) ar shlí seachas leis an bpost, de bhun iarrata dá dtagraítear i bhfo-alt (2) den alt sin, nó
  - (iii) de réir socrú lena mbaineann fo-alt (4) den alt sin.

(4) San alt seo—

ciallaíonn “Acht 2008” an tAcht um Cheartas Coiriúil (Cúnamh Frithpháirteach) 2008;

ciallaíonn “doiciméad”—

- (a) doiciméad lena mbaineann fo-alt (1) d’alt 80 d’Acht 2008, agus
- (b) doiciméad lena gceanglaítear ar dhuine láithriú mar chosantóir in imeachtaí i leith ciona.

**52.**—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh chun aon ní a dhéanamh is dóigh leis nó léi is gá nó is fóirsteanach chun an Chuid seo a chur i ngníomh. Rialacháin (*Cuid 4*).

(2) I gcás go gceanglaítear ar an Aire, nó go n-údaráítear don Aire, le foráil den Chuid seo rialacháin a dhéanamh—

- (a) féadfar foráil éagsúil a dhéanamh leis na rialacháin sin maidir le himthosca, cásanna, aicmí nó cineálacha éagsúla, agus

(b) féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha agus iarmhartach a bheith sna rialacháin sin is dóigh leis an Aire is gá nó is fóirsteanach chun críocha na rialachán.

(3) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar aon ní nó rud dá dtagraítear sa Chuid seo mar ní nó rud atá forordaithe nó le forordú.

(4) Déanfar rialacháin faoin gCuid seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a ndéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis na rialacháin a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na rialachán, beidh na rialacháin ar neamhniú dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi na rialacháin.

## CUID 5

### POINTÍ PIONÓIS

Pointí pionóis —  
pointí a  
fhormhuiniú.

**53.**—(1) Leasaítear alt 1(1) d’Acht 2002 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad na mínte ar “iontráil”, “ceadúnas” agus “taifead an cheadúnais”:

“ciallaíonn ‘iontráil’, i ndáil le duine—

(a) an iontráil sa taifead ceadúnais a bhaineann leis an duine, nó

(b) más rud é—

(i) maidir le taifead ceadúnais i ndáil leis an duine—

(I) nach ann dó toisc nach sealbhóir ar cheadúnas Éireannach é nó í, nó

(II) gurb ann dó ach nach bhfuil sé aitheanta chun pointí áirithe a fhormhuiniú, nó

(ii) gur sealbhóir ar cheadúnas tiomána coigríche an duine,

an iontráil i dtaifead den sórt sin arna choimeád nó arna chruthú i leith an duine sin faoi alt 1A;

ciallaíonn ‘ceadúnas Éireannach’ ceadúnas tiomána Éireannach nó cead foghlaimora arna dheonú faoi Chuid III den Phríomh-Acht;

ciallaíonn ‘ceadúnas’ ceadúnas Éireannach nó ceadúnas tiomána coigríche, de réir mar a bheidh;

ciallaíonn ‘taifead ceadúnais’ an taifead arna bhunú agus arna chothabháil, i ndáil le ceadúnais Éireannacha, ag an Aire agus ag na húdaráis cheadúnúcháin go léir, i gcomhpháirt, faoi alt 60(2) den Acht Airgeadais 1993;”.



(2) Cuirtear an t-alt seo a leanas isteach i ndiaidh alt 1 d’Acht 2002:

- “Taifid —  
sealbhóir ar  
ceadúnais  
tiomána  
choigríche  
agus  
tiománaithe  
neamhceadúnaithe.
- 1A.—Féadfaidh an tAire le rialacháin foirm taifid a fhorordú atá le coimeád nó le cruthú i leith duine—
- (a) nach sealbhóir ar cheadúnas é nó í,
- (b) i gcás gurb ann do thaifead ceadúnais i ndáil leis an duine ach nach n-aithnítear é chun pointí áirithe a fhorhmuiniú, nó
- (c) is sealbhóir ar cheadúnas tiomána coigríche agus—
- (i) a dhéanann íocaíocht faoi *alt 37* nó *44* den *Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010* i leith ciona líomhnaithe pointí pionóis dá dtagraítear in alt 2(1)(a), nó
- (ii) a chiontaítear i gcion pointí pionóis,
- chun pointí pionóis a fhorhmuiniú faoi alt 2 ar an iontráil a bhaineann leis an sealbhóir.”

(3) Leasaítear alt 2 d’Acht 2002—

- (a) i bhfo-alt (1), trí “faoi *alt 37* nó *44* den *Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010*” a chur in ionad “faoi alt 103 (arna chur isteach leis an Acht seo) den Phríomh-Acht”,
- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

“(7) I gcás go ndéantar iontráil den sórt sin agus, tar éis an iontráil a dhéanamh, go n-aithníonn údarás ceadúnúcháin nó an tAire iontráil a bhí ann roimhe sin agus a bhaineann leis an duine céanna, déanfar aon phointí a bhí formhuinithe ar an iontráil chéadluaite a cheangal, le linn thréimhse a bhformhuinithe faoi alt 4, leis an iontráil a bhí ann roimhe sin agus tabharfar fógra i dtaobh an mhéid sin don duine. Aon phointí a chuirfear i gceangal amhlaidh le hiontráil a bhí ann, féadfaidh éifeacht a bheith leo, de rogha an Aire, ón dáta a taifeadadh san iontráil bhunaidh agus i gcás gur 12, nó gur mó ná 12, líon na bpointí beidh an duine sin dícháilithe faoi alt 3 chun ceadúnas a shealbhú.”

agus

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

“(10) Féadfaidh árachóir feithicle, le ceadú an Aire, rochtain a bheith aige, agus iniúchadh agus scrúdú a dhéanamh, ar fhorhmuinithe ar an iontráil a bhaineann le daoine faoin alt seo agus féadfaidh sé cibé cóipeanna d’iontrálacha den sórt sin nó sleachta astu, a theastóidh le réasún ón árachóir feithicle chun polasaithe árachais

ceadaithe a athnuachan, nó féadfaidh an tAire an céanna a chur ar fáil dó faoi réir cibé coinníollacha a chinnfidh an tAire.”.

(4) Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 6 d’Acht 2002:

“6.—Más rud é, le linn na tréimhse 3 bliana a mbeidh pointí pionóis formhuinthe ar iontráil duine ar a feadh, nó le linn na tréimhse 6 mhí a mbeidh duine dícháilithe ar a feadh faoi alt 3 chun ceadúnas a shealbhú, go dtiocfaidh an duine chun bheith dícháilithe faoi Chuid III den Phríomh-Acht nó faoi alt 9 chun ceadúnas a shealbhú, ní dhéanfar aon chuid de thréimhse an dícháiliúcháin a áireamh mar chuid den tréimhse 3 bliana nó mar chuid den tréimhse 6 mhí, agus is dá réir sin a chinnfear an dáta a mbeidh críoch leis an dá thréimhse sin is déanaí a luadh.”.

Leasú ar an gCéad  
Sceideal a  
ghabhann le hAcht  
2002 — pointí  
pionóis.

54.—Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht 2002—

(a) i gCuid 1, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an ní ag uimhir thagartha 9:

“

9	Cion faoi alt 52 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961, i gcás ina raibh baint ag an sárú le feithicil inneallghluaiste, arna thriail go hachomair	Tiomáint neamhaireach		3
---	---	-----------------------	--	---

”,

(b) i gCuid 2 (arna leasú le halt 16 d’Acht 2006)—

(i) trí “uimhreacha tagartha 4 go 8” a chur in ionad “uimhreacha tagartha 1 go 8” i mír (2), agus

(ii) tríd an ní ag uimhreacha tagartha 1, 2 agus 3 a scriosadh,

agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Chuid 5:

“CUID 5

SÁRÚ AR AIRTEAGAL 17 DE NA RIALACHÁIN UM THRÁCHT  
AR BHÓITHRE (TIOMÁNAITHE A CHEADÚNÚ) 2006 (I.R.  
UIMH. 537 DE 2006)

Sa Chuid seo, maidir leis an tagairt do Rialachán 17, is tagairt í do Rialachán 17 (arna leasú le Rialachán 2(b) de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Tiománaithe is Foghlaimcoirí a Cheadúnú) 2007 (I.R. Uimh. 719 de 2007)) de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Tiománaithe a Cheadúnú) 2006 (I.R. Uimh. 537 de 2006).

Uimhir Thagartha	Cion	Tuairisc Ghinearálta ar an gCion	Pointí Pionóis ar Mhuirear Seasta a Íoc	Pointí Pionóis ar Chiontú
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
1	Cion faoi alt 42 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1961 arb é atá ann sárú ar Rialachán 17(6)(iv)	Sealbhóir ar chead foghlaimeora gan duine cáilithe a bheith in éineacht leis nó léi agus ag déanamh maoirseachta air nó uirthi i gcás ina gceanglaítear amhlaidh	1	3

”

- (d) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 8 (a cuireadh isteach le halt 16(e) d’Acht 2006):

“CUID 9

SÁRÚ AR FHORÁLACHA ÁIRITHE DE NA RIALACHÁIN UM  
THRÁCHT AR BHÓITHRE (DÉANAMH AGUS ÚSÁID FEITHICLÍ)  
2003 (I.R. UIMH. 5 DE 2003)

Sa Chuid seo—

- (a) ciallaíonn ‘cion’ cion faoi alt 11 den Phríomh-Acht,
- (b) aon tagairt do Rialachán, is tagairt í do Rialachán de chuid na Rialachán um Thrácht ar Bhóithre (Déanamh agus Úsáid Feithiclí) 2003 (I.R. Uimh. 5 de 2003).

Uimhir Thagartha	Cion	Tuairisc Ghinearálta ar an gCion	Pointí Pionóis ar Mhuirear Seasta a Íoc	Pointí Pionóis ar Chiontú
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
1	Cion arb é atá ann sárú ar Rialachán 26 nó 27	Feithicil a úsáid ar mó a leithead ná an leithead uasta ceadaithe	1	3
2	Cion arb é atá ann sárú ar Rialachán 28, 29, 30 nó 31	Feithicil a úsáid ar mó a fad ná an fad uasta ceadaithe	1	3
3	Cion arb é atá ann sárú	Feithicil a bhfuil boinn	2	4

Uimhir Thagartha	Cion	Tuairisc Ghinearálta ar an gCion	Pointí Pionóis ar Mhuir-seasta a Íoc	Pointí Pionóis ar Chiontú
(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
	ar Rialachán 55	lochtacha nó chaite uirthi a úsáid		

”.

Níl feidhm ag an *Probation of Offenders Act 1907* maidir le cionta pointí pionóis.

**55.**—Níl feidhm ag alt 1(1) den *Probation of Offenders Act 1907* maidir le cion pointí pionóis (de réir bhrí alt 1(1) d’Acht 2002).

#### CUID 6

#### CEADÚNAS TIOMÁNA

Míните —  
ceadúnas tiomána.

**56.**—Leasaítear alt 3(1) den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíните ar “ceadúnas tiomána”:

“ciallaíonn ‘ceadúnas tiomána’—

(a) ceadúnas tiomána Éireannach, nó

(b) ceadúnas tiomána coigríche;”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhíните ar “cosán”:

“ciallaíonn ‘ceadúnas tiomána coigríche’ ceadúnas nó cead chun feithicil inneallghluaiste a thiomáint—

(a) i leith earnála feithicle dá dtagraítear i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceadúnais Tiomána de chuid Ballstát Eile a Aithint) 2008 (I.R. Uimh. 464 de 2008) arna eisiúint ag údarás inniúil Ballstáit eile nó ballstáit den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ach ní fholaíonn sé ceadúnas nó cead arna eisiúint amhlaidh chuig duine chun a chumasú don duine foghlaim conas feithicil a thiomáint nó a chumasú don duine feithicil a thiomáint ar bhonn sealadach, nó

(b) a aithnítear le hordú arna dhéanamh faoi alt 23A(1);”,

agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhíните ar “an t-árachá”:

“ciallaíonn ‘ceadúnas tiomána Éireannach’ ceadúnas tiomána (de réir bhrí alt 22(1)) arna dheonú ag údarás ceadúnúcháin faoi alt 23;”.

57.—(1) Cuirtear na hailt seo a leanas in ionad ailt 21 go 23 den Phríomh-Acht—

“Údarás  
Ceadúnúcháin.

21.—Sa Chuid seo, ciallaíonn ‘údarás ceadúnúcháin’ comhairle contae nó comhairle cathrach (de réir bhrí an Achta Rialtais Áitiúil 2001).

Nithe a bhaineann le ceadúnais tiomána Éireannacha agus ceadanna foghlaimora a eisiúint.

Iarratas ar  
cheadúnas  
tiomána  
Éireannach.

22.—(1) Faoi réir na Coda seo, féadfaidh duine iarratas a dhéanamh chuig údarás ceadúnúcháin ar cheadúnas (‘ceadúnas tiomána Éireannach’) chun feithicil inneallghluaiste d’earnáil shonraithe a thiomáint.

(2) Maidir le hiarratas ar cheadúnas tiomána Éireannach—

(a) déanfar é—

- (i) chuig an údarás ceadúnúcháin ar ina limistéar feidhme atá gnáthchónaí ar an iarratasóir, agus
- (ii) de réir na rialachán arna ndéanamh faoi alt 42(2)(c),

(b) beidh na nithe seo a leanas ag gabháil leis—

- (i) aon deimhniú inniúlachta nó infheidhmeachta a cheanglaítear faoi rialacháin faoin Acht seo, agus
- (ii) an táille is iníoctha ar cheadúnas den sórt sin a thógáil amach,

agus

(c) beidh ann—

- (i) grianghraf den iarratasóir a tógadh le déanaí, agus
- (ii) uimhir phearsanta seirbhíse poiblí an iarratasóra arna leithroinnt agus arna heisiúint chuige nó chuici faoi alt 262(2) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005.

(3) Féadfar mionsonraí maidir le huimhir phearsanta seirbhíse poiblí iarratasóra dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(c) a chur isteach i taifid cheadúnais.

(4) (a) Féadfaidh duine lena mbaineann an fo-alt seo taifid cheadúnais a iniúchadh agus a scrúdú agus féadfaidh sé nó sí—

- (i) cibé faisnéis a thógáil as na taifid, agus

- (ii) cibé cóipeanna a thógáil de thaifid cheadúnais nó de shleachta as taifid den sórt sin,

a theastóidh le réasún ón duine, nó féadfaidh an tAire nó an t-údarás ceadúnúcháin lena mbaineann an céanna a chur ar fáil dó nó di.

(b) Tá feidhm ag an bhfo-alt seo—

- (i) maidir le daoine nó le hearnálacha duine ag a bhfuil ceadú an Aire maidir le hoibleagáidí a chomhlíonadh faoi achtacháin agus comhaontuithe de chuid an Aontais Eorpaigh agus faoi achtacháin agus comhaontuithe idirnáisiúnta eile chun faisnéis i dtaobh tiománaithe agus feithiclí a mhalartú, agus
- (ii) maidir le cibé earnálacha eile duine agus maidir leis an gcuspóir atá le cibé rochtain a fhorordófar.

(5) San alt seo, ciallaíonn ‘taifid cheadúnais’ taifid arna gcothabháil faoi alt 60 (arna leasú le halt 86 den Acht Airgeadais 1994) den Acht Airgeadais 1993.

Dícháiliú chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána Éireannach nó ar chead foghlaimeora má tá duine dícháilithe chun an céanna a shealbhú.

22A.—(1) I gcás go bhfuil duine dícháilithe leis an Acht seo chun aon cheadúnas tiomána nó chead foghlaimeora—

- (a) ar bith a shealbhú le linn tréimhse, beidh sé nó sí dícháilithe chun iarratas a dhéanamh ar aon cheadúnas tiomána Éireannach nó chead foghlaimeora ar bith, nó
- (b) a shealbhú i leith feithiclí de chuid earnála le linn tréimhse, beidh sé nó sí dícháilithe chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána Éireannach nó ar chead foghlaimeora i leith feithiclí de chuid na hearnála sin,

ar feadh na tréimhse sin nó aon tréimhse a bhfuil a hiomlán nó a bhfuil cuid di laistigh den tréimhse sin.

(2) I gcás go bhfuil duine dícháilithe chun iarratas a dhéanamh ar aon cheadúnas tiomána Éireannach nó chead foghlaimeora—

- (a) ar bith ar feadh tréimhse, ní dhéanfaidh sé nó sí iarratas ar aon cheadúnas nó chead ar bith den sórt sin ar feadh na tréimhse sin,

- (b) i leith earnála feithicle ar feadh tréimhse, ní dhéanfaidh sé nó sí iarratas ar cheadúnas nó ar chead den sórt sin i leith na hearnála sin ar feadh na tréimhse sin,

agus, má dhéanann sé nó sí amhlaidh agus má fhaigheann sé nó sí ceadúnas nó cead den sórt sin ar an iarratas, tá sé ar neamhní agus níl aon éifeacht leis.

Toirmeasc ar iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána Éireannach nó ar chead foghlaimora eile i leith ceadúnais nó ceada a shealbhaítear cheana féin i leith feithicle.

22B.—I gcás gur deonaíodh ceadúnas tiomána Éireannach nó cead foghlaimora do dhuine i leith feithiclí de chuid earnála ar feadh tréimhse, tá sé nó sí dícháilithe chun iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána Éireannach nó ar chead foghlaimora i leith feithiclí de chuid na hearnála sin ar feadh na tréimhse sin nó aon choda di.

Ceadúnas tiomána Éireannach a dheonú.

23.—(1) I gcás go ndéantar iarratas go cuí ar cheadúnas tiomána Éireannach, deonóidh an t-údarás ceadúnúcháin an ceadúnas mura dealraitheach dóibh—

- (a) go bhfuil an t-iarratasóir dícháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an gceadúnas, nó
- (b) nach bhfuil, ag féachaint do na sonraí atá san iarratas, eolas sásúil ag an iarratasóir ar Rialacha an Bhóthair.

(2) Faoi réir na Coda seo agus aon rialachán fúithi, deonófar ceadúnas tiomána Éireannach ar feadh tréimhse 12 mhí nó cibé tréimhse is faide ná sin a fhorordófar agus dar tosach—

- (a) i gcás go ndeonaítear an ceadúnas le linn tréimhse a mbeidh ceadúnas tiomána Éireannach a deonaíodh roimhe sin don iarratasóir gan éag lena linn — an lá tar éis dul in éag don cheadúnas tiomána a deonaíodh roimhe sin, agus
- (b) in aon chás eile — an lá a dheonaítear an ceadúnas.”.

(2) Aisghairtear ailt 24 agus 25 den Phríomh-Acht.

(3) Leasaítear alt 34(2)(b) den Phríomh-Acht trí “ar cheadúnas tiomána Éireannach” a chur in ionad “ar cheadúnas tiomána”.

Toirmeasc ar iarratas a dhéanamh ar cheadúnas tiomána Éireannach nó ar chead foghlaimeora le linn a bheith dícháilithe.

**58.**—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 39 den Phríomh-Acht:

“39.—(1) Ní dhéanfaidh duine iarratas ar cheadúnas tiomána Éireannach nó ar chead foghlaimeora má tá sé nó sí dícháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an gcéanna.

(2) Aon duine a sháraíonn fo-alt (1), déanann sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.”

Ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird ar éileamh ó chomhalta den Gharda Síochána.

**59.**—(1) Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 40 (a cuireadh isteach le halt 25 d’Acht 1994 arna leasú le halt 18 d’Acht 2002 agus le halt 13 d’Acht 2006) den Phríomh-Acht:

“40.—(1) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a éileamh ar dhuine—

(a) atá ag tiomáint feithicil inneallghluaiste in áit phoiblí, nó

(b) atá, faoi rialacháin faoin Acht seo, i dteannta sealbhóra ar chead foghlaimeora le linn don sealbhóir sin feithicil inneallghluaiste a thiomáint in áit phoiblí,

ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird dó nó di lena iniúchadh ar ceadúnas tiomána é a bhfuil éifeacht leis an tráth sin agus lena gceadúnaítear don duine an fheithicil a thiomáint.

(2) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a éileamh ar dhuine atá ag tiomáint feithicil inneallghluaiste in áit phoiblí agus nach sealbhóir ar cheadúnas tiomána é nó í cead foghlaimeora a thabhairt ar aird dó nó di lena iniúchadh ar cead foghlaimeora é a bhfuil éifeacht leis an tráth sin agus lena gceadúnaítear don duine an fheithicil a thiomáint. Más rud é go ndiúltaíonn nó go mainníonn an duine an cead foghlaimeora a thabhairt ar aird amhlaidh agus gur duine é nó í a thagann faoi réim alt 35(1), déanann sé nó sí cion.

(3) Maidir le duine atá ag tiomáint feithicil inneallghluaiste in áit phoiblí agus a n-éilítear air nó uirthi faoi mhír (a) d’fho-alt (1) nó a gceanglaítear air nó uirthi faoi fho-alt (4)(a) ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird, i gcás ina dtugann sé nó sí cead foghlaimeora ar aird, de réir an éilimh nó an cheanglais, ar cead foghlaimeora é a bhfuil éifeacht leis an tráth sin agus lena gceadúnaítear don duine an fheithicil lena mbaineann a thiomáint, ní dhearna an duine cion faoi fho-alt (1) nó (4)(a), de réir mar a bheidh.

(4) (a) Maidir le duine a n-éilítear air nó uirthi faoin alt seo ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora a thabhairt ar aird, i gcás ina ndiúltaíonn nó ina mainníonn sé nó sí an ceadúnas nó an cead a thabhairt ar aird san áit sin agus an tráth sin, féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a cheangal ar an duine an ceadúnas nó an cead a thabhairt ar aird, laistigh de 10 lá tar éis dháta an cheanglais, do chomhalta den Gharda Síochána i stáisiún de chuid an Gharda Síochána a ainmneoidh an duine tráth an cheanglais. Má



dhiúltaíonn nó má mhainníonn an duine an ceadúnas a thabhairt ar aird amhlaidh, déanann sé nó sí cion.

- (b) In aon imeachtaí, maidir le deimhniú a airbheartaíonn a bheith sínithe ag an gcomhalta i gceannas stáisiún an Gharda Síochána ar ceanglaíodh ar an gcosantóir lena mbaineann, faoi mhír (a), an ceadúnas tiomána nó an cead foghlaimeora a thabhairt ar aird ann, agus ina luaitear nach ndearna an cosantóir, laistigh de 10 lá tar éis an lae a ceanglaíodh é a thabhairt ar aird, ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora a thabhairt ar aird de réir mhír (a), beidh sé ina fhianaise, gan cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartaíonn gurb é nó í a shínigh é ná gurbh é nó í an comhalta i gceannas stáisiún an Gharda Síochána é nó í, ar na fíorais a luaitear sa deimhniú go dtí go suífear a mhalairt.
- (c) I gcás ina gceanglaítear ar aon duine ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora a thabhairt ar aird i stáisiún de chuid an Gharda Síochána agus ina dtugann an duine an ceadúnas nó an cead ar aird laistigh de 10 lá tar éis an lae a ceanglaíodh é a thabhairt ar aird, déanfaidh an comhalta atá i gceannas stáisiún an Gharda Síochána deimhniú a eisiúint ina luaitear gur tugadh an ceadúnas nó an cead ar aird amhlaidh agus beidh an deimhniú sin ina fhianaise ar na fíorais a luaitear sa deimhniú.

(5) Más rud é go ndéanann duine, a n-éilítear nó a gceanglaítear air nó uirthi faoin alt seo ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora a thabhairt ar aird, an ceadúnas nó an cead a thabhairt ar aird de réir an éilimh nó an cheanglais ach go ndiúltaíonn nó go mainníonn sé nó sí a cheadú don chomhalta den Gharda Síochána dá dtugtar ar aird é an cead nó an ceadúnas a léamh, déanann sé nó sí cion.

(6) I gcás go ndiúltaíonn nó go mainníonn duine, a n-éilítear nó a gceanglaítear air nó uirthi ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora a thabhairt ar aird, an ceadúnas nó an cead a thabhairt ar aird amhlaidh nó go dtugann sé nó sí an ceadúnas nó an cead ar aird ach go mainníonn nó go ndiúltaíonn sé nó sí a cheadú don chomhalta den Gharda Síochána dá dtugtar ar aird é an ceadúnas nó an cead a léamh, féadfaidh an comhalta a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh agus a dháta breithe nó a dáta breithe a éileamh ar an duine agus, má dhiúltaíonn nó má mhainníonn an duine a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh nó a dháta breithe nó a dáta breithe a thabhairt don chomhalta nó má thugann sé nó sí ainm nó seoladh nó dáta breithe atá bréagach nó míthreorach, déanann sé nó sí cion.

(7) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána na daoine seo a leanas a ghabháil gan bharántas—

- (a) duine a thugann ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora ar aird don chomhalta faoin alt seo ach a dhiúltaíonn nó a mhainníonn a cheadú don chomhalta é a léamh, nó
- (b) duine a dhiúltaíonn nó a mhainníonn, nuair a éilíonn an comhalta a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó

a seoladh nó a dháta breithe nó a dáta breithe air nó uirthi go dleathach faoin alt seo, a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh nó a dháta breithe nó a dáta breithe a thabhairt don chomhalta nó a thugann ainm nó seoladh nó dáta breithe don chomhalta a bhfuil forais réasúnacha ag an gcomhalta lena chreidiúint go bhfuil sé bréagach nó míthreorach.

(8) Aon duine nach ndéanann, nuair a éilítear nó nuair a cheanglaítear air nó uirthi faoin alt seo ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora a thabhairt ar aird, an ceadúnas nó an cead a thabhairt ar aird toisc nach sealbhóir ar cheadúnas tiomána nó ar cead foghlaimeora é nó í, meastar go mainníonn sé nó sí a cheadúnas tiomána nó a ceadúnas tiomána nó a chead foghlaimeora nó a cead foghlaimeora, de réir mar a bheidh, a thabhairt ar aird faoin alt seo.”.

(2) Aisghairtear iad seo a leanas:

- (a) alt 25 d’Acht 1994,
- (b) alt 18 d’Acht 2002, agus
- (c) alt 13 d’Acht 2006.

Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána ceadúnas a urghabháil in imthosca áirithe.

**60.**—(1) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora, nó doiciméad a airbheartaíonn gur ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora é, a thugtar ar aird dó nó di faoi alt 40 den Phríomh-Acht nó faoi *alt 61* den Acht seo a urghabháil, i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag an gcomhalta chun a chreidiúint—

- (a) go bhfuil sealbhóir an cheadúnais nó an cheada dícháilithe chun ceadúnas tiomána a shealbhú, nó
- (b) go bhfuarthas an ceadúnas tiomána nó an cead go calaoiseach, gur brionnaíodh nó gur athraíodh é, nó go n-airbheartaíonn sé gur ceadúnas tiomána nó cead é ach nach ceadúnas nó cead den sórt sin é.

(2) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a rinne ceadúnas nó cead a urghabháil faoi *fho-alt (1)* cóip a dhéanamh de agus—

- (a) i gcás ceadúnais tiomána Éireannaigh nó cheada foghlaimeora, é a thabhairt ar ais don údarás ceadúnúcháin lena mbaineann,
- (b) i gcás ceadúnais coigríche—
  - (i) i gcás ina bhfuil cónaí ar shealbhóir an cheadúnais sa Stát, é a thabhairt don údarás ceadúnúcháin san áit ina bhfuil cónaí ar an sealbhóir nó é a chur chuig an údarás sin, nó
  - (ii) in aon chás eile, é a thabhairt don údarás eisiúna san áit ina ndéantar an ceadúnas urghabháil nó, más cúf leis an gcomhalta é, d’údarás ceadúnúcháin eile ar iarraidh ón sealbhóir, nó é a chur chuig údarás den sórt sin,

- (c) i gcás inar ceadúnas nó cead den sórt sin dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(b)* an ceadúnas nó an cead, ar aon imeachtaí a chur i grích, a chur faoi deara é a dhíothú.

(3) I gcás ina ndearnadh ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora a urghabháil ó dhuine faoi *fho-alt (1)*, ní leanfaidh an duine d'fheithicil ineallghluaiste a thiomáint in áit phoiblí ná, de réir mar a bheidh, ní bheidh sé nó sí i dteannta sealbhóra ar chead foghlaimeora le linn don sealbhóir sin feithicil inneallghluaiste a thiomáint in áit phoiblí.

(4) Aon duine a sháraíonn *fo-alt (3)*, déanann sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(5) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána duine a ghabháil gan bharántas arb é tuairim an chomhalta ina leith go bhfuil cion faoi *fho-alt (4)* á dhéanamh nó déanta aige nó aici.

(6) Maidir le comhalta den Gharda Síochána a dtugtar ceadúnas tiomána coigríche ar aird dó nó di nó a dhéanann ceadúnas tiomána coigríche a urghabháil faoin alt seo ar ceadúnas é i dteanga seachas Béarla nó Gaeilge, féadfaidh sé nó sí an ceadúnas a choinneáil go ceann cibé tréimhse réasúnaí is gá—

(a) chun go n-aistreofar a bhfuil ann go Béarla nó go Gaeilge, agus

(b) chun go ndaingneofar a bhailíocht, má éilíonn an comhalta é.

(7) Leasaítear alt 41 (arna leasú le halt 19 d'Acht 2006) d'Acht 1994 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) más rud é, maidir leis an duine atá ag tiomáint na feithicle—

- (i) go ndiúltóidh nó go mainneoidh sé nó sí ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora a mbeidh éifeacht leis an t-am sin agus lena gceadúnófar dó nó di an fheithicil a thiomáint a thabhairt ar aird san am sin agus san áit sin, nuair a éileoidh comhalta den Gharda Síochána air nó uirthi ceadúnas den sórt sin a thabhairt ar aird faoi alt 40 den Phríomh-Acht nó faoi *alt 61* den *Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010* agus go mbeidh an comhalta den tuairim go bhfuil an duine neamh-incháilithe, mar gheall ar a aois nó a haois, chun ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora a shealbhú á cheadúnú dó nó di an fheithicil a thiomáint,
- (ii) go ndearnadh ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora a urghabháil uaidh nó uaithi faoi *alt 60* den *Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010*, nó
- (iii) go bhfuil sé nó sí, i dtuairim comhalta den Gharda Síochána, dícháilithe chun ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora a shealbhú.”.

Ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird do chomhalta den Gharda Síochána tar éis cion tráchta bóthair a dhéanamh.

**61.—(1)** I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag comhalta den Gharda Síochána chun a chreidiúint—

- (a) gur úsáideadh feithicil inneallghluaiste in áit phoiblí ar ócáid áirithe,
- (b) go bhféadfadh gur bhain an úsáid le cion a dhéanamh faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010* (lena n-áirítear cás ina bhfaca an comhalta féin an úsáid), agus
- (c) gur duine áirithe a d'úsáid an fheithicil iarbhr,

féadfaidh an comhalta, aon tráth nó tráthanna i ndiaidh na hócáide atá i gceist, a cheangal ar an duine ceadúnas tiomána nó, má thagann an duine faoi réim alt 35(1) den Phríomh-Acht, cead foghlaimeora, a bhfuil éifeacht leis agus lena gceadúnaítear don duine an fheithicil a úsáideadh ar an ócáid atá i gceist a thiomáint, a thabhairt ar aird do chomhalta den Gharda Síochána lena iniúchadh aige nó aici, i stáisiún de chuid an Gharda Síochána nó in áit eile a shonróidh an comhalta, laistigh den 10 lá tar éis an ceanglas a chur air nó uirthi.

(2) Aon duine a mhainníonn ceanglas faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, déanann sé nó sí cion.

(3) I gcás go ndiúltaíonn nó go mainníonn duine, a gceanglaítear air nó uirthi faoin alt seo ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora a thabhairt ar aird, an ceadúnas nó an cead a thabhairt ar aird amhlaidh nó go ndéanann sé nó sí an ceadúnas nó an cead a thabhairt ar aird ach go ndiúltaíonn nó go mainníonn sé nó sí a cheadú don chomhalta den Gharda Síochána dá dtugtar ar aird é an ceadúnas nó an cead a léamh, féadfaidh an comhalta a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh agus a dháta breithe nó a dáta breithe a éileamh ar an duine agus, má dhiúltaíonn nó má mhainníonn an duine a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh nó a dháta breithe nó a dáta breithe a thabhairt don chomhalta nó má thugann sé nó sí ainm nó seoladh nó dáta breithe atá bréagach nó míthreorach, déanann sé nó sí cion.

(4) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána na daoine seo a leanas a ghabháil gan bharántas—

- (a) duine a thugann ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora ar aird don chomhalta faoin alt seo ach a dhiúltaíonn nó a mhainníonn a cheadú don chomhalta é a léamh, nó
- (b) duine a dhiúltaíonn nó a mhainníonn, nuair a éilíonn an comhalta a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh agus a dháta breithe nó a dáta breithe air nó uirthi go dleathach faoin alt seo, a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh nó a dháta breithe nó a dáta breithe a thabhairt don chomhalta nó a thugann ainm nó seoladh nó dáta breithe don chomhalta a bhfuil forais réasúnacha ag an gcomhalta lena chreidiúint go bhfuil sé bréagach nó míthreorach.

(5) In aon imeachtaí, maidir le deimhniú a airbheartaíonn a bheith sínithe ag an gcomhalta atá i gceannas stáisiún an Gharda Síochána ar ceanglaíodh ar an gcosantóir lena mbaineann, faoi *fho-alt (1)*, an ceadúnas tiomána nó an cead foghlaimeora a thabhairt ar aird ann, agus ina luaitear nach ndearna an cosantóir, laistigh de 10 lá tar éis an lae ar ceanglaíodh é a thabhairt ar aird, ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird faoin bhfo-alt sin, beidh sé ina fhianaise, gan

cruthúnas ar shíniú an duine a airbheartaíonn an deimhniú a shíniú ná gurbh é nó í an comhalta den Gharda Síochána a bhí i gceannas stáisiún an Gharda Síochána é nó í, ar na fórais a luaitear sa deimhniú go dtí go súfear a mhalairt.

(6) I gcás go gceanglaítear ar aon duine ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora a thabhairt ar aird i stáisiún de chuid an Gharda Síochána agus go ndéanann an duine an ceadúnas nó an cead a thabhairt ar aird laistigh de 10 lá tar éis an lae a ceanglaíodh é a thabhairt ar aird, déanfaidh an comhalta atá i gceannas stáisiún an Gharda Síochána deimhniú a eisiúint ina luaitear gur tugadh ar aird amhlaidh é agus beidh an deimhniú sin ina fhianaise ar na fórais a luaitear ann.

(7) Aon duine nach ndéanann, nuair a cheanglaítear air nó uirthi faoin alt seo ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora a thabhairt ar aird, an ceadúnas nó an cead a thabhairt ar aird toisc nach sealbhóir ar cheadúnas tiomána nó ar chead foghlaimeora é nó í, meastar go mainníonn sé nó sí a cheadúnas tiomána nó a ceadúnas tiomána nó a chead foghlaimeora nó a cead foghlaimeora, de réir bhrí *fho-alt (1)*, a thabhairt ar aird.

(8) Ní chuirfear ceanglas faoin alt seo ar dhuine tar éis na tréimhse ama ina bhféadfar imeachtaí a thionscnamh i leith an chiona líomhnaithe.

(9) Aisghairtear alt 33 d'Acht 2004.

**62.**—(1) I gcás ina ndéanann duine, ar éileamh nó ar cheanglas ó chomhalta den Gharda Síochána faoi alt 40 den Phríomh-Acht nó ar cheanglas ó chomhalta den sórt sin faoi *alt 61(1)* den Acht seo, ceadúnas tiomána nó cead foghlaimeora a thabhairt ar aird faoin bhforáil sin, féadfaidh an comhalta a dhéanann an t-éileamh nó a chuireann an ceanglas ar an duine, i gcás ina ndéantar é a thabhairt ar aird dó nó di lena iniúchadh nó, de réir mar a bheidh, i gcás ina ndéantar é a thabhairt ar aird lena iniúchadh i stáisiún de chuid an Gharda Síochána, féadfaidh an comhalta den Gharda Síochána i stáisiún an Gharda Síochána dá dtugtar ar aird é lena iniúchadh, a cheangal ar an duine a rá an é an seoladh ag a bhfuil cónaí ar an duine faoi láthair an seoladh a luaitear ar an gceadúnas tiomána nó ar an gcead foghlaimeora, agus murab é, a cheangal ar an duine an seoladh ag a bhfuil cónaí air nó uirthi faoi láthair a thabhairt don chomhalta.

Oibleagáid seoladh reatha a thabhairt do chomhalta den Gharda Síochána.

(2) Aon duine a mhainníonn ceanglas faoi *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, déanann sé nó sí cion.

**63.**—Leasaítear alt 22 (a cuireadh isteach le halt 21 d'Acht 2004) d'Acht 2002 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad *fho-alt (1)*:

Ceadúnas tiomána a thabhairt ar aird don chúirt.

“22.—(1) Aon duine a líomhnaítear go ndearna sé nó sí cion nó a cúisíodh i gcion a dhéanamh faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010* seachas—

- (a) alt 84 (a cuireadh isteach le halt 15 d'Acht 2002), alt 85 (a cuireadh isteach le halt 16 d'Acht 2002) nó alt 101 den Phríomh-Acht, nó

- (b) alt 35 (a mhéid a bhaineann sé le locadh feithiclí), alt 36 nó alt 36A (a cuireadh isteach le halt 12 d’Acht na mBóithre 2007) d’Acht 1994,

agus atá le láithriú os comhair cúirte chun an líomhaint nó an cúiseamh a fhreagairt, déanfaidh sé nó sí, ar an gcéad dáta atá sé nó sí le láithriú os comhair na cúirte nó ar dháta dá éis sin de rogha an bhreithimh ceannais—

- (i) a cheadúnas tiomána nó a chead foghlaimeora nó a ceadúnas tiomána nó a cead foghlaimeora a thabhairt ar aird don chúirt, agus é a sheachadadh ar chláraritheoir nó ar chléireach na cúirte nó ar phríomhoifigeach eile don chúirt, agus
- (ii) cóip inléite den cheadúnas tiomána nó den chead foghlaimeora sin a chur ar fáil don chúirt an tráth sin, ar cóip í a éileoidh agus a choimeádfaidh an chúirt chun mionsonraí an cheadúnais tiomána nó an cheada foghlaimeora lena mbaineann sí a shuíomh agus a thaifeadadh,

agus déanfaidh an chúirt taifead i dtaobh cibé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an ceadúnas nó an cead agus an chóip den cheadúnas nó den chead a thabhairt ar aird.”.

## CUID 7

### DÍCHÁILIÚ

Dícháiliú chun ceadúnas tiomána a shealbhú.

**64.**—(1) Leasaítear alt 30 (a cuireadh isteach le halt 20 d’Acht 1968) den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Aon duine a ndéantar ordú dícháiliúcháin iarmhartach, fo-ordú dícháiliúcháin nó ordú dícháiliúcháin speisialta ina thaobh nó ina taobh, beidh sé nó sí dícháilithe de réir an ordaithe chun ceadúnas tiomána a shealbhú, agus—

- (a) beidh ceadúnas tiomána Éireannach nó cead foghlaimeora a shealbhaíonn sé nó sí ar dháta an ordaithe ar fionraí go comhréireach,
- (b) i gcás go sealbhaíonn sé nó sí ceadúnas tiomána coigríche lena mbaineann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceadúnais Tiomána de chuid Ballstát Eile a Aithint) 2008 (I.R. Uimh. 464 de 2008), níl feidhm ag na Rialacháin sin maidir leis an gceadúnas sin, nó
- (c) níl aon éifeacht sa Stát le ceadúnas tiomána coigríche (seachas ceadúnas dá dtagraítear i mír (b)) a shealbhaíonn sé nó sí ar dháta an ordaithe.”.

(2) Leasaítear alt 3 d’Acht 2002 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Nuair a fhorhnuítear pointí pionóis ar iontráil duine agus, dá dhroim sin, gur 12, nó gur mó ná 12, líon iomlán na bpointí pionóis arna bhformhuiniú amhlaidh, beidh an duine sin

dícháilithe, go ceann tréimhse 6 mhí dar tosach an dáta cuí, chun ceadúnas a shealbhú, agus—

- (a) beidh aon cheadúnas Éireannach a shealbhaíonn sé nó sí ag tosach na tréimhse sin ar fionraí go comhréireach, nó
- (b) níl aon éifeacht sa Stát le ceadúnas tiomána coigríche a shealbhaíonn sé nó sí ag tosach na tréimhse sin.”.

**65.**—(1) Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 26 (a cuireadh isteach le halt 26 d’Acht 1994 arna leasú le halt 6 d’Acht 2006) den Phríomh-Acht:

Orduithe  
dícháiliúcháin  
iarmhartacha.

“26.—(1) Faoi réir fho-alt (5)(b), i gcás ina gciontaítear duine i gcion a shonraítear sa Dara Sceideal, déanfaidh an chúirt ordú (‘ordú dícháiliúcháin iarmhartach’) á dhearbhu é nó í a bheith dícháilithe chun ceadúnas tiomána a shealbhú.

(2) Faoi réir fho-alt (3), oibríonn ordú dícháiliúcháin iarmhartach chun an duine lena mbaineann an t-ordú a dhícháiliú chun aon cheadúnas tiomána d’aon sórt a shealbhú le linn tréimhse sonraithe, nó le linn tréimhse sonraithe agus ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh deimhniú inniúlachta, nó deimhniú inniúlachta agus deimhniú infheidhmeachta araon, tugtha ar aird aige nó aici don údarás ceadúnúcháin cuí, de réir mar a shonrófar san ordú.

(3) Maidir le hordú dícháiliúcháin iarmhartach a thig de dhroim ciontú i gcion—

- (a) faoi alt 52 nó 53, ar cion é arna thriail ar díotáil, i gcás ina raibh baint ag an sárú le feithicil inneallghluaiste a thiomáint, nó
- (b) faoi alt 106, más rud é—
  - (i) go raibh baint ag an gcion le sárú ar mhír (a) nó (b) d’fho-alt (1) den alt sin,
  - (ii) go ndearnadh díobháil do dhuine,
  - (iii) go raibh baint ag feithicil inneallghluaiste leis an díobháil tarlú, agus
  - (iv) gurbh é nó í an duine ciontaithe tiománaí na feithicle lena mbaineann,

oibríonn sé chun an duine lena mbaineann an t-ordú a dhícháiliú chun aon cheadúnas tiomána d’aon sórt a shealbhú le linn tréimhse sonraithe agus, mura deimhin leis an gcúirt gur chruthaigh an duine ciontaithe gurb ann do chúis speisialta (a shonróidh sí le linn di a hordú a dhéanamh) ina chás nó ina chás áirithe féin le nach n-oibreodh sé amhlaidh, ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh deimhniú inniúlachta, nó deimhniú inniúlachta agus deimhniú infheidhmeachta araon, tugtha ar aird ag an duine don údarás ceadúnúcháin cuí, de réir mar a shonrófar san ordú.

- (4) (a) Maidir leis an tréimhse dhícháiliúcháin a shonraítear in ordú dícháiliúcháin iarmhartach, i gcás go gciontaítear an duine lena mbaineann an t-ordú i gcion—
- (i) faoi *alt 4* den *Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010* arb é atá ann sárú ar *fho-alt (1)* den alt sin,
  - (ii) faoi *alt 5(1)* den *Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010*,
  - (iii) faoi alt 52 nó 53, ar cion é arna thriail ar díotáil,
  - (iv) faoi alt 106, i gcás ina raibh baint ag an gcion leis na nithe a shonraítear i bhfomhíreanna (i) go (iv) d'*fho-alt (3)(b)* den alt seo,
  - (v) faoi *alt 12* nó *14* den *Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010*, nó
  - (vi) faoi alt 138(3) den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005, ar cion é arna thriail ar díotáil,

is tréimhse í nach giorra ná 4 bliana i gcás gurb é an chéad chion é faoin alt lena mbaineann agus nach giorra ná 6 bliana i gcás gurb é an dara cion é nó gur aon chion dá éis sin é faoin alt céanna.

- (b) Maidir leis an tréimhse dhícháiliúcháin a shonraítear in ordú dícháiliúcháin iarmhartach, i gcás go gciontaítear an duine lena mbaineann an t-ordú i gcion faoi *alt 4* den *Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010* arb é atá ann sárú ar *fho-alt (2), (3)* nó *(4)* den alt sin nó i gcion faoi *fho-alt (2), (3)* nó *(4)* d'*alt 5* den *Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010*—
- (i) i gcás an chéad chiona faoin alt lena mbaineann, ní giorra í ná an tréimhse chuí a shonraítear i gcolún (3) den Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt seo, agus
  - (ii) (I) i gcás an dara cion nó cion dá éis sin faoin alt sin, nó
  - (II) má ciontaíodh an duine roimhe sin faoin alt sin, i gcás an chéad chiontaithe nó ciontú dá éis sin faoin alt eile,

ní giorra í ná an tréimhse chuí a shonraítear i gcolún (4) den Tábla sin.

- (c) I mír (b), ciallaíonn ‘tréimhse chuí’ an tréimhse is cuí ag féachaint do na nithe seo a leanas—
- (i) an cion alcóil i bhfuil, i bhfual nó in anáil, de réir mar a bheidh, an duine lena mbaineann ar i ndáil leis a ciontaíodh an duine sin sa chion lena mbaineann, agus
  - (ii) na ceana alcóil i bhfuil, i bhfual nó in anáil, de réir mar is cuí, a shonraítear i gcolún (2) den Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt seo.



AN TÁBLA

Uimhir Thagartha (1)	An cion alcóil (2)	An chéad chion faoin alt lena mbaineann (3)	An dara cion nó aon chion dá éis sin faoin alt céanna (4)
1.	<p>(a) Nach mó ná 80 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fola;</p> <p>(b) Nach mó ná 107 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fuail;</p> <p>(c) Nach mó ná 35 mhicreagram alcóil in aghaidh 100 millilítear anála.</p>	6 mhí	1 bhliain
2.	<p>(a) Níos mó ná 80 milleagram ach nach mó ná 100 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fola;</p> <p>(b) Níos mó ná 107 milleagram ach nach mó ná 135 mhilleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fuail;</p> <p>(c) Níos mó ná 35 mhicreagram ach nach mó ná 44 mhicreagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear anála.</p>	1 bhliain	2 bhliain

Uimhir Thagartha	An cion alcóil	An chéad chion faoin alt lena mbaineann	An dara cion nó aon chion dá éis sin faoin alt céanna
(1)	(2)	(3)	(4)
3.	<p>(a) Níos mó ná 100 milleagram ach nach mó ná 150 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fola;</p> <p>(b) Níos mó ná 135 mhilleagram ach nach mó ná 200 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fuail;</p> <p>(c) Níos mó ná 44 mhicreagram ach nach mó ná 66 mhicreagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear anála.</p>	2 bhliain	4 bliana
4.	<p>(a) Níos mó ná 150 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fola;</p> <p>(b) Níos mó ná 200 milleagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear fuail;</p> <p>(c) Níos mó ná 66 mhicreagram alcóil in aghaidh an 100 millilítear anála.</p>	3 bliana	6 bliana

- (5) (a) Faoi réir mhír (b), maidir leis an tréimhse dhícháiliúcháin a shonraítear in ordú dícháiliúcháin iarmhartach, i gcás go gciontaítear an duine lena mbaineann an t-ordú i gcion faoi alt 52 nó 53 arna thriail go hachomair nó faoi alt 56, ní giorra í ná 2 bhliain i gcás gurb é an chéad chion é faoin alt lena mbaineann agus ní giorra í ná 4 bliana i gcás gurb é an dara cion é nó gur aon chion dá éis sin é faoin alt céanna arna dhéanamh laistigh den tréimhse 3 bliana ón dáta a rinneadh an cion roimhe sin nó, i gcás níos mó ná cion amháin den sórt sin, an cion deireanach den sórt sin.

(b) I gcás go gciontaítear duine i gcion faoi alt 52 arna thriail go hachomair nó faoi alt 56, féadfaidh an chúirt, i gcás gurb é an chéad chion é faoin alt lena mbaineann, más deimhin léi gur chruthaigh an duine ciontaithe gurb ann do chúis speisialta (a shonróidh sí le linn di a hordú a dhéanamh) ina chás áirithe nó ina chás áirithe féin chun beart den sórt sin a fhírinniú—

(i) diúltú ordú dícháiliúcháin iarmhartach a dhéanamh, nó

(ii) tréimhse dhícháiliúcháin is giorra ná 1 bhliain a shonrú san ordú dícháiliúcháin iarmhartach.

(6) I gcás nach dtagann faoi réim fho-alt (4) nó (5), ní giorra ná 1 bhliain an tréimhse dhícháiliúcháin a shonraítear in ordú dícháiliúcháin iarmhartach.

(7) I gcás go gciontaítear duine i gcion faoi alt 49 nó 50 den Acht seo nó faoi alt 13 nó 15 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994 ('an t-alt tosaigh') cibé acu roimh thosach feidhme *alt 4, 5, 12 nó 14* den *Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010* nó dá éis sin agus go gciontaítear dá éis sin é nó í i gcion amháin nó níos mó faoi aon cheann eile de na hait sin ('an t-alt deiridh'), áireofar an ciontú faoin alt deiridh, chun críocha an ailt seo, mar dhara ciontú nó, de réir mar a bheidh, mar chiontú dá éis sin i gcion faoin alt deiridh.

(8) Más rud é go gciontaítear duine i gcion ('an ciontú is déanaí') faoi alt 49 nó 50 den Acht seo nó faoi alt 13 nó 15 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994, cibé acu roimh thosach feidhme *alt 4, 5, 12 nó 14* den *Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010* nó dá éis sin, agus

(a) gurb é an dara ciontú nó gur ciontú dá éis sin i gcion faoin alt céanna an ciontú nó go bhfuil sé, de bhua fho-alt (7), le háireamh mar dhara ciontú nó mar chiontú dá éis sin i gcion faoin alt céanna, agus

(b) go bhfuil tréimhse 4 bliana nó níos mó, nach raibh an duine sin dícháilithe lena linn chun ceadúnas tiomána a shealbhú, caite ó ciontaíodh an duine roimhe sin, is ciontú ar faoina threoir is é an dara ciontú nó ciontú dá éis sin an ciontú is déanaí nó atá sé le háireamh, de bhua fho-alt (7), mar dhara ciontú nó mar chiontú dá éis sin,

féadfaidh an chúirt, chun críocha an ailt seo, déileáil leis an gciontú is déanaí mar chéad chiontú.

(9) Faoi réir fho-ailt (10) agus (11), i ngach cás ina bhféadfar achomharc a dhéanamh i leith ciontú i gcion a bhféadfar ordú dícháiliúcháin iarmhartach a dhéanamh ina leith ar dhuine a chiontú ann, tugtar don chúirt achomhairc dlínse chun ordú dícháiliúcháin iarmhartach a dhéanamh, a dhaingniú, a neamhniú nó a athrú mura bhfuil an dlínse sin aici thairis sin nó mura rud é nach gá an dlínse sin a thabhairt toisc gur i modh athéisteachta don achomharc.

(10) Ní dhéanfar ordú dícháiliúcháin iarmhartach a neamhniú ar achomharc mura rud é—

(a) go ndéantar an ciontú ar faoina threoir a forchuireadh é a fhreaschur, nó

(b) go bhfuil feidhm ag forálacha fho-alt (5)(b).

(11) I gcás ina ndéantar nó ina n-athraítear ordú dícháiliúcháin iarmhartach ar achomharc, comhlíonfar ceanglais fho-ailt (2) go (7) agus beidh feidhm freisin ag forálacha fho-alt (8) i gcás inarb iomchuí sin.”

(2) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an Dara Sceideal:

“Alt 26.

#### AN DARA SCEIDEAL

Cionta faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010* a ngabhann Orduithe Dícháiliúcháin Iarmhartacha leo.

*Feithicil inneallghluaiste a úsáid gan deimhniú tástála.*

1. Cion ag duine faoi fho-alt (2) d’alt 18, ar cion é a rinneadh i dtréimhse 3 bliana ina ndearna an duine cion roimhe sin faoin bhfo-alt sin ar ciontaíodh é nó í ina leith.

*Feithicil inneallghluaiste a thiomáint sula leigheasfar locht contúirteach.*

2. Cion ag duine faoi fho-alt (10) d’alt 20, ar cion é a rinneadh i dtréimhse 3 bliana ina ndearna an duine cion roimhe sin faoin bhfo-alt sin ar ciontaíodh é nó í ina leith.

*Duine do thiomáint feithicil inneallghluaiste agus é nó í neamhfheidhmiúil.*

3. Cion ag duine faoi alt 48, ar cion é a rinneadh i dtréimhse 3 bliana ina ndearna an duine cion roimhe sin faoin alt sin ar ciontaíodh é nó í ina leith.

*Duine do thiomáint feithicil inneallghluaiste agus é nó í faoi bhrí dí meisciúla nó druga.*

4. Cion faoi alt 4 den *Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010*.

*Duine a bheith i bhfeighil feithicle inneallghluaiste agus é nó í faoi bhrí dí meisciúla nó druga.*

5. Cion faoi alt 5 den *Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010*.

*Diúltú nó mainneachtain sampla a chur ar fáil nó ceanglas ó dhochtúir nó altra ainmnithe a chomhlíonadh.*

6. Cion faoi alt 12 nó 14 den *Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010*.

*Tiomáint neamhaireach.*

7. Cion ag duine faoi alt 52, i gcás ina raibh baint ag an sárú le feithicil inneallghluaiste a thiomáint, ar cion é a rinneadh i dtréimhse 3 bliana ina ndearna an duine 2 chion roimhe sin nó níos mó faoin alt sin ar ciontaíodh é nó í ina leith.

*Tiomáint chontúirteach feithicle inneallghluaiste.*

8. Cion faoi alt 53 i gcás ina raibh baint ag an sárú le feithicil inneallghluaiste a thiomáint.

*Feithicil inneallghluaiste ar a bhfuil locht contúirteach a thiomáint.*

9. Cion ag duine faoi alt 54, ar cion é a rinneadh i dtréimhse 3 bliana ina ndearna an duine cion roimhe sin faoin alt sin ar ciontaíodh é nó í ina leith.

*Feithicil inneallghluaiste a locadh i suíomh contúirteach.*

10. Cion ag duine faoi alt 55 i gcás ina raibh baint ag an sárú le feithicil inneallghluaiste a locadh agus inar thréimhse laistigh d'uaireanta soilsiúcháin (mar a shonraítear san alt) nár chomhlíon an fheithicil lena linn na ceanglais a fhorchuirtear le dlí maidir le soilsiúchán agus le frithchaiteoirí aon chuid de thréimhse an tsáraithe, ar cion é a rinneadh i dtréimhse 3 bliana ina ndearna an duine cion roimhe sin faoin alt sin ar ciontaíodh é nó í ina leith.

*Feithicil inneallghluaiste nach bhfuil faoi árachas a úsáid.*

11. Cion faoi alt 56.

*Mainneachtain dualgais a chomhlíonadh nuair a tharlaíonn tionóisc.*

12. (a) Cion faoi alt 106 i gcás ina raibh baint ag an sárú le neamhchomhlíonadh mhír (a) nó (b) d'fho-alt (1) den alt sin, ina ndearnadh díobháil do dhuine, ina raibh baint ag feithicil inneallghluaiste leis an díobháil tarlú agus inarbh é nó í an duine ciontaithe tiománaí na feithicle lena mbaineann.

(b) Cion faoi alt 106 (seachas cion lena mbaineann fomhír (a) den mhír seo) i gcás ina ndearnadh díobháil do dhuine, ina raibh baint ag feithicil inneallghluaiste leis an díobháil tarlú agus inarbh é nó í an duine ciontaithe tiománaí na feithicle lena mbaineann, ar cion é a rinneadh i dtréimhse 3 bliana ina ndearna an duine cion den

sórt sin roimhe sin ar ciontaíodh é nó í ina leith.

*Duine do thabhairt feithicil inneallghluaiste leis nó léi gan údarás.*

13. Cion faoi fho-alt (2) d'alt 112.

*Feithicil inneallghluaiste a thiomáint gan ceadúnas tiomána le linn a bheith dícháilithe, etc.*

14. Cion faoi alt 38(2) sna himthosca dá dtagraítear i bhfo-alt (5)(a) den alt sin.

*Feithicil a úsáid gan deimhniú ródacmhainneachta.*

15. Cion ag duine faoi Rialachán 19(1) de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tástáil Feithicíl) 2004 (I.R. Uimh. 771 de 2004), ar cion é a rinneadh i dtréimhse 3 bliana ina ndearna an duine cion roimhe sin faoin Rialachán sin ar ciontaíodh é nó í ina leith.”.

(3) Aisghairtear iad seo a leanas:

(a) ailt 26 agus 49(1)(l) d'Acht 1994,

(b) an tAcht um Thrácht ar Bhóithre 1995, agus

(c) alt 6 d'Acht 2006.

Foráil idirthréimhseach — orduithe dícháiliúcháin iarmhartacha.

**66.**—(1) Leasaítear alt 26 (a cuireadh isteach le halt 26 d'Acht 1994) den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (4)(a) (a cuireadh isteach le halt 6 d'Acht 2006) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (iii):

“(iii) faoi alt 52 nó 53, arna thriail ar díotáil,”

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) (a) Faoi réir mhír (b), maidir leis an tréimhse dhícháiliúcháin a shonrófar in ordú dícháiliúcháin iarmhartach, ní giorra í, i gcás go gciontaítear an duine lena mbaineann an t-ordú i gcion faoi alt 52 nó 53 arna thriail go hachomair nó faoi alt 56, ná 2 bhliain i gcás gurb é an chéad chion é faoin alt lena mbaineann agus ní giorra í ná 4 bliana i gcás gurb é an dara cion é nó gur aon chion dá éis sin é faoin alt céanna arna dhéanamh laistigh den tréimhse 3 bliana ón dáta a rinneadh an cion roimhe sin nó, i gcás níos mó ná cion amháin den sórt sin, an cion deireanach den sórt sin.

(b) I gcás go gciontaítear duine i gcion faoi alt 52 arna thriail go hachomair nó faoi alt 56, féadfaidh an chúirt, i gcás gurb é an chéad

chion é faoin alt lena mbaineann, más deimhin léi gur chruthaigh an duine ciontaithe gurb ann do chúis speisialta (a shonróidh sí le linn di a hordú a dhéanamh) ina chás áirithe nó ina chás áirithe féin chun beart den sórt sin a fhírinniú—

- (i) diúltú ordú dícháiliúcháin iarmhartach a dhéanamh, nó
- (ii) tréimhse dhícháiliúcháin is giorra ná 1 bhliain a shonrú san ordú dícháiliúcháin iarmhartach.”.

(2) Tá an t-alt seo arna aisghairm ar thosach feidhme *alt 65(1)*.

**67.**—(1) Leasaítear alt 29 (a cuireadh isteach le halt 7 d’Acht 2006) den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

Leasú ar alt 29 den Phríomh-Acht — deireadh a chur le dícháiliúchán agus aisghairm.

“(4) I gcás go measann cúirt gur cuí é, féadfaidh an chúirt—

- (a) an tréimhse a shonraítear san ordú dícháiliúcháin a dhaingniú, nó
- (b) a ordú go gcuirfear deireadh leis an dícháiliúchán ó dháta sonraithe ar dáta é a fhágfaidh go mbeidh éifeacht leis an dícháiliúchán ar feadh dhá thrian, ar a laghad, den tréimhse a shonraítear san ordú dícháiliúcháin, nó ar feadh tréimhse 2 bhliain, cibé acu is faide.”.

(2) Aisghairtear alt 19 d’Acht 1968.

**68.**—Leasaítear alt 9 d’Acht 2002:

Leasú ar alt 9 d’Acht 2002 — dícháiliú faoin gCoinbhinsiún Eorpach maidir le dícháiliú chun tíomána.

(a) i bhfo-alt (9), trí “nó tar éis an dáta a tháinig an Coinbhinsiún chun bheith infheidhme idir an Stát agus Ballstát eile, trí dhearbhú faoi Airteagal 15.4 den Choinbhinsiún, ag duine a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi sa Bhallstát eile sin,” a chur isteach i ndiaidh “(“an Stát cónaithe”),”,

(b) i bhfo-alt (12)(a)—

- (i) sa mhíniú ar “an Coinbhinsiún” trí “i Lucsamburg” a chur in ionad “sa Bhruiséil”, agus
- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhínithe ar “cion sonraithe”:

“ciallaíonn ‘stát cónaithe’ stát cónaithe duine a rinne cion sonraithe agus a mbaineann an fo-alt seo leis nó léi.”,

agus

(c) sa Dara Sceideal, sa teideal, trí “i Lucsamburg” a chur in ionad “sa Bhruiséil”.

CUID 8

CIONTA TIOMÁNA ÁIRITHE

Tiomáint gan aird,  
tiomáint  
neamhaireach agus  
tiomáint  
chontúirteach, etc.

**69.**—Cuirtear na hailt seo a leanas in ionad ailt 51A, 52 (a cuireadh isteach le hailt 49 agus 50, faoi seach, d’Acht 1968), 53 (arna leasú le halt 51 d’Acht 1968, le halt 49(1)(b) d’Acht 1994 agus le halt 13 d’Acht 2004), 54 (arna leasú le halt 6 d’Acht 1968) agus 55 (arna leasú le halt 52 d’Acht 1968) den Phríomh-Acht:

“Tiomáint gan  
aird chuí.

51A.—(1) Ní thiomáinfidh duine feithicil in áit phoiblí gan aird chuí ar dhaoine eile a bheidh ag úsáid na háite.

(2) Aon duine a sháraíonn fo-alt (1), déanann sé nó sí cion.

Tiomáint  
neamhaireach.

52.—(1) Ní thiomáinfidh duine feithicil in áit phoiblí gan aire cheart agus cúram ceart.

(2) Aon duine a sháraíonn fo-alt (1), déanann sé nó sí cion agus—

(a) i gcás ina bhfuil an sárú ina chúis le bás duine eile nó le mórdhíobháil choirp do dhuine eile dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 2 bhliain nó fíneáil nach mó ná €10,000, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus

(b) in aon chás eile dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 a chur air nó uirthi.

(3) I gcás go bhfuil comhalta den Gharda Síochána den tuairim go ndearna duine cion faoin alt seo agus go raibh an sárú ina chúis le bás duine eile nó le mórdhíobháil choirp do dhuine eile, féadfaidh sé nó sí an duine céadluaite a ghabháil gan bharántas.

Tiomáint  
chontúirteach.

53.—(1) Ní thiomáinfidh duine feithicil in áit phoiblí ar shlí (lena n-áirítear ar luas) atá, nó ar dóigh di a bheith, contúirteach don phobal ag féachaint d’imthosca uile an cháis (lena n-áirítear staid na feithicle, staid agus úsáid na háite agus an méid tráchta atá san áit, nó a bhféadfaí le réasún a bheith ag súil go mbeadh sé ann, an uair sin).

(2) Aon duine a sháraíonn fo-alt (1), déanann sé nó sí cion agus—

(a) i gcás ina bhfuil an sárú ina chúis le bás duine eile nó le mórdhíobháil choirp do dhuine eile dlífear, ar é nó í a chiontú ar díotáil, príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana nó fíneáil nach mó ná €20,000, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus



(b) in aon chás eile dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(3) In ionchúiseamh i leith ciona faoin alt seo nó faoi alt 52, ní cosaint é a shuíomh nár mhó an luas ar a raibh an duine cúisithe ag tiomáint ná luasteorainn a bhfuil feidhm aici i ndáil leis an bhfeithicil nó leis an mbóthar, cibé acu is ísle, faoi Chuid 2 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 2004.

(4) Más rud é, nuair a thriailtear duine ar dftóil nó go hachomair i leith ciona faoin alt seo, go bhfuil an giúiré, nó i gcás trialach achoimre, an Chúirt Dúiche, den tuairim nach ndearna sé nó sí cion faoin alt seo ach go ndearna sé nó sí cion faoi alt 52, féadfaidh an giúiré nó an chúirt é nó í a fháil ciontach i gcion faoi alt 52, agus féadfar pianbhreith a chur air nó uirthi dá réir sin.

(5) I gcás go bhfuil comhalta den Gharda Síochána den tuairim go ndearna duine cion faoin alt seo, féadfaidh sé nó sí an duine a ghabháil gan bharántas.

Feithicil ar a bhfuil locht contúirteach a thiomáint.

54.—(1) I gcás ina dtiomáintear feithicil inneallghluaiste in áit phoiblí agus locht ar an bhfeithicil is eol don duine atá ag tiomáint na feithicle agus, i gcás nach é nó í úinéir na feithicle an duine atá ag tiomáint na feithicle, dá húinéir, nó a d'fhéadfadh sé nó sí a fháil amach dá nglacadh sé nó sí gnáthaire agus ar locht é a fhágann gur contúirt don phobal an fheithicil agus í ag gluaiseacht, déanann an duine sin agus an t-úinéir sin araon cion.

(2) I gcás ina gcúisítear duine i gcion faoin alt seo, is cosaint ar an gcúiseamh dó nó di a shuíomh gur duine eile a bhí ag tiomáint na feithicle ar an ócáid atá i gceist agus nár údaráíodh an tiomáint sin.

(3) Aon duine a dhéanann cion faoin alt seo dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(4) In ionchúiseamh i leith ciona faoin bhfo-alt seo, is cosaint é má chruthaíonn an cosantóir gurbh é nó í fostaí an úinéara chláráithe é nó í ar an ócáid atá i gceist agus go raibh sé nó sí ag baint úsáid as an bhfeithicil i gcomhlíonadh orduithe sainráite ón úinéir.

Feithicil a  
locadh i  
suíomh  
contúirteach.

55.—(1) Ní dhéanfaidh duine feithicil a locadh in áit phoiblí más rud é, ar í a bheith lochta amhlaidh, gur dóigh don feithicil a bheith ina cúis le contúirt do dhaoine eile a bheidh ag úsáid na háite sin.

(2) Aon duine a sháraíonn fo-alt (1), déanann sé nó sí cion agus, ar é nó í a chiontú go hachomair—

(a) dlífeair—

(i) i gcás an chéad chiona, i gcás inar thréimhse laistigh d'uaireanta soilsiúcháin (arna ndearbhú le rialacháin faoi alt 11) nár chomhlíon an feithicil lena linn na ceanglais a fhorchuirtear le dlí maidir le soilsiúchán agus le frithchaiteoirí aon chuid de thréimhse an tsáraithe, nó

(ii) i gcás an dara cion nó aon chion dá éis sin,

fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná mí amháin, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus

(b) in aon chás eile, fíneáil nach mó ná €2,000 a chur air nó uirthi.

(3) I gcás go bhfuil comhalta den Gharda Síochána den tuairim go bhfuil cion á dhéanamh nó déanta ag duine faoin alt seo, féadfaidh sé nó sí an duine a ghabháil gan bharántas.”.

Aisghairm — Cuid  
8.

70.—Aisghairtear iad seo a leanas:

(a) alt 35 den *Offences against the Person Act* 1861,

(b) ailt 49 go 52 d'Acht 1968,

(c) alt 13 d'Acht 2004, agus

(d) an ní ag uimhreacha tagartha 11 go 16 i gCuid 1 den Tábla a ghabhann le halt 18 d'Acht 2006.

## CUID 9

### ILGHNÉITHEACH

Mínithe — an  
Príomh-Acht.

71.—Leasaítear alt 3(1) den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “an tAire”:

“ciallaíonn ‘Aire’ an tAire Iompair;”,

agus

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíithe ar “údarás bóithre”:

“ciallaíonn ‘údarás bóithre’—

- (a) comhairle contae dá dtagraítear i gCuid 1 de Sceideal 5,
- (b) comhairle cathrach dá dtagraítear i gCuid 2 de Sceideal 5,
- (c) comhairle buirge dá dtagraítear i gCaibidil 1 de Chuid 1 de Sceideal 6, nó
- (d) comhairle baile dá dtagraítear i gCaibidil 2 de Chuid 1 de Sceideal 6,

a ghabhann leis an Acht Rialtais Áitiúil 2001;”,

agus

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an mhíithe ar “úsáid”:

“ciallaíonn ‘feithicil’ feithicil inneallghluaiste, feithicil ainmhi-tharraingthe nó rothar cos;”.

**72.**—Leasaítear alt 3 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

Tiomáint nó bheith i bhfeighil feithicle inneallghluaiste atá éagumasaithe go substaintiúil.

“(2) I gcás ina bhfuil feithicil a bheadh, ar leith ón bhfo-alt seo, ina feithicil inneallghluaiste, chomh héagumasaithe sin (mar gheall ar iombhualadh, cliseadh nó an t-inneall nó cuid ríthábhachtach eile dá shamhail sin a thabhairt aisti) nach féidir í a inneallghluaiseacht feasta, measfar—

- (a) chun críocha na *nAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010*, más mar gheall ar iombhualadh atá sí éagumasaithe, go leanann sí de bheith ina feithicil inneallghluaiste, agus
- (b) chun gach críche eile de chuid an Achta seo nach feithicil inneallghluaiste í.”.

**73.**—Leasaítear alt 69 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (3) go (5):

Deimhniú árachais nó ráthaíochta a thabhairt ar aird.

“(3) I gcás go ndéanann duine deimhniú a thabhairt ar aird do chomhalta den Gharda Síochána faoin alt seo ach go ndiúltaíonn nó go mainníonn sé nó sí a cheadú don chomhalta é a léamh agus a scrúdú, déanann sé nó sí cion agus féadfaidh an comhalta a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh agus a dháta breithe nó a dáta breithe a éileamh air nó uirthi.

(4) I gcás go ndiúltaíonn nó go mainníonn duine a n-éilítear a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh nó a dháta breithe nó a dáta breithe air nó uirthi faoi fho-alt (3) a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh nó a dháta breithe nó a

dáta breithe a thabhairt nó má thugann sé nó sí ainm nó seoladh nó dáta breithe atá bréagach nó míthreorach, déanann sé nó sí cion.

(5) Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána na daoine seo a leanas a ghabháil gan bharántas—

- (a) duine a thugann deimhniú ar aird don chomhalta faoin alt seo ach a dhiúltaíonn nó a mhainníonn a cheadú don chomhalta é a léamh, nó
- (b) duine a dhiúltaíonn nó a mhainníonn, nuair a éilíonn an comhalta a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh nó a dháta breithe nó a dáta breithe air nó uirthi go dleathach faoin alt seo, a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh nó a dháta breithe nó a dáta breithe a thabhairt don chomhalta nó a thugann ainm nó seoladh nó dáta breithe don chomhalta a bhfuil forais réasúnacha ag an gcomhalta lena chreidiúint go bhfuil sé bréagach nó míthreorach.”.

Síniú iarratasóra —  
ceadúnas tiomána,  
etc.

74.—I gcás go ndéanann duine iarratas—

- (a) ar dheimhniú tástála teoirice faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tiománaithe a Cheadúnú) 2003 (I.R. Uimh. 52 de 2003) (arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Tástálacha Teoiriciúla Tiomána) (Leasú) 2006 (I.R. Uimh. 538 de 2006)), chuig an tSeirbhís um Thástáil Teoirice Tiomána,
- (b) ar dheimhniú inniúlachta, chuig údarás eisiúna, nó
- (c) ar cheadúnas tiomána Éireannach, chuig údarás ceadúnúcháin,

féadfaidh an tSeirbhís nó an t-údarás, de réir mar a bheidh—

- (i) grianghraf den iarratasóir nó cóip de shíniú an iarratasóra a thógáil,
- (ii) cóip (lena n-áirítear cóip dhigiteach) den síniú agus den ghrianghraf a choimeád agus féadfar an chóip sin a aistriú chuig an taifead ceadúnais a bhaineann leis an iarratasóir agus a choimeád air,
- (iii) cóip den síniú agus den ghrianghraf a chur ar aon deimhniú tástála teoirice nó deimhniú inniúlachta arna eisiúint nó ar aon cheadúnas tiomána nó cead foghlaimora arna dheonú, agus
- (iv) cóip dhigiteach de shíniú agus de ghrianghraf an iarratasóra a stóráil ar aon mhicrishlis ar cheadúnas tiomána nó ar cead foghlaimora a dheonaíonn an tSeirbhís nó an t-údarás don iarratasóir.

**75.**—(1) Féadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh á cheangal ar dhaoine a dhéanann iarratas ar cheadúnas faoi alt 1 den Acht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithicil) 1952 i leith feithicle inneallghluaiste—

Deimhniú tástála a thabhairt ar aird nuair a bheidh feithicil inneallghluaiste á ceadúnú faoi alt 1 den Acht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithicil) 1952.

(a) cibé dearbhú a dhéanamh agus cibé fianaise a thabhairt ar aird is gá chun a thaispeáint an feithicil lena mbaineann alt 18 den Phríomh-Acht an fheithicil nó nach ea, agus

(b) i gcás gur feithicil den sórt sin í, deimhniú tástála a thabhairt ar aird nó fianaise ar dheimniú den sórt sin a sholáthar ar deimhniú é a bheidh i bhfeidhm i leith na feithicle nuair a thagann an ceadúnas i ngníomh.

(2) Aisghairtear mír (b) d’alt 123 den Phríomh-Acht.

**76.**—Leasaítear alt 47 (a cuireadh isteach le halt 11 d’Acht 2004) den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

Leasú ar alt 47 den Phríomh-Acht — cion an luasteorainn a shárú.

“(2A) In ionchúiseamh i leith ciona faoin alt seo toimhdeofar, go dtí go suífidh an cosantóir a mhalairt, gurb í an luasteorainn a léirítear ar shín tráchta an luasteorainn a cuireadh chun feidhme faoin Acht seo maidir leis an mbóthar an tráth a líomhnaítear go ndearnadh an cion.”

**77.**—(1) Leasaítear Cuid VI den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 78:

Árachóirí feithicle do sholáthar mionsonraí i dtaobh polasaithe árachais gluaisteán.

“78A.—(1) Déanfaidh árachóir feithicle mionsonraí i dtaobh polasaithe árachais gluaisteán nua a eisíonn sé agus polasaithe árachais gluaisteán láithreacha a chealaíonn sé, a mhéid a bhaineann siad le cumhdach tríú páirtí, a chur ar fáil don Aire Iompair, don Gharda Síochána agus d’Oifig Árachóirí Gluaisteán na hÉireann laistigh de 5 lá oibre.

(2) San fho-alt seo, ciallaíonn ‘polasaithe árachais gluaisteán’ polasaithe árachais formheasta (de réir bhrí alt 62) a eisíonn árachóir feithicle.”

(2) Cúlghairtear fo-airteagal (4) d’airteagal 9 de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Árachas Éigeantach) 1962 (I.R. Uimh. 14 de 1962).

**78.**—(1) Leasaítear alt 95 (arna leasú le halt 37 d’Acht 1994) den Phríomh-Acht—

Síneacha rialaitheacha.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) (a) Féadfaidh údarás bóithre cibé síneacha eolais agus síneacha rabhaidh is dóigh leo is inmhianaithe a sholáthar i leith bóithre poiblí atá faoina gcúram.

(b) Féadfaidh údarás bóithre, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir, cibé síneacha rialaitheacha is dóigh leo is inmhianaithe a sholáthar i leith bóithre poiblí atá faoina gcúram.”

(b) trí fho-alt (4) a scriosadh, agus

(c) i bhfo-alt (5), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(5) (a) Déanfaidh údarás bóithre cibé síneacha rialaitheacha a iarrfaidh an Coimisinéir a sholáthar, sna hionaid a thaispeánfaidh an Coimisinéir, i leith bóithre poiblí atá faoina gcúram agus déanfaidh siad, maidir le haon síneacha tráchta arna soláthar amhlaidh, aon aistrithe tréimhsiúla ó áit go háit a chur i gcrích mar aon le haon athruithe agus aon díchur a iarrfaidh an Coimisinéir.”.

(2) Maidir le síneacha rialaitheacha a soláthraíodh d’údarás bóithre nó a sholáthair údarás bóithre roimh thosach feidhme an ailt seo, meastar gur soláthraíodh iad faoi alt 95 den Phríomh-Acht arna leasú leis an alt seo.

Dualgas faisnéis a thabhairt ar éileamh ó chomhalta den Gharda Síochána.

**79.**—Cuirtear an t-alt seo a leanas in ionad alt 107 den Phríomh-Acht:

“107.—(1) I gcás ina líomhnaíonn comhalta den Gharda Síochána le duine atá ag baint úsáid as feithicil inneallghluaiste go bhfuil an comhalta in amhras go ndearna an duine sin cion sonraithe faoin Acht seo, féadfaidh an comhalta a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh agus a dháta breithe nó a dáta breithe a éileamh ar an duine sin agus, má dhiúltaíonn nó má mhainníonn an duine sin a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh nó a dháta breithe nó a dáta breithe a thabhairt nó má thugann sé nó sí ainm nó seoladh nó dáta breithe a bhfuil forais réasúnacha ag an gcomhalta chun a chreidiúint go bhfuil sé bréagach nó míthreorach, féadfaidh sé nó sí an duine sin a ghabháil gan bharántas.

(2) I gcás ina bhfuil forais réasúnacha ag comhalta den Gharda Síochána chun a chreidiúint go ndearnadh cion faoin Acht seo agus nach bhfuil a marc aitheantais faoin *Roads Act* 1920, faoi alt 131(5) den Acht Airgeadais 1992 nó faoi aon achtachán eile, ar an bhfeithicil ar i ndáil léi a rinneadh an cion, féadfaidh an comhalta an duine, a bhfuil forais réasúnacha ag an gcomhalta chun a chreidiúint go raibh sé nó sí ag baint úsáid as an bhfeithicil an uair a chreidtear amhlaidh a rinneadh an cion, a ghabháil gan bharántas.

(3) Más rud é, nuair a éilítear a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh nó a dháta breithe nó a dáta breithe ar dhuine faoin alt seo, go ndiúltaíonn nó go mainníonn sé nó sí a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh nó a dháta breithe nó a dáta breithe a thabhairt nó go dtugann sé nó sí ainm nó seoladh nó dáta breithe atá bréagach nó míthreorach, déanann sé nó sí cion.

(4) I gcás go bhfuil forais réasúnacha ag comhalta den Gharda Síochána chun a chreidiúint go ndearnadh cion faoin Acht seo a raibh baint aige le feithicil inneallghluaiste a úsáid—

(a) inseoidh úinéir na feithicle, má cheanglaíonn an comhalta air nó uirthi é, cibé acu a bhí nó nach raibh sé nó sí ag baint úsáid as an bhfeithicil iarbhír an

tráth ábhartha agus, má mhainníonn sé nó sí déanamh amhlaidh, déanann sé nó sí cion,

(b) má insíonn úinéir na feithicle nach raibh sé nó sí ag baint úsáid as an bhfeithicil iarbhír an tráth ábhartha, tabharfaidh sé nó sí cibé faisnéis a cheanglóidh an comhalta air nó uirthi a thabhairt i dtaobh cérbh é nó í an duine a bhí ag baint úsáid aisti an tráth sin agus, má mhainníonn sé nó sí déanamh amhlaidh, déanann sé nó sí cion mura suíonn sé nó sí chun sástacht na cúirte nach raibh a fhios aige nó aici agus nach bhféadfadh sé nó sí, le dúthracht réasúnach, a fháil amach cérbh é nó í an duine sin, nó

(c) tabharfaidh aon duine seachas úinéir na feithicle, má cheanglaíonn an comhalta air nó uirthi é, aon fhaisnéis atá ar a chumas nó ar a cumas a thabhairt agus a chuideoidh chun an duine a bhí ag baint úsáid as an bhfeithicil iarbhír an tráth ábhartha a chéannú agus, má mhainníonn sé nó sí déanamh amhlaidh, déanann sé nó sí cion.

(5) Aon duine a dhéanann cion faoin alt seo dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €2,000 a chur air nó uirthi.”.

**80.**—Déantar an t-alt seo a leanas a chur in ionad alt 108 den Phríomh-Acht:

Ceart chun ainm agus seoladh, etc., rothaí cos a éileamh.

“108.—Féadfaidh comhalta den Gharda Síochána a éileamh ar dhuine atá i bhfeighil rothair cos agus a bhfuil an comhalta in amhras go ndearna sé nó sí aon choir nó cion nó go raibh baint nó páirt aige nó aici le hiombhualadh nó le teagmhas eile in áit phoiblí a bhí ina chúis le díobháil do dhuine nó do mhaoín, ainm agus seoladh agus dáta breithe an duine sin a thabhairt agus, má dhiúltaíonn nó má mhainníonn duine den sórt sin a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh nó a dháta breithe nó a dáta breithe a thabhairt nó má thugann sé nó sí ainm nó seoladh nó dáta breithe a bhfuil forais réasúnacha ag an gcomhalta chun a chreidiúint go bhfuil sé bréagach nó míthreorach, féadfaidh an comhalta an rothar a thógáil, trí fhorneart réasúnach á úsáid más gá, agus é a choimeád go dtí gur deimhin leis nó léi cé hé nó cé hí an duine sin.”.

**81.**—(1) Maidir leis an dualgas chun cruthúnas *prima facie* ar chomhábhar ciona a shuíomh (lena n-áirítear an luas ar a raibh duine, cibé acu an cúisí nó duine eile, ag tiomáint) faoi alt 47, 52, 53, 55, 91, 92, 93 nó 94 den Phríomh-Acht, faoi alt 35 d’Acht 1994 nó faoi alt 138 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005, féadfar é a chomhall trí fhianaise a thairiscint, as ar féidir an comhábhar sin a bhaint mar thátal, ar thomhais nó ar léirithe eile a tugadh—

Fianaise i ndáil le tiomáint ar luas agus cionta áirithe eile.

(a) le gléas leictreonach nó gléas eile (lena n-áirítear ceamara) atá in ann taifead buan a sholáthar (lena n-áirítear amharcthaifead buan) agus ar tomhais nó léirithe eile iad atá i dtaifead den sórt sin a táirgeadh leis an ngléas sin, nó

(b) le gléas leictreonach nó gléas eile (lena n-áirítear gunna radair) nach bhfuil in ann buantairfead a tháirgeadh.

Ní gá a chruthú go raibh an gléas leictreonach nó an gléas eile cruinn nó in ordú maith oibre.

(2) In imeachtaí i leith ciona dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—

(a) aon doiciméad—

- (i) a airbheartaíonn gur taifead, nó gur cóip de thaifead, dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* é nach amharcthaifead buan, agus a bheith sínithe ag comhalta den Gharda Síochána, nó
- (ii) a airbheartaíonn gur taifead, nó gur cóip de thaifead, dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* é is amharcthaifead buan, agus a bheith eisithe ag comhalta den Gharda Síochána, nó ag oifig nó aonad riaracháin de chuid an Gharda Síochána a bheidh ainmnithe ag an gCoimisinéir chuige sin, nó ag duine a bheidh údaraithe faoi chomhaontú faoi *fho-alt (7)*, nó thar ceann an chéanna,

agus

(b) a bhfuil ráiteas formhuinthe air sa chéill gurb é an taifead sin é, nó gur cóip den taifead sin é,

beidh sé ina fhianaise *prima facie* sna himeachtaí sin ar na léirithe nó ar na tomhais atá sa taifead. Ní gá an síniú ar an doiciméad a chruthú ná ní gá a chruthú gur chomhalta den Gharda Síochána an sínitheoir ná ní gá a chruthú gur eisíodh an doiciméad amhlaidh, de réir mar a bheidh.

(3) Déanfar cóip den doiciméad dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* a thabhairt don duine cúisithe sula dtosófar ar an gcion lena mbaineann a thriail.

(4) Maidir leis an ngléas leictreonach, nó leis an ngléas eile, dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*—

(a) is é a bheidh ann gléas de chineál—

- (i) a cheadaigh an Coimisinéir nó comhalta eile den Gharda Síochána nach ísle céim ná Príomh-Cheannfort arna údarú nó arna húdarú chuige sin ag an gCoimisinéir, nó
- (ii) a cheadaigh príomh-oifigeach feidhmiúcháin an Údaráis um Bóithre Náisiúnta nó oifigeach eile don Údarás sin arna údarú nó arna húdarú go cuí chuige sin ag an oifigeach céadluaite,

agus

(b) i gcás gléis dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)*, beidh sé in ann taifead a tháirgeadh ar na tomhais nó ar na léirithe eile dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*.

Ní gá a chruthú gur gléas de chineál a cheadaíodh amhlaidh an gléas.

(5) In imeachtaí i leith ciona dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, más cuid den chruthúnas ar an gcion cruthúnas ar an luas ar a raibh duine (cibé acu an cúisí nó duine eile) ag tiomáint, ní ghlacfar gan



chomhthacaíocht, mar chruthúnas ar an luas sin, le fianaise ó fhinné amháin ina luafaidh sé nó sí a thuairim nó a tuairim maidir leis an luas.

(6) In imeachtaí i leith ciona dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* toimhdeofar, go dtí go suífear a mhalairt—

(a) maidir leis an ngléas leictreonach nó leis an ngléas eile a úsáideadh chun fianaise a thairiscint, go ndearna comhalta den Gharda Síochána nó duine arna údarú nó arna húdarú faoi chomhaontú faoi *fho-alt (7)* é a sholáthar agus a chothabháil, agus

(b) go ndearna comhalta den Gharda Síochána nó duine arna údarú nó arna húdarú faoi chomhaontú faoi *fho-alt (7)* taifid arna dtáirgeadh leis an ngléas sin a fhorbairt, a tháirgeadh agus a bhreathnú.

(7) (a) Trí chomhaontú i scríbhinn arna dhéanamh le haon duine, ar cibé téarmaí agus coinníollacha a shonrófar sa chomhaontú, a mbeidh ar áireamh orthu coinníoll gur feidhm de chuid comhalta den Gharda Síochána nach ísle céim ná Ceannfort na suímh ina n-oibreofar trealamh a chinneadh, féadfaidh an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí foráil a dhéanamh maidir leis an duine sin nó le daoine eile a údarú chun críocha *fho-alt (2)*, agus maidir leis na daoine údraithe sin do chomhlíonadh aon fheidhme a shonrófar sa chomhaontú agus a bhainfidh le cruthúnas *prima facie* ar chomhábhar ciona a shuíomh, lena n-áirítear trealamh a sholáthar, a chothabháil agus a oibriú agus taifid arna dtáirgeadh leis an trealamh sin a fhorbairt, a tháirgeadh agus a bhreathnú agus tomhais nó léirithe eile a tháirgeadh as ar féidir comhábhar ciona a bhaint mar thátal.

(b) Féadfaidh feidhm a bheith ag comhaontú dá dtagraítear i *mír (a)* maidir le comhlíonadh na bhfeidhmeanna uile nó aon cheann de na feidhmeanna a shonraítear sa chomhaontú sin.

(c) Tá feidhm ag alt 14(2), (3) agus (4) d’Acht 2002 maidir le haon chomhaontú arna dhéanamh ag an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí faoin bhfo-alt seo.

(8) Féadfaidh comhalta d’fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána na feidhmeanna a chomhlíonadh a bhaineann le cruthúnas *prima facie* ar chomhábhar ciona a shuíomh lena n-áirítear taifid arna dtáirgeadh leis an trealamh sin a fhorbairt, a tháirgeadh agus a bhreathnú agus tomhais nó léirithe eile a tháirgeadh as ar féidir comhábhar ciona a bhaint mar thátal.

(9) Sa Chuid seo—

ciallaíonn “comhalta d’fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána” duine arna cheapadh nó arna ceapadh nó arna ainmniú nó arna hainmniú mar dhuine arna aistriú nó arna haistriú faoi alt 19 d’Acht an Gharda Síochána 2005;

folaíonn “comhalta den Gharda Síochána”, seachas i *bhfo-alt (3)* nó (7), comhalta d’fhoireann shibhialtach an Gharda Síochána;

folaíonn “amharcthaifead buan” grianghraf;

ciallaíonn “gunna radair” gléas—

- (a) a fhéadfar a úsáid chun luas ruda ghluaiste (ar nós mótarfheithicle) a thomhas trí chomhartha ón ngléas a dhíriú ar an rud, agus, má dhéantar an comhartha a fhrithechaitheamh den rud, go nglacann an gléas an comhartha frithchaite ina dhiaidh sin, agus
- (b) atá in ann luas an ruda a thomhas agus an luas a thaispeáint ar an ngléas;

folaíonn “taifead” amharcthaifead is féidir a stóráil go buan ar an ngléas lena mbaineann.

(10) Aisghairtear iad seo a leanas:

- (a) alt 21 d’Acht 2002,
- (b) alt 15 d’Acht 2004, agus
- (c) alt 17 d’Acht 2006.

Costas ionchúiseamh — cionta tráchta bóthair.

**82.**—(1) I gcás ina gciontaítear duine i gcion faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010* arna dhéanamh tar éis thosach feidhme an ailt seo, déanfaidh an chúirt, mura deimhin léi go bhfuil cúiseanna speisialta substaintiúla ann gan déanamh amhlaidh, a ordú don duine go n-íocfaidh sé nó sí leis an gcúirt na costais agus na caiteachais, arna dtomhas ag an gcúirt, a tabhaíodh i ndáil leis an gcion a imscrúdú, a bhrath agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear costais agus caiteachais a tabhaíodh maidir le samplaí a thógáil agus tástálacha, scrúduithe agus anailísí a dhéanamh.

(2) Déanfar íocaíochtaí faoi *fho-alt (1)* a dhiúscairt ar cibé modh a fhorordófar.

Feidhmeanna Choimisinéir an Gharda Síochána.

**83.**—(1) Déanfar aon tagairt don Choimisinéir sna *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010* nó in Achtanna na mBóithre 1993 go 2007 a léamh mar thagairt don Choimisinéir nó do chomhalta eile den Gharda Síochána nach ísle céim ná Príomh-Cheannfort arna údarú nó arna húdarú ag an gCoimisinéir chun gníomhú thar a cheann nó thar a ceann nó chun feidhm nó ceanglas a chomhall thar a cheann nó thar a ceann.

(2) Aisghairtear alt 28 d’Acht 2004.

Leasú ar alt 15 d’Acht 1968 — pionóis áirithe a mhéadú.

**84.**—Cuirtear an Tábla seo a leanas in ionad an Tábla (a cuireadh isteach le halt 23(2) d’Acht 2002) a ghabhann le halt 15 d’Acht 1968:

“AN TÁBLA

I gcás nach lú ná 1,000 cileagram ach gur lú ná 2,000 cileagram an breismheáchan	€500
I gcás nach lú ná 2,000 cileagram ach gur lú ná 3,000 cileagram an breismheáchan	€1,000
I gcás nach lú ná 3,000 cileagram ach gur lú ná 4,000 cileagram an breismheáchan	€1,500
I gcás nach lú ná 4,000 cileagram ach gur lú ná 5,000 cileagram an breismheáchan	€3,000
I gcás gur 5,000 cileagram nó níos mó an breismheáchan	€5,000

”.

85.—Leasaítear alt 18(2) d’Acht 1968—

Rialacháin —  
teagascóirí tiomána  
a rialú.

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) teagascóirí tiomána a cheadúnú (lena n-áirítear diúltú ceadúnas a dheonú agus ceadúnas a chúlghairm agus a fhionraí);

(aa) plátaí agus suaitheantais a eisiúint chuig teagascóirí tiomána ceadúnaithe (lena n-áirítear diúltú pláta nó suaitheantas a eisiúint agus pláta nó suaitheantas a tharraingt siar);

(aaa) achomhairc ó iarratasóir ar diúltaíodh ceadúnas nó suaitheantas nó pláta dó nó di, ó shealbhóir ceadúnais a ndearnadh a cheadúnas nó a ceadúnas a chúlghairm nó a fhionraí agus ó shealbhóir ar phláta nó suaitheantas a tarraingíodh siar;”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (d):

“(da) infheidhmeacht iarratasóirí ar cheadúnais teagascóra tiomána;”,

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (i):

“(j) na saoráidí agus na coinníollacha a ghabhann leo, an trealamh agus na hacmhainní nach mór do theagascóirí tiomána a bheith acu agus a chomhlíonadh;

(k) teagascóirí tiomána ceadúnaithe do thaispeáint aon phláta nó suaitheantais le linn treoracha a thabhairt ar luaíocht;

(l) aon cheadúnais nó suaitheantais arna n-eisiúint faoi Rialacháin faoin alt seo a thabhairt ar aird do chomhalta den Gharda Síochána nó d’oifigeach don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre lena n-iniúchadh;

(m) comhalta den Gharda Síochána nó oifigeach don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre do dhéanamh scrúdú nó iniúchadh ar thaifid faoi rialacháin faoin alt seo;

(n) comhalta nó oifigeach den sórt sin do choinneáil feithicle agus do dhéanamh scrúdú uirthi chun críocha rialachán faoin alt seo;

(o) nithe chun críocha fho-alt (8).”,

agus

(d) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

“(7) Aon duine a sháraíonn nó nach gcomhlíonann rialachán faoin alt seo a ndeirtear gur pianrialachán é, déanann sé nó sí cion agus dlífear, ar é nó í a chiontú go hachomair—

(a) i gcás rialachán a shárú ar rialachán é—

(i) lena dtoirmiscear nó lena sriantar teagasc ar luaíocht a thabhairt ag duine seachas teagascóir tiomána ceadúnaithe nó lena dtoirmiscear duine den sórt sin a fhostú le teagasc a thabhairt ar luaíocht, nó

(ii) lena dtoirmiscear ar dhuine seachas teagascóir tiomána ceadúnaithe a chur in iúl gur teagascóir tiomána ceadúnaithe é nó í nó lena dtoirmiscear ar dhuine a fhostaíonn teagascóir tiomána seachas teagascóir tiomána ceadúnaithe a chur in iúl gur teagascóir tiomána ceadúnaithe an teagascóir tiomána sin,

fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 3 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, agus

(b) i gcás aon sárú nó mainneachtain eile, fíneáil nach mó ná €2,000 a chur air nó uirthi.

(8) I gcás go gciontaítear duine i gcion faoi fho-alt (7)—

(a) más iarratasóir ar cheadúnas faoi rialacháin faoin alt seo an duine, toirmiscear air nó uirthi ceadúnas den sórt sin a shealbhú, nó

(b) más sealbhóir ar cheadúnas den sórt sin an duine, déantar an cheadúnas a chúlghairm sna himthosca arna bhforordú faoin alt seo nó a chur ar fionraí,

ar feadh na tréimhse dá dtagraítear i rialacháin faoin alt seo agus féadfar tréimhsí éagsúla a fhorordú i ndáil le sárúithe éagsúla.”.

Luasteorainneacha speisialta.

**86.**—Leasaítear alt 9(2) d’Acht 2004 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) (i) 30 ciliméadar san uair, agus

(ii) 40 ciliméadar san uair,

i leith bóthair nó bóithre de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire faoin alt seo.”.

**87.**—(1) Maidir le ceanglais faoi na *hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2010* a bhaineann le feithiclí agus maidir le ceanglais, srianta agus toirmisc a bhaineann le feithiclí a thiomáint agus a úsáid, seachas iad sin dá bhforáiltear faoi ailt 49, 50, 51A, 52 agus 53 den Phríomh-Acht, ailt 12, 13 agus 15 d’Acht 1994 agus ailt 4, 5, 12 agus 14 den Acht seo, níl feidhm acu—

Díolúintí d’feithiclí éigeandála.

(a) maidir le comhalta den Gharda Síochána, de sheirbhís otharchairr nó de bhriogáid dóiteáin de chuid údarás dóiteáin (de réir bhrí an Achta Seirbhísí Dóiteáin 1981) do thiomáint nó d’úsáid feithicle i gcomhlíonadh dhualgais an chomhalta sin, ná

(b) maidir le duine do thiomáint nó d’úsáid feithicle faoi stiúradh comhalta den Gharda Síochána,

i gcás nach gcuireann an úsáid sin sábháilteacht lucht úsáidte bóithre i mbaol.

(2) Aisghairtear alt 27 d’Acht 2004.

**88.**—Leasaítear alt 30 d’Acht 2004 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

Pionós — feithicil inneallghluaiste a sholáthar do mhionaoiseach.

“(2) Aon duine a sháraíonn fo-alt (1), déanann sé nó sí cion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €5,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.”.

**89.**—Leasaítear alt 35 (arna leasú le halt 12(4)(b) d’Acht na mBóithre 2007) d’Acht 1994 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

Ceadanna ó údarás áitiúla a chur ar taispeáint.

“(7) I gcás ina ndéantar foráil le rialacháin faoin alt seo chun ceadanna a eisiúint de réir mar a fhoráiltear faoi fho-alt (2)(t), féadfar a shonrú sna rialacháin an modh ar a bhfuil an cead nó achomaireacht air nó léiriú ar a eisiúint le cur ar taispeáint ar an bhfeithicil lena mbaineann, nó ar aon leantóir nó coimeádán atá i gceangal léi.”.

**90.**—Leasaítear alt 41(3) d’Acht 1994 trí “3 seachtaine” a chur in ionad “6 seachtaine”.

Feithiclí a choinneáil.

**91.**—Aisghairtear alt 13 d’Acht 2002.

Aisghairm.

**92.**—Leasaítear alt 33 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3A) (a cuireadh isteach le halt 21 d’Acht 1968):

Deimhnihe inniúlachta — díosca cánach agus deimhniú tástála a chur ar taispeáint.

“(3B) Ní dhéanfaidh údarás eisiúna, ná ní chuirfidh sé faoi deara go ndéanfar, tástáil le haghaidh deimhniú inniúlachta mura gcuirtear na nithe seo a leanas ar taispeáint ar ghaothscáth tosaigh na feithicle inneallghluaiste ina bhfuil an tástáil le déanamh—

- (a) ceadúnas a baineadh amach faoi alt 1 den Acht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí) 1952, nó
- (b) i gcás inar feithicil lena mbaineann alt 18 an fheithicil, deimhniú tástála,

atá i bhfeidhm de thuras na huairé i leith na feithicle.

(3C) Mura ndéantar ceadúnas nó deimhniú tástála dá dtagraítear i bhfo-alt (3B) a chur ar taispeáint de réir an fho-ailt sin, diúltaítear don iarratas ar dheimhniú inniúlachta agus tá aon táille a íocadh i leith an iarratais ar forghéilleadh.”.